Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14217/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0293 (COD)**

**CLIMA 302**
**ENV 918**
**TRANS 466**
**MI 807**
**CODEC 1787**
**IA 178**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Samhain 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 676 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí CO2 ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 676 final.

---

Faoi iamh: COM(2017) 676 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2017
COM(2017) 676 final

2017/0293 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2017) 650 final} - {SWD(2017) 651 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an earnáil mótarfheithiclí don Aontas Eorpach toisc go gcuireann sé poist ar fáil do níos mó ná 12 mhilliún duine i réimsí na monaraíochta, an díolacháin, na cothabhála agus an iompair. Tá athruithe ó bhonn á ndéanamh faoi láthair ar thionscal gluaisteán an Aontais Eorpaigh, ar cuid den earnáil dhomhanda mótarfheithiclí é. Mar thoradh ar an digitiú agus an uathoibriú, tá athruithe ag teacht ar phróisis monaraíochta thraidisiúnta. Is dúshláin mhóra iad an nuálaíocht i gcás gléasraí cumhachta leictrithe, an uath-thiomáint agus feithiclí nasctha, agus d'fhéadfaidís an earnáil a athrú ó bhonn. Ina theannta sin, tháinig laghdú de thart ar 33 % go 20 % ar sciar an Aontais den mhargadh gluaisteán ó thaobh díolacháin dhomhanda de le deich mbliana anuas, rud atá ag cur brú breise ar thionscal an Aontais teacht ar mhargaí nua.

Mar thoradh ar Chomhaontú Pháras[1], tá gealltanas tugtha ag an domhan go n-aistreoidh sé chuig geilleagar ísealcharbóin. Faoi láthair, is minic a bhíonn beartais le haghaidh iompar ísealcharbóin, lena n-áirítear caighdeáin feithiclí, i dteannta bearta chun cáilíocht an aeir a fheabhsú, á gcur chun feidhme ag cuid mhór tíortha. Go dtí seo, b'uirlis bhunúsach na caighdeáin laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ a bhí i bhfeidhm san Eoraip le haghaidh gluaisteán agus veaineanna chun nuálaíocht agus infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin a bhrú chun cinn. Ach anois, in éagmais caighdeáin níos déine don tréimhse tar éis 2020, tá baol ann go gcaillfidh an tAontas Eorpach an cheannaireacht theicneolaíoch atá aige, go háirithe i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, i bhfianaise an dul chun cinn an-tapa atá á dhéanamh ag na Stáit Aontaithe, an tSeapáin, an Chóiré Theas agus an tSín.

Tá an tSín díreach i ndiaidh cuótaí éigeantacha a thabhairt isteach do mhonaróirí gluaisteán i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a thiocfaidh i bhfeidhm ó 2019 ar aghaidh. Sna Stáit Aontaithe, d'éirigh le California agus naoi stát eile ionstraim rialála a chur ar bun chun cur leis an úsáid a bhaintear as feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha. Is léir an tábhacht straitéiseach a bhaineann le feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha le haghaidh monaróirí gluaisteán ón iliomad fógraí a rinneadh le déanaí a thugann le fios go dtiocfaidh méadú suntasach ar an sciar de na gléasraí cumhachta leictrithe ina ndíolacháin dhomhanda sna blianta atá amach romhainn. Ní mór do thionscal mótarfheithiclí an Aontais Eorpaigh a bheith ina cheannaire domhanda sna teicneolaíochtaí nua seo, mar is amhlaidh faoi láthair i gcás gnáth-theicneolaíochtaí gluaisteán.

Faoin gcreat rialála atá ann faoi láthair, cailleann tomhaltóirí san Aontas tairbhe aon choigiltis breosla a d'fhéadfadh a bheith ann. De réir na meastóireachta ar na Rialacháin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ atá i bhfeidhm faoi láthair, is mó i bhfad na coigiltis breosla de thoradh na gcaighdeán $CO_2$ atá i bhfeidhm ná an costas ceannaigh breise, ach is lú an choigilt airgid ar chaiteachas ar bhreosla le linn shaolré na feithicle ná mar a ceapadh, go príomha toisc go bhfuil an difear idir feidhmíocht astaíochtaí le linn timthriall tástála agus fíorastaíochtaí ag dul i méid. Dá ndéanfaí "bearna na n-astaíochtaí" a laghdú agus dá bhfeisteofaí teicneolaíochtaí ar fheithiclí nua a bhainfeadh coigiltis breosla amach faoi fhíordhálaí domhanda, rachadh sé níos mó chun sochair do thomhaltóirí.

Tá sé leagtha síos mar chuspóir ag Straitéis Eorpach an Choimisiúin maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí[2], a foilsíodh i mí Iúil 2016, go gcaithfidh laghdú 60 % ar a laghad teacht ar

---

1 http://unfccc.int/paris_agreement/items/9485.php

2 COM(2016) 501 final

astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair faoi 2050 i gcomparáid le 1990 agus gur gá dúinn a bheith ar ár ndícheall ag iarraidh an sprioc astaíochtaí nialasacha a bhaint amach. Ní mór astaíochtaí truailleán aeir ón earnáil iompair a laghdú go mór gan mhoill. Sa straitéis, léirítear go soiléir freisin go gcaithfear cur le húsáid feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a mhéadú chun sciar nach beag den mhargadh a ghnóthú faoi 2030 agus chun an tAontas Eorpach a réiteach san fhadtéarma i dtaca le soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí a bhaint amach.

Cuireadh an straitéis chun feidhme ar dtús i mBealtaine 2017 tríd an Teachtaireacht *"Europe on the Move: An agenda for a socially fair transition towards clean, competitive and connected mobility for all"* [An Eoraip ag bogadh: Clár oibre le haghaidh aistriú atá cothrom go sóisialta chuig soghluaisteacht do chách atá glan, iomaíoch agus nasctha][3]. Leis an gclár oibre sin, léirítear go soiléir go bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas Eorpach na réitigh, an trealamh agus na feithiclí soghluaisteachta is fearr íseal-astaíochtaí, nasctha agus uathoibrithe a fhorbairt, a thairiscint agus a mhonarú san Eoraip agus an bonneagar is nua-aimseartha a bheith ar fail chun tacú leo. Sa Teachtaireacht, tugtar le fios go gcaithfidh an tAontas Eorpach gníomhú mar cheannaire chun athruithe i rith an ama san earnáil mótarfheithiclí ar leibhéal domhanda a mhúnlú, rud a chuirfeadh leis an dul chun cinn tábhachtach atá déanta cheana.

Chuidigh na caighdeáin astaíochta $CO_2$ atá ann faoi láthair le haghaidh gluaisteán agus veaineanna go dtí 2020/21 go mór chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú.[4] Leis na beartais atá á gcur chun feidhme faoi láthair, áfach, meastar nach leor an laghdú a thiocfaidh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun sprioc an Aontais Eorpaigh laghdú 40 % ar a laghad ar astaíochtaí i gcomparáid le 1990 a bhaint amach faoi 2030. Ba é an t-iompar de bhóthar ba chúis le 22 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais Eorpaigh in 2015 agus tá méadú leanúnach tagtha ar an sciar sin ó 1990. Ba iad gluaisteáin agus veaineanna ba chúis le 73 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar de bhóthar in 2015.

Cé gur laghdaigh earnáil an iompair a cuid astaíochtaí truailleán aeir san Aontas Eorpach le scór éigin bliain anuas, is í an earnáil is mó a chuireann le hastaíochtaí ocsaídí nítrigine ($NO_x$) go fóill. Ní hamháin go gcuidíonn feithiclí astaíochtaí nialasacha chun astaíochtaí $CO_2$ ó iompar de bhóthar a laghdú, ach tá buntáistí ag baint leo freisin i dtaca le hiompar atá saor ó astaíochtaí truailleán aeir.

Leis an togra seo, leagtar síos spriocanna costéifeachtacha laghdúcháin astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí saothair éadroim nua suas go 2030, chomh maith le sásra tiomanta dreasachtaí chun cur leis an sciar d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha. Áiritheoidh sé sin go gcoimeádfaidh tionscal mótarfheithiclí an Aontais a cheannaireacht theicneolaíoch agus, sa tslí sin, déanfar iomaíochas an tionscail a neartú agus an fhostaíocht a spreagadh. Déanfaidh sé na costais ar ídiú breosla do thomhaltóirí a laghdú chomh maith. Cuideoidh sé, ag an am céanna, gealltanais an Aontais Eorpaigh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach. A bhuí leis an sásra dreasachta chun an sciar de na feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a mhéadú, laghdófar truailleáin aeir go háirithe agus feabhsófar, dá bharr, cáilíocht an aeir, rud a rachaidh chun sochair don tsláinte phoiblí. Comhlánaíonn an sásra iarrachtaí i rith an ama dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le cáilíocht an aeir ar an leibhéal uirbeach, réigiúnach agus náisiúnta.

---

[3] COM(2017) 283 final

[4] Ricardo-AEA agus TEPR (2015), *Evaluation of Regulations 443/2009 and 510/2011 on the reduction of $CO_2$ emissions from light-duty vehicles* [Meastóireacht ar Rialachán 443/2009 agus Rialachán 510/2011 maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim], le fáil ag: https://ec.europa.eu/clima/sites/clima/files/transport/vehicles/docs/evaluation_ldv_co2_regs_en.pdf

Go deimhin, tabharfar teachtaireacht shoiléir do lucht tionscail, agus cruthófar an intuarthacht is áil leo chun infheistíocht a dhéanamh, fostaíocht a spreagadh, agus nuálaíocht agus iomaíochas a chothú. Ina theannta sin, cuirfear dlús le húsáid feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha agus le forbairt teicneolaíochtaí éifeachtúlachta breosla san Aontas Eorpach agus, ar an dóigh sin, soláthrófar bunús chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh rath ar thionscal mótarfheithiclí an Aontais ar na margaí domhanda feasta. Le cúnamh ó bearta tionlacain riachtanacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta, meastar go ndéanfar infheistíochtaí i mbonneagair luchtúcháin.

Áiritheoidh sásraí nua rialachais tiomnaithe go bhfanfaidh luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus luachanna ídithe breosla ionadaíoch ar na luachanna a fheiceann tomhaltóirí agus iad ar an mbóthar. Leis an togra, áirithítear freisin go mbíonn na hiarrachtaí dáilte go cothrom idir na monaróirí.

Is cuid de phacáiste soghluaisteachta níos leithne é an togra seo lena n-áirítear bearta a bhaineann le héileamh a thacaíonn leis na bearta den togra seo a bhaineann le soláthar. Le Treoir 2009/33/CE maidir le feithiclí bóthair atá glan agus tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn, féachtar le margadh na bhfeithiclí atá glan agus tíosach ar fhuinneamh a spreagadh. Leis an leasú atá beartaithe, áirithítear go gcumhdófar sa Treoir na cleachtais soláthair ábhartha uile, go dtabharfar teachtaireachtaí soiléire fadtéarmacha maidir leis an margadh agus go simpleofar forálacha na Treorach agus go mbeidh siad éifeachtach le húsáid. De thoradh an togra, ba cheart go gcuideodh earnáil an iompair a thuilleadh chun astaíochtaí $CO_2$ agus astaíochtaí truailleán aeir a laghdú agus chun iomaíochas agus fás na hearnála a spreagadh.

Baineann an Treoir maidir le bonneagar breoslaí malartacha le soláthar caighdeán comhchoiteann maidir leis an margadh inmheánach, ceanglais le haghaidh bonneagar íosta iomchuí atá le forbairt trí chreataí beartais náisiúnta, chomh maith le faisnéis do thomhaltóirí maidir le comhoiriúnacht breoslaí agus feithiclí. Leagtar amach sa phlean gníomhaíochta maidir le bonneagar breoslaí malartacha tacar moltaí chun cur chun feidhme na gcreataí beartais náisiúnta a neartú faoin Treoir agus chun pleanáil agus maoiniú i dtaca le bonneagar breosla idir-inoibritheach a fheabhsú.

A bhuí le tionscnamh cadhnraí, beifear in ann slabhra luacha iomlán a chur ar bun maidir le forbairt agus monarú cadhnraí san Aontas Eorpach.

Ina theannta sin, sa chéad leath de 2018, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún spriocanna laghdúcháin astaíochtaí $CO_2$ a mholadh d'fheithiclí nua tromshaothair.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Beidh an togra seo ina chuidiú chun an sprioc i dtaca le Creatstraitéis don Aontas Fuinnimh[5] a bhaint amach chun gur féidir an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, slán agus iomaíoch a dhéanamh. Beidh sé ina chuidiú chun na cuspóirí a leagtar amach i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear spriocanna maidir le laghdú 40 % ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa intíre an Aontais i gcomparáid le leibhéil 1990. Faoi 2030, caithfidh laghdú 30 % ar a laghad teacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in earnálacha nach mbaineann leis an gcóras trádála astaíochtaí, an t-iompar de bhóthar san áireamh, i gcomparáid le 2005. Mhol an Coimisiún spriocanna laghdúcháin astaíochtaí gás ceaptha teasa do 2030 do na Ballstáit faoin Rialachán maidir le comhroinnt díchill[6] a

[5] COM(2015) 080 final

[6] Togra le haghaidh Rialachán maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030 ar mhaithe le hAontas Fuinnimh buanseasmhach agus chun gealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh

chumhdaíonn na hearnálacha nach mbaineann leis an gcóras trádála astaíochtaí. Cuideoidh na caighdeáin $CO_2$ i leith feithiclí saothair éadroim don tréimhse tar éis 2020 leis na Ballstáit na spriocanna sin a bhaint amach.

Anuas air sin, cuidíonn an córas trádála astaíochtaí, ar bunchloch de bheartas aeráide an Aontais Eorpaigh é, chun earnáil na cumhachta a dhícharbónú, agus is mó an tábhacht a bheidh aige sin in iompar de bhóthar ina mbeidh sciar níos airde d'fheithiclí leictreacha á chur chun cinn.

Faoin seachtú creatchlár le haghaidh taighde agus forbartha teicneolaíochta (FP7) agus Fís 2020, tá níos mó ná EUR 1.5 billiún curtha ar fáil chun tacú le taighde ar chadhnraí, breoslaí malartacha agus gach gné de leictriúchán feithiclí agus chun iad a fhorbairt.

Le togra 2016 ón gCoimisiún le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le fuinneamh in-athnuaite[7], féachtar le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí a laghdú trí oibleagáid a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais go gcaithfidh soláthraithe breosla sciar 6.8 % ar a laghad de bhreoslaí íseal-astaíochta agus in-athnuaite, lena n-áirítear leictreachas agus bithbhreoslaí ardfhorbartha, a sholáthar faoi 2030.

Leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le hEoraifínéid, déantar foráil maidir le muirir atá bunaithe ar fheidhmíocht astaíochtaí lena mbeifear in ann na feithiclí is mó atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chúiteamh agus spreagadh a thabhairt chun an flít feithiclí a athnuachan[8].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de Chuid An Aontais**

Mar a tugadh le fios sa straitéis athnuaite do bheartas tionsclaíochta[9] a glacadh le déanaí, tá tionscal mótarfheithiclí atá nua-aimseartha agus iomaíoch de dhíth go géar ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, má tá an earnáil lena ceannaireacht theicneolaíoch a choimeád agus dul chun cinn a dhéanamh i margaí domhanda, ní mór di dlús a chur leis an aistriú i dtreo teicneolaíochtaí atá níos inbhuanaithe agus samhlacha nua gnó. Is mar sin amháin a áiritheofar go mbeidh an tionscal is iomaíche, is nuálaí agus is inbhuanaithe ag an Eoraip faoi 2030 agus tar éis é sin.

Lena chois sin, sa tionscnamh i dtaca le treoirphlean ón gCoimisiún a seoladh i mí Bealtaine 2016 maidir le comhar earnála le haghaidh scileanna[10], áirítear an earnáil mótarfheithiclí ar cheann de na hearnálacha a bhfuiltear ag díriú uirthi. A bhuí leis an tionscnamh sin, is féidir na príomhpháirtithe leasmhara ó na comhpháirtithe sóisialta a thabhairt le chéile sna hiarratais ar thionscadail chun na dúshláin a bhaineann le cáilíochtaí agus scileanna, mar aon le cur i bhfeidhm sainstraitéisí ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, na dúshláin sin a shainaithint.

---

ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú, COM(2016) 482 final

7 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú), COM/2016/0767 final

8 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/EC maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as leas a bhaint as bonneagair áirithe, COM(2017) 275 final

9 COM(2017) 479 final

10 http://ec.europa.eu/growth/tools-databases/newsroom/cf/itemdetail.cfm?item_id=8848

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192 CFAE an bunús dlí don togra seo. I gcomhréir le hAirteagal 191 agus Airteagal 192(1) CFAE, rannchuideoidh an tAontas Eorpach, *inter alia*, leis na cuspóirí a leanas a shaothrú: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna réigiúnacha nó domhanda an chomhshaoil, agus go háirithe an t-athrú aeráide a chomhrac.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ó 2009 agus 2011 faoi seach, agus leagtar síos leis na caighdeáin sin spriocanna go dtí 2020/21. Gan tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas sa réimse seo, is dócha gur bheag laghdú substainteach breise ar $CO_2$ a bheadh ann ó fheithiclí saothair éadroim nua, mar a chonacthas san Aontas le linn na tréimhse 1995 agus 2006 i gcás gluaisteán. Bheifí fós ag súil le laghdú éigin ar astaíochtaí tar éis 2021 toisc go leanfaí d'athnuachan an fhlít feithiclí atá ann cheana le gluaisteáin agus veaineanna nua a chomhlíonann caighdeáin $CO_2$ 2020/21. Ach ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú breise ar ghníomhaíocht iompair, níor leor na laghduithe foriomlána $CO_2$ chun sprioc 2030 maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na gealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh.

Tá údar le beart ón Aontas i bhfianaise thionchar trasteorann an athraithe aeráide agus, chomh maith leis sin, i bhfianaise an ghá atá ann na margaí aonair i bhfeithiclí a chosaint. Gan beart ar leibhéal an Aontais, bheadh baol ann go mbeadh raon scéimeanna náisiúnta ann chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú. Ba é an toradh a bheadh air sin leibhéil dhifriúla uaillmhéine agus paraiméadair dhifriúla dearaidh, rud a d'fhágfadh gur ghá raon roghanna teicneolaíochta agus cumraíochtaí feithicle a bheith ann, agus laghdófaí barainneachtaí scála dá bharr. Is dealraitheach gur lú an éifeacht a bheadh ag tionscnaimh náisiúnta agus áitiúla astu féin mar tá baol ann nach mbeadh siad i gcomhréir le chéile agus, ar an dóigh sin, go ndéanfaí an margadh inmheánach a ilroinnt.

Ar an ábhar sin, toisc go bhfuil sciartha éagsúla den mhargadh feithiclí ag monaróirí i mBallstáit éagsúla, bheadh tionchar ag reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla ar na monaróirí sin ar bhealaí difriúla, agus d'fhágfadh sé go bhféadfadh saobhadh iomaíochta a bheith ann dá bharr. Mar thoradh air sin, thiocfadh ardú ar na costais chomhlíontachta atá ar mhonaróirí agus, de dheasca ilroinnt an mhargaidh Eorpaigh, lagódh sé an dreasacht a bheadh ann gluaisteáin agus veaineanna a dhearadh a bheadh éifeachtach ó thaobh breosla de.

Thabhódh soláthraithe comhpháirteanna agus monaróirí feithiclí araon na costais bhreise a thiocfadh as easpa caighdeán comhchoiteann agus easpa réiteach teicniúil comhchoiteann. Chuirfí na costais bhreise sin ar aghaidh chuig na custaiméirí agus ghearrfaí costais feithicle níos airde orthu as an leibhéal céanna laghdaithe ar ghás ceaptha teasa gan beart comhordaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta óir ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Leis an togra, leagtar síos caighdeáin nua chun na laghduithe is gá ar astaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin agus veaineanna a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach i gcomhréir le creat comhaontaithe aeráide agus fuinnimh 2030 de Chuid An Aontais agus, ag an am céanna, áirithítear go mbíonn na hiarrachtaí dáilte go cothrom idir na monaróirí.

- **An rogha ionstraime**

Toisc gur athmhúnlú é an togra seo de dhá Rialachán atá ann cheana, is é Rialachán an t-aon ionstraim iomchuí.

Leis an teicníc athmhúnlaithe, is féidir sa chás seo dhá Rialachán a bhí ann roimhe atá mórán mar a chéile a chumasc in aon téacs reachtach amháin ina ndéantar na leasuithe is inmhianaithe, ina gcódaítear na leasuithe sin leis na forálacha gan athrú ó na gníomhartha roimhe, agus lena ndéantar na gníomhartha sin a aisghairm. Tá an Rialachán athmhúnlaithe atá beartaithe i gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin faoin gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr[11].

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh meastóireacht chuimsitheach ar na Rialacháin atá ann cheana mar chuid den Chlár um Oiriúnacht Rialála (REFIT). Cuireadh an mheastóireacht sin i gcrích in Aibreán 2015 agus foilsíodh an tuarascáil deiridh ó na comhairleoirí[12].

Sa tuarascáil mheastóireachta, rinneadh na Rialacháin a mheas i dtaca leis na cuspóirí a leagadh amach sa reachtaíocht bhunaidh. Thángthas ar an gconclúid go raibh na Rialacháin fós ábhartha agus i gcomhréir le chéile den chuid is mó, agus gur caomhnaíodh méid suntasach astaíochtaí dá mbarr, agus, ag an am céanna, go raibh siad níos costéifeachtaí ná mar a ceapadh ar dtús chun na spriocanna a leagadh síos a bhaint amach. Ina theannta sin, chuir na Rialacháin go mór le breisluach an Aontais ar bhealach nach bhféadfaí a dhéanamh trí bhíthin bearta ar an leibhéal náisiúnta.

Is iad seo a leanas na príomhchonclúidí a tháinig as an meastóireacht:

- Tá na Rialacháin fós bailí agus beidh siad bailí don tréimhse tar éis 2020.
- D’éirigh níos fearr leis na Rialacháin astaíochtaí $CO_2$ a laghdú ná comhaontuithe deonacha a rinneadh le lucht tionscail roimhe seo.
- Is dealraitheach gurb é an Rialachán maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin paisinéirí is cúis le 65–85 % de na laghduithe ar astaíochtaí sceithphíopa a baineadh amach tar éis don Rialachán teacht i bhfeidhm. I gcás feithiclí tráchtála éadroma, bhí ról nach beag ag an Rialachán chun dlús a chur le laghduithe ar astaíochtaí.
- Tríd is tríd, tá an chuma ar an scéal go raibh tionchar dearfach ag na Rialacháin ar an iomaíochas agus ar an nuálaíocht agus nach raibh aon chomhartha de shaobhadh iomaíochta ann.
- Sa tuarascáil mheastóireachta, leagadh béim ar na laigí seo a leanas:
  - Le timthriall tástála NEDC (timthriall tiomána nua Eorpach), ní léirítear fíorastaíochtaí ar bhealach sásúil agus tá an neamhréireacht idir feidhmíocht

[11] IO L 123, 12 Bealtaine 2016, lch. 1.

[12] Ricardo-AEA agus TEPR (2015), *Evaluation of Regulations 443/2009 and 510/2011 on the reduction of $CO_2$ emissions from light-duty vehicles* [Meastóireacht ar Rialachán 443/2009 agus Rialachán 510/2011 maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim], le fáil ag: https://ec.europa.eu/clima/sites/clima/files/transport/vehicles/docs/evaluation_ldv_co2_regs_en.pdf

astaíochtaí le linn timthriall tástála agus fíorastaíochtaí ag dul i méid, rud a rinne dochar do na tairbhí a bhaineann leis na Rialacháin.

- Sna Rialacháin, ní chuirtear san áireamh na hastaíochtaí a bhíonn ann de thoradh breoslaí a tháirgeadh nó atá bainteach le feithiclí a tháirgeadh nó a dhiúscairt.
- Is dealraitheach go raibh tionchar ag cuid d'eilimintí dearaidh (modúlachtaí) na Rialachán ar éifeachtúlacht na Rialachán. Go háirithe, cuireann an úsáid a bhaintear as mais mar pharaiméadar fóntais isteach ar an laghdú maise mar rogha i dtaca le laghdú astaíochtaí.

- Ba thoradh ar na Rialacháin glanbhuntáistí eacnamaíocha don tsochaí.
- Bhí na costais ar mhonaróirí i bhfad níos lú ná mar a ceapadh ar dtús óir tharla gur lú an costas a bhí ar theicneolaíochtaí laghdaithe astaíochtaí i gcoitinne ná mar a tuaradh.
- Tá an choigilt airgid ar chaiteachas ar bhreosla le linn shaolré na feithicle níos airde ná na costais tosaigh mhonaraíochta, ach is lú iad ná mar a ceapadh, go príomha toisc go bhfuil an difear idir feidhmíocht astaíochtaí le linn timthriall tástála agus fíorastaíochtaí ag dul i méid.
- Tá na Rialacháin comhleanúnach go hinmheánach agus i gcomhréir le chéile den chuid is mó.
- Is iad an maolú do mhonaróirí nideoige, sárchreidmheasanna agus an tréimhse chéimnithe isteach (gluaisteáin) na modúlachtaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó na Rialacháin, bíodh is gur tionchar teoranta a bheadh i gceist.
- Maidir le breisluach an Aontais Eorpaigh, is é comhchuibhiú an mhargaidh an ghné is tábhachtaí agus ní móide go mbeadh gníomhaíocht neamh-chomhordaithe chomh héifeachtach céanna. A bhuí leis na Rialacháin, áirithítear ceanglais chomhchoiteanna agus, dá bharr sin, is lú na costais a bhíonn ar mhonaróirí, agus soláthraítear cinnteacht rialála.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D'iarr an Coimisiún aiseolas ó na páirtithe leasmhara ar na bealaí seo a leanas:

- comhairliúchán poiblí ar líne idir an 20 Iúil agus an 28 Deireadh Fómhair 2016;
- ceardlann do pháirtithe leasmhara an 24 Márta 2017 chun na torthaí ón gcomhairliúchán poiblí a chur i láthair;
- ceardlann do pháirtithe leasmhara a bhí dírithe ar phoist agus ar scileanna an 26 Meitheamh 2017;
- cruinnithe le comhlachais thionsclaíocha ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar mhonaróirí gluaisteán, soláthraithe comhpháirteanna agus ábhar, soláthraithe breosla;
- cruinnithe déthaobhacha le húdaráis ó na Ballstáit, monaróirí feithiclí, soláthraithe, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha;
- páipéir sheasaimh arna dtíolacadh ag páirtithe leasmhara nó ag na Ballstáit.

Tugtar achoimre ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara in Iarscríbhinn 2 den mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo.

Is féidir achoimre a thabhairt ar na príomhthorthaí ar na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara mar seo a leanas. Maidir leis na spriocleibhéil, b'fhearr le monaróirí gluaisteán agus veaineanna spriocleibhéil níos coimeádaí a bheith ann do 2030 i gcomparáid le heagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus iompair, chomh maith le heagraíochtaí tomhaltóirí, atá i bhfabhar spriocleibhéil atá níos uaillmhianaí do 2025 agus 2030 araon. Maidir le dáileadh na n-iarrachtaí, tacaíonn monaróirí le cuar teorainnluacha atá bunaithe ar mhais, ach is fearr le heagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus iompair, chomh maith le heagraíochtaí tomhaltóirí, an lorg a úsáid mar pharaiméadar fóntais. Cé go bhfuil tionscal na mótarfheithiclí i gcoinne sainordú i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha den chuid is mó, éilíonn soláthraithe cadhnraí agus leictreachais agus go leor cathracha Eorpacha ag a bhfuil fadhbanna maidir le cáilíocht an aeir chomh maith le formhór na n-eagraíochtaí comhshaoil agus iompair cur chuige den sórt sin. Tá seasamh neodrach glactha ag na heagraíochtaí tomhaltóirí maidir le dreasachtaí i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tarraingíonn an measúnú tionchair ar fhianaise ó na Rialacháin[13] atá ann cheana.

Maidir le measúnú cainníochtúil ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil, tá an tuarascáil ar an measúnú tionchair ag brath ar shraith samhlacha agus ar thacar tiomnaithe de chuair chostais, lena gcumhdaítear raon leathan teicneolaíochtaí atá cothrom le dáta chun astaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin agus veaineanna a laghdú. Forbraíodh raon cásanna trí bhíthin na samhla PRIMES-TREMOVE, lena ndéantar meastachán ar an bhforbairt a thiocfaidh ar earnáil an iompair de bhóthar. Rinneadh an anailís sin a chomhlánú trí uirlisí eile samhaltúcháin a chur i bhfeidhm, amhail GEM-E3 agus E3ME i gcás an tionchair mhaicreacnamaíoch, agus an tsamhail JRC DIONE, ag a bhfuil gnéithe nuafhorbartha chun an tionchar ar leibhéal an mhonaróra (catagóir) a mheas.

Fuarthas sonraí i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus saintréithe eile an fhlít nua feithiclí saothair éadroim ó na sonraí bliantúla faireacháin a thuairiscigh na Ballstáit agus a bhailigh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) faoi Rialachán 443/2009 agus Rialachán 510/2011 maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim.

Le cois na gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, bailíodh tuilleadh faisnéise trí bhíthin roinnt staidéar tacaíochta ó chonraitheoirí seachtracha, inar tugadh aghaidh, go háirithe, ar na saincheisteanna seo a leanas:

- na teicneolaíochtaí atá ar fáil agus is féidir a úsáid sa tréimhse ama ábhartha chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú, mar aon lena n-éifeachtacht agus a gcostas;
- na heilimintí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an iomaíochas tionsclaíoch agus ar an bhfostaíocht;
- an méadú atá ag teacht ar an mbearna idir astaíochtaí faoi dhálaí tástála agus fíorastaíochtaí tiomána agus na cúiseanna leis sin;
- an tionchar a bhíonn ag cineálacha difriúla cur chuige rialála, méadrachta rialála agus eilimintí dearaidh (modúlachtaí) a d'fhéadfadh a bheith ann;

[13] Ricardo-AEA agus TEPR (2015), *Evaluation of Regulations 443/2009 and 510/2011 on the reduction of $CO_2$ emissions from light-duty vehicles* [Meastóireacht ar Rialachán 443/2009 agus Rialachán 510/2011 maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim], le fáil ag: https://ec.europa.eu/clima/sites/clima/files/transport/vehicles/docs/evaluation_ldv_co2_regs_en.pdf

- an tionchar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus astaíochtaí truailleán.

In Iarscríbhinn I, tugtar liosta de staidéir den mheasúnú tionchair a ghabhann leis togra seo.

- **Measúnú tionchair**

Ullmhaíodh an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo agus forbraíodh é de réir na treorach is infheidhme maidir le Rialáil Níos Fearr, agus d'eisigh an Bord Scrúdúcháin Rialála tuairim dhearfach a raibh cuntair áirithe ag dul léi an 13 Deireadh Fómhair 2017.

Cuimsíodh na feabhsuithe a mhol an Bord sa leagan deireanach. Baineann sé sin leis na nithe seo a leanas: (1) tuairisc a thabhairt ar na naisc le tionscnaimh eile bheartais de Chuid An Aontais, go háirithe na pacáistí leathana maidir leis an tsoghluaisteacht a thíolaic an Coimisiún; (2) na príomhbhacainní lena gcuirtear srian ar an úsáid a bhaintear as feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a mhíniú agus an chaoi a gcabhródh an Rialachán atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin; (3) an dúshlán iomaíochais do thionscal an Aontais a shoiléiriú, go háirithe i gcomhthéacs an riosca i dtaca le ceannaireacht theicneolaíoch a chailleadh agus an chaoi ar féidir an Rialachán atá beartaithe aghaidh a thabhairt air; (4) na príomh-chomhbhabhtálacha i dtaca leis an gcinneadh polaitiúil a shainaithint; (5) an t-ualach rialála agus an fhéidearthacht maidir le simpliú a mheas.

*Roghanna beartais*

Na roghanna beartais a rinneadh a mheas, grúpáiltear iad sa mheasúnú tionchair i gcúig phríomheilimint chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna arna sainaithint agus chun na cuspóirí beartais a bhaint amach.

**1) Spriocanna (leibhéal, amchlár agus méadracht)**

Rinneadh spriocleibhéil dhifriúla a mheas don tréimhse go dtí 2030, idir laghdú 10 % go 40 % in 2030 i gcomparáid leis an meánsprioc do 2021 le haghaidh fhlít an Aontais i gcás gluaisteán agus an sprioc do 2020 i gcás veaineanna. Rinneadh measúnú chomh maith ar dhá rogha lena léirítear na spriocleibhéil a chuir Parlaimint na hEorpa in iúl, ar thug an Coimisiún gealltanas iad a mheas le linn na caibidlíochta in 2014.

Maidir le hamchlár na spriocanna, ar na roghanna a rinneadh a mheas áirítear sprioc a leagan síos do 2030 amháin, spriocanna a leagan síos do 2025 agus 2030 nó spriocanna bliantúla a leagan síos do gach ceann de na blianta ó 2022 go 2030. I dtaca leis an méadracht chun an sprioc a léiriú, i measc na roghanna a rinneadh a mheas bhí an cur chuige a úsáidtear faoi láthair bunaithe ar astaíochtaí sceithphíopa ("umar go roth") chomh maith le roghanna eile ("tobar go roth", "astaíochtaí leabaithe", "ualú míleáiste").

Maidir leis na spriocleibhéil, is é an rogha thosaíochta spriocanna nua $CO_2$ a leagan síos le haghaidh fhlít uile an Aontais is fiú laghdú 30 % in 2030 i gcomparáid le spriocanna 2021, i gcás gluaisteán agus veaineanna araon.

Maidir leis an méadracht i dtaca leis an sprioc i gcás astaíochtaí, is é an rogha thosaíochta an cur chuige "umar go roth" a choimeád agus spriocanna a leagan síos de réir g $CO_2$/km le haghaidh mheándíolachán ualaithe an fhlít óir tá an cur chuige sin go hiomlán i gcomhréir le hionstraimí eile beartais agus ní thiocfadh mórshochair as an méadracht a athrú. Maidir le hamchlár na spriocanna, is é an rogha thosaíochta spriocanna nua $CO_2$ a leagan síos le haghaidh gluaisteán agus veaineanna a mbeidh feidhm leo ó 2025 agus spriocanna níos déine a leagan síos a mbeidh feidhm leo ó 2030 ar aghaidh chun deimhin a dhéanamh de go mbainfear amach laghduithe carnacha ar astaíochtaí $CO_2$ faoi 2030 chun cuidiú na spriocanna a leagtar síos faoin Rialachán maidir le comhroinnt díchill a bhaint amach. Leis an gcur

chuige sin, tabharfar teachtaireacht shoiléir agus thráthúil gur fiú infheistíocht a dhéanamh i bhfeithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha.

**2) Dáileadh na n-iarrachtaí**

Faoi na Rialacháin atá ann faoi láthair, baintear úsáid as líne theorainnluacha chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh monaróirí aonair a shainiú, ag tosú leis na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais. Is leis an gcuar líneach sin a shainítear an gaol idir astaíochtaí $CO_2$ agus an mhais feithicle i riocht feidhmithe.

Le cois an chur chuige atá ann faoi láthair, rinneadh na roghanna seo a leanas a mheas sa mheasúnú tionchair: fána na líne teorainnluacha a athrú, paraiméadar eile fóntais a úsáid (an lorg, cuir i gcás) nó gan aon pharaiméadar fóntais a úsáid (laghdú comhionann nó sprioc chomhionann i gcás na monaróirí uile).

Is é an rogha thosaíochta chun spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais a dháileadh ar mhonaróirí aonair ó 2025 ar aghaidh, cuar teorainnluacha a úsáid, agus spriocanna sonracha an mhonaróra a bheith ag brath ar mhais tástála na bhfeithiclí i dtaca leis an meán-nós imeachta tástála comhchuibhithe domhanda d'fheithiclí éadroma (WLTP) agus fána nó fánaí an chuair ag áirithiú go mbeidh iarracht choibhéiseach á déanamh ag na monaróirí uile i dtaca le laghdú.

**3) Dreasachtaí i gcomhair feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha (sainmhínithe agus na cineálacha dreasachtaí)**

Toisc gur úsáideadh sainmhínithe difriúla le haghaidh feithiclí astaíochtaí ísle, rinneadh dhá chineál éagsúla dreasachta sonraí i gcomhair feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a mheas sa mheasúnú tionchair:

- *Sainordú ceangailteach:* cheanglófaí ar gach monaróir an sciar céanna d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a bheith aige.
- *Córas creidiúnúcháin:* chuirfí san áireamh leis an dreasacht seo sciar an mhonaróra d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha agus an sprioc shonrach i leith $CO_2$ le haghaidh an mhonaróra á leagan síos. Thabharfaí de chúiteamh do mhonaróir a sháródh leibhéal áirithe tagarmhairc d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha sprioc $CO_2$ nach bhfuil chomh dian céanna.

I gcás an dá chineál dreasachta, rinneadh sainorduithe difriúla agus leibhéil dhifriúla tagarmhairc a mheas.

Maidir leis an sásra dreasachta i gcomhair feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, is é córas creidiúnúcháin an rogha thosaíochta.

**4) Eilimintí le haghaidh cur chun feidhme costéifeachtach**

Rinneadh measúnú ar eilimintí éagsúla lena féidir cur chun feidhme costéifeachtach a dhéanamh. Ar na heilimintí sin, bhí bearta a áirítear cheana féin sna Rialacháin atá ann faoi láthair, amhail éiceanuálaíochtaí, linn a dhéanamh agus maoluithe. Ina theannta sin, rinneadh eilimintí nua a mheas lena n-áirítear trádáil mar aon le saothrú agus iasachtaí.

Is é an rogha thosaíochta na forálacha éiceanuálaíochta a choimeád agus, ag an am céanna, an raon feidhme a leathnú chun córais aerchóiriúcháin a chuimsiú agus athbhreithniú ar an uasteorainn 7 g/km a cheadú, na forálacha i dtaca le linn a dhéanamh a choimeád agus, ag an am céanna, soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh monaróirí linnte oscailte a dhéanamh, gan an fhéidearthacht a thabhairt isteach creidmheasanna $CO_2$ a thrádáil, a

shaothrú nó a fháil ar iasacht agus deireadh a chur leis an bhféidearthacht maolú “nideoige” a dheonú ar mhonaróirí gluaisteán.

**5) Rialachas**

I bhfírinne, braitheann éifeachtacht na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú ar a ionadaíoch atá an nós imeachta tástála i dtaca le fíorchúinsí meánacha tiomána, ar thaobh amháin, agus, ar thaobh eile, ar a mhéid atá feithiclí a chuirtear ar an margadh i gcomhréir leis na feithiclí tagartha a ndéantar a thástáil de réir cineálcheadú. Sa chomhthéacs sin, sa mholadh ó Pharlaimint na hEorpa tar éis an fhiosrúcháin maidir le tomhas astaíochtaí san earnáil motarfheithiclí, tugadh le fios go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le sásraí faireachais margaidh chun córas iontaofa ar féidir brath air a choimeád ag feidhmiú.

I bhfianaise an méid sin, agus i gcomhréir le moltaí an tSásra um Chomhairle Eolaíoch, rinneadh roinnt roghanna a mheas. Ar cheann de na roghanna, bhí sonraí maidir le fíor-ídiú breosla a thiomsú agus a fhoilsiú, agus faireachán a dhéanamh ar na sonraí sin, bunaithe ar oibleagáid a chuirfí ar mhonaróirí, trí bhíthin reachtaíocht maidir le cineálcheadú, “feistí tomhais ídithe breosla” caighdeánaithe a fheistiú ar fheithiclí nua. Rinneadh rogha eile a bhaineann le bearta faireachais margaidh a mheas maidir le comhréireacht táirgeachta agus seiceálacha comhréireachta inseirbhíse.

Is é an rogha thosaíochta cumhacht a thabhairt don Choimisiún le gur féidir leis (i) sonraí maidir le fíor-ídiú breosla a thiomsú agus a fhoilsiú, agus faireachán a dhéanamh ar na sonraí sin, agus oibleagáid a bheith ann aon chlaontaí a bhaineann le sásra ceartúcháin a thuairisciú agus (ii) luachanna astaíochta $CO_2$ a thuairiscítear a cheartú i gcás claontaí a bhraitear trí bhíthin faireachas feabhsaithe margaidh.

Tagairt don achoimre feidhmiúcháin ar an measúnú tionchair: SWD(2017)650

Tagairt don tuairim a thug an Bord Scrúdúcháin Rialála: SEC(2017)476

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le tiomantas an Choimisiúin i leith rialáil níos fearr, ullmhaíodh an togra go cuimsitheach, bunaithe ar thrédhearcacht agus ar phlé leanúnach le páirtithe leasmhara.

Lena chois sin, rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar an gcaoi a bhféadfaí an reachtaíocht a shimpliú agus costais riaracháin neamhriachtanacha a laghdú.

Tá monaróirí atá freagrach as níos lú ná 1 000 feithicil nuachláraithe in aghaidh na bliana, ar FBManna cuid mhór acu, díolmhaithe ó spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a chomhlíonadh. A bhuí le díolúintí *de minimis*, laghdaítear na costais chomhlíontachta agus riaracháin ar mhonaróirí beaga. Is fusa, de bharr na ndíolúintí sin, do mhonaróirí nua dul isteach sa mhargadh ach, ag an am céanna, is beag tionchar a imríonn siad ar laghduithe foriomlána $CO_2$ fhlít feithiclí an Aontais ar an iomlán.

Anuas air sin, coimeádtar leis an togra roinnt eilimintí chun cur chun feidhme costéifeachtach a áirithiú, amhail linn a dhéanamh, rud a laghdaíonn costais chomhlíontachta ar mhonaróirí.

Ní thiocfadh ualach breise riaracháin as an gcóras creidiúnúcháin i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha. Mar thoradh ar dheireadh a chur leis an maolú le haghaidh monaróirí nideoige, laghdófar an t-ualach riaracháin.

Ní mheastar go ndéanfar aon athrú ar an gcóras comhlíontachta ná ar leibhéal na bhfíneálacha. Beidh tionchar na roghanna a bhaineann le rialachas ag brath ar bhearta nithiúla cur chun feidhme.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear sa togra seo na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon acmhainní airgeadais breise de dhíth ar an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leis an togra seo, cuirtear leis an nós imeachta maidir le faireachán agus tuairisciú bliantúil a cuireadh ar bun faoi na Rialacháin atá ann faoin láthair. Gach bliain, tugann na Ballstáit tuairisc don Choimisiún faoi na gluaisteáin agus na veaineanna uile a dhéantar a nuachlárú féachaint an bhfuil monaróirí ag comhlíonadh a spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha. Le cois luachanna astaíochtaí cineálcheadaithe $CO_2$ agus luachanna maise, déantar faireachán ar iontrálacha eile sonraí is ábhartha, lena n-áirítear an cineál breosla agus laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ de thoradh éiceanuálaíochtaí.

Gach bliain, foilsíonn an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA), sonraí faireacháin na bliana féilire roimhe sin, lena n-áirítear ríomhanna ar fheidhmíocht shonrach monaróirí i dtaca le hastaíochtaí $CO_2$. Bíonn an deis ag monaróirí earráidí sna sonraí sealadacha arna dtíolacadh ag na Ballstáit a chur in iúl. Tá an córas faireacháin seanbhunaithe seo ina bhonn tábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an reachtaíocht.

Chun gnéithe rialachais an chórais faireacháin a neartú, rinneadh a mheas sa mheasúnú tionchair ar cheart a chur san áireamh, maidir le seiceáil a dhéanamh ar chomhlíontacht monaróra, an bhfuil astaíochtaí feithiclí atá in úsáid i gcomhréir le luachanna cineálcheadaithe $CO_2$.

Chomh maith leis an nós imeachta maidir le measúnú ar chomhlíontacht, sonraítear freisin sa mheasúnú tionchair liosta de na príomhtháscairí chun faireachán a dhéanamh ar na cuspóirí sonracha beartais atá le baint amach trí bhíthin an togra seo. Comhlánaítear iad sin le tacar cuspóirí agus táscairí oibríochtúla.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

*Airteagal 1 – Ábhar agus cuspóirí*

Sonraítear san Airteagal seo na spriocanna $CO_2$ le haghaidh fhlít uile an Aontais is infheidhme i gcás gluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua ó 2020, 2025 agus 2030 amach. Beidh feidhm ag an Rialachán ó 2020 amach chun aistriú comhleanúnach a áirithiú chuig córas nua spriocanna a gcuirfear tús leis in 2025. Cuimsítear ann, mar sin, na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais atá bunaithe cheana do 2020, mar atá 95g/km (bunaithe ar NEDC) i gcás gluaisteáin paisinéirí agus 147g/km (bunaithe ar NEDC) i gcás feithiclí tráchtála éadroma, chomh maith le spriocanna nua do 2025 agus 2030.

Ó 2021 ar aghaidh, beidh na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha bunaithe ar nós imeachta nua tástála, eadhon an nós imeachta tástála comhchuibhithe domhanda d'fheithiclí éadroma (WLTP). Ar an ábhar sin, léirítear na spriocanna le haghaidh an fhlít uile do 2025 agus 2030, ar spriocanna iad atá bunaithe ar WLTP, léirítear iad mar laghduithe de réir céatadáin i gcomparáid le meán na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha do 2021 a chinntear do gach monaróir i gcomhréir le mír 4 d'Iarscríbhinn I.

***Airteagal 2 – Raon feidhme***

San Airteagal seo, sainítear na catagóirí feithiclí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo trí thagairt a dhéanamh don reachtaíocht maidir le cineálcheadú. San Airteagal seo freisin, soiléirítear nár cheart feidhm a bheith ag an díolúine *de minimis* is infheidhme maidir le monaróirí atá freagrach as níos lú ná 1 000 clárúchán nua in aghaidh na bliana i gcás ina gcuirfidh monaróir, atá incháilithe do dhíolúine den sórt sin, iarratas isteach ar mhaolú mar sin féin agus ina ndeonófar maolú dó.

***Airteagal 3 – Sainmhínithe***

Cuirtear isteach sainmhínithe nua ar "spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais", "feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha" agus "mais tástála".

***Airteagal 4 – Spriocanna i leith astaíochtaí sonracha***

San Airteagal seo, leagtar amach an oibleagáid ghinearálta atá ar mhonaróir a áirithiú nach sáraíonn meán-astaíochtaí $CO_2$ a fhlít feithiclí nuachláraithe i mbliain féilire, an sprioc bhliantúil atá aige i leith astaíochtaí sonracha. Baineann an sprioc sin go sonrach le monaróirí agus ríomhtar é mar fheidhm den sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is infheidhme, den chuar teorainnluacha, de mheánmhais fhlít an mhonaróra agus den mhais tagartha ($M_0$ nó $TM_0$). Beidh an ríomh maidir le mais bunaithe ar mhais i riocht feidhmithe go dtí 2024, agus an bhliain sin san áireamh. Ó 2025 ar aghaidh, ba cheart mais tástála na feithicle, atá níos gaire d'fhíormhais na feithicle críochnaithe, a úsáid in ionad na maise i riocht feidhmithe. Leagtar amach na foirmlí chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha don tréimhse ó 2020 go 2030 a ríomh i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I. Leagtar amach sa reachtaíocht atá i bhfeidhm cheana na ríomhanna i dtaca leis na spriocanna is infheidhme ó 2020 go 2024.

Ó 2025 ar aghaidh, ba cheart an sciar de na feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha i bhflít monaróra a chur san áireamh agus an sprioc i leith astaíochtaí sonracha á ríomh. Chun an sciar sin a ríomh, ba cheart na feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a chomhaireamh bunaithe ar ualú astaíochtaí gach feithicle. I gcás ina sáróidh an sciar an tagarmharc le haghaidh fhlít uile an Aontais, tairbheoidh an monaróir de sprioc níos airde i leith astaíochtaí sonracha.

I gcás feithiclí tráchtála éadroma, déantar idirdhealú maidir le dáileadh na n-iarrachtaí idir monaróirí feithiclí tráchtála éadroma ag a bhfuil meánmhais tástála is mó ná an mheánmhais tagartha ($TM_0$) agus feithiclí tráchtála éadroma ag a bhfuil meánmhais tástála is lú ná $TM_0$. Maidir leis an gcéad ghrúpa, coinnítear fána an chuair teorainnluacha seasmhach thar thréimhse ama ach, i dtaca leis an dara grúpa, úsáidtear an cur chuige céanna a úsáidtear i gcás gluaisteáin paisinéirí, i.e. modhnaítear an fána de réir na sprice le haghaidh fhlít uile an Aontais.

***Airteagal 5 – Sárchreidmheasanna le haghaidh na sprice 95 g $CO_2$/km i gcás gluaisteán***

Ní dhéantar aon athrú ar an bhforáil seo agus beidh feidhm aici go dtí 2022, agus an bhliain sin san áireamh.

*Airteagal 6 – Linn a dhéanamh*

Ní dhéantar aon athrú ar na forálacha maidir le linn a dhéanamh i gcás gnóthais bhainteacha agus monaróirí neamhspleácha. Cuirtear isteach, áfach, cumhacht don Choimisiún soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le socruithe chun linn a dhéanamh idir monaróirí neamhspleácha, go háirithe i dtaca le rialacha iomaíochta.

*Airteagal 7 – Faireachán agus tuairisciú*

Ní dhéantar aon athrú ar na forálacha ginearálta maidir le faireachán ar shonraí $CO_2$ ó na Ballstáit. Mar sin féin, cuirtear leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit sonraí ardcháilíochta a áirithiú agus comhoibriú leis an gCoimisiún.

Chun críche faireacháin, cuirtear isteach sásra chun na claontaí a aimsítear in astaíochtaí $CO_2$ feithiclí i seirbhís, i gcomparáid leis na luachanna cineálcheadaithe, a chur san áireamh. Cuireann an sásra sin leis an moladh nós imeachta a thabhairt isteach le haghaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse ar luachanna astaíochta $CO_2$ sa reachtaíocht maidir le cineálcheadú. Ba cheart do na húdaráis cineálcheadaithe aon chlaontaí a bhraithfear a thuairisciú, agus ba cheart don Choimisiún na claontaí sin a chur san áireamh agus é ag seiceáil go bhfuil monaróirí ag comhlíonadh a gcuid spriocanna. Leis an bhforáil, tabharfar de chumhacht don Choimisiún na mionsonraí i leith nós imeachta mar sin a chur ar fáil trí bhíthin gníomh cur chun feidhme.

*Airteagal 8 – Préimh astaíochtaí iomarcacha*

Leis an Airteagal seo, leagtar amach an fhoirmle chun pionóis airgeadais a ríomh i gcás ina sáróidh monaróir a sprioc. Coimeádtar an phréimh astaíochtaí iomarcacha ó na Rialacháin atá ann cheana, i.e. EUR 95/g $CO_2$/km.

*Airteagal 9 – Feidhmíocht na monaróirí a fhoilsiú*

San Airteagal, liostaítear na sonraí a fhoilseoidh an Coimisiún maidir le comhlíonadh sprioc bhliantúil na monaróirí, i.e. an cinneadh maidir le faireachán bliantúil. Cuireadh mais tástála isteach mar pharaiméadar sonraí atá le foilsiú, i bhfianaise a úsáide mar pharaiméadar fóntais ó 2025 ar aghaidh.

*Airteagal 10 – Maoluithe do mhonaróirí áirithe*

Coimeádtar an fhéidearthacht do mhonaróirí ísealtáirgeachta, i.e. na monaróirí sin atá freagrach as 1 000 go 10 000 clárúchán i gcás gluaisteán, agus 1 000 go 22 000 clárúchán i gcás veaineanna, cur isteach ar mhaolú ar a gcuid spriocanna i leith astaíochtaí sonracha.

I gcás monaróirí nideoige gluaisteán, i.e. na monaróirí sin atá freagrach as idir 10 000 agus 300 000 feithicil nuachláraithe, coimeádtar an fhéidearthacht tairbhe a bhaint as an maolú ar an sprioc 95 g $CO_2$/km. Le héifeacht ó 2025 amach, áfach, beidh ar an ngrúpa sin monaróirí na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha a ríomhtar i gcomhréir le hIarscríbhinn I a chomhlíonadh.

*Airteagal 11 – Éiceanuálaíochtaí*

Féadfaidh monaróirí leanúint de thairbhe a bhaint as meánastaíochtaí níos lú trí éiceanuálaíochtaí atá formheasta i gcomhréir leis an Airteagal seo a fheistiú ar a gcuid feithiclí. Chun a chur san áireamh na hathruithe ar choigiltis ó thaobh éiceanuálaíochta de a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an athrú ar an nós imeachta tástála rialála, cuireadh isteach cumhacht don Choimisiún coigeartú a dhéanamh ar an uasteorainn 7 g $CO_2$/km ar na coigiltis $CO_2$ a d'fhéadfadh monaróir a chur san áireamh chun a chuid meánastaíochtaí a laghdú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcumhacht sin ó 2025 ar aghaidh.

Ní dhéanfar aon athrú ar na critéir cháilitheachta le haghaidh héiceanuálaíocht a mheas go dtí 2024. Ó 2025 ar aghaidh, toisc go mbainfear an tagairt do bhearta i dtaca le cur chuige comhtháite, beidh trealamh aerchóiriúcháin soghluaiste incháilithe mar éiceanuálaíocht.

*Airteagal 12 – Fíorastaíochtaí $CO_2$ agus fíor-ídiú fuinnimh*

Leis an Airteagal seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar a ionadaíoch atá an nós imeachta tástála WLTP ar na fíordhálaí domhanda agus a áirithiú go mbeidh an pobal ar an eolas faoi aon fhorbairt a thiocfaidh ar an ionadaíochas sin le himeacht ama.

Chun na críche sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún a iarraidh ar na Ballstáit agus ar mhonaróirí fíorshonraí a bhailiú agus a thuairisciú.

*Airteagal 13 – $M_0$ agus $TM_0$* **a choigeartú**

Bíonn an iarracht ar laghdú ar $CO_2$ dáilte idir na monaróirí ar bhonn mheánmhais an fhlít feithiclí thar thréimhse ar leith. Sloinntear an luach tagartha sin mar $M_0$ nó $TM_0$ ag brath ar cibé acu an mais i riocht feidhmithe (M) nó mais tástála na feithicle (TM) a úsáidtear. Soiléirítear leis an bhforáil an próiseas lena ndéantar an luach tagartha i dtaca le mais a choigeartú chun a áirithiú go leanfaidh na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha de bheith ag léiriú na sprice le haghaidh fhlít uile an Aontais. Le héifeacht ó 2025, ba cheart minicíocht na gcoigeartuithe sin a mhéadú ó gach trí bliana go gach dara bliain. De thoradh coigeartú a dhéanamh níos minice, is féidir athruithe ar an meánmhais tástála agus tionchar na n-athruithe sin ar an áit ina suitear monaróirí ar an gcuar teorainnluacha a chur san áireamh níos túisce.

*Airteagal 14 – Athbhreithniú agus tuairisciú*

Áirítear san Airteagal seo ceanglas ar an gCoimisiún tuarascáil a chur ar fáil maidir le héifeachtacht an Rialacháin seo, maille le togra i gcás inarb iomchuí. Tá sé beartaithe an tuarascáil a thíolacadh in 2024 chun go mbeidh sí ag teacht leis an athbhreithniú agus na forálacha tuairiscithe a mholtar faoin Rialachán maidir le comhroinnt díchill agus faoin Treoir maidir le córas trádála astaíochtaí.

San Airteagal seo freisin, coimeádtar na forálacha maidir leis an athbhreithniú ar an nós imeachta tástála cineálcheadaithe mar aon leis na cumhachtaí chun athruithe ar an nós imeachta tástála rialála a chur san áireamh.

*Airteagal 15 agus Airteagal 16 – Nós imeachta coiste agus tarmligean cumhachtaí*

Is forálacha caighdeánacha iad seo maidir leis an nós imeachta coiste agus tarmligean na gcumhachtaí.

*Airteagal 17 – Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007*

Is é is aidhm don leasú seo bunús dlí a thabhairt isteach i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 (an Rialachán maidir le hastaíochtaí cineálcheadaithe, Euro 5 agus Euro 6) ionas go gcuirfidh an Coimisiún nós imeachta comhréireachta inseirbhíse ar bun chun astaíochtaí $CO_2$ a fhíorú. Tá an nós imeachta sin ríthábhachtach chun go ndéanfar faireachas éifeachtach margaidh ar an gcóras cineálcheadaithe agus ar luachanna astaíochta $CO_2$ chun críocha spriocanna a chomhlíonadh.

*Airteagal 18 agus Airteagal 19 – Aisghairm agus teacht i bhfeidhm*

Déanfar Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2020. Ba cheart go dtiocfadh an Rialachán nua i bhfeidhm laistigh de 20 lá tar éis fhoilsiú an ghnímh.

***Iarscríbhínn I go hIarscríbhinn V***

**Iarscríbhinn I:** leagtar amach na foirmlí lena ríomhtar na spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha ba cheart do fhlíteanna feithiclí nuachláraithe na monaróirí a bhaint amach i dtaca lena meánastaíochtaí. Le Cuid A, cumhdaítear gluaisteáin paisinéirí; le Cuid B, cumhdaítear feithiclí tráchtála éadroma.

**Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III:** sna hIarscríbhinní seo, leagtar amach na paraiméadair faireacháin sonraí atá de dhíth chun na spriocanna a ríomh agus chun comhlíonadh na spriocanna a sheiceáil. In Iarscríbhinn III, ina gcumhdaítear feithiclí tráchtála éadroma, tagraítear don ghá atá le sainiúlacht na bhfeithiclí a dhéantar a chineálcheadú ar dhóigh ilchéimneach a mheas.

**Iarscríbhinn IV:** san Iarscríbhinn seo, liostaítear na gníomhartha reachtacha a chumhdaítear san athmhúnlú, i.e. an dá bhun-Rialachán, Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011, gona ngníomhartha leasaitheacha faoi seach.

**Iarscríbhinn V:** an tábla comhghaoil

| |
|---|
| 🡻 510/2011 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

2017/0293 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí ⌦ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus ⌫ d'fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú ⇨ agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ⇦ (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

---

| |
|---|
| ⇩ nua |

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] a leasú go suntasach roinnt uaireanta. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh orthu, ba cheart iad a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

(2) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2020 chun aistriú comhleanúnach éifeachtúil a áirithiú tar éis Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus

---

14 Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua phaisinéirí mar chuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú (IO L 140, 5.6.2009, lch. 1).

15 Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2011 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta d'astaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí $CO_2$ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú (IO L 145, 31.5.2011, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 a athmhúnlú agus a aisghairm. Mar sin féin, is iomchuí na caighdeáin feidhmíochta $CO_2$ a choimeád mar aon leis na módúlachtaí maidir lena mbaint amach mar a leagtar amach sna Rialacháin sin iad, gan athrú ar bith go dtí 2024.

---

🡻 443/2009 aithris 1

~~Is é is cuspóir don Rialachán seo caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí a shocrú do ghluaisteáin nua phaisinéirí a chláraítear sa Chomhphobal, ar cuspóir é is cuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú agus dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh á áirithiú ag an am céanna.~~

---

🡻 510/2011 aithris 1 (oiriúnaithe)

~~Le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide, a formheasadh thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 94/69/CE ón gComhairle[16], féachtar le tiúchana gás ceaptha teasa san atmaisféar a chobhsú ar leibhéal a choiscfeadh trasnaíocht chontúirteach antrapaigineach ar an gcóras aeráide. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, níor cheart go rachadh an méadú ar mheánteocht fhoriomlán bhliantúil dhromchla an domhain thar 2 chéim Celsius os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Léirítear sa cheathrú Tuarascáil Measúnaithe ón bPainéal Idir-rialtasach um Athrú Aeráide (IPCC) nach mór go sroichfidh astaíochtaí domhanda gás ceaptha teasa buaicphointe faoin mbliain 2020 má táthar chun an cuspóir sin a bhaint amach. Le linn a cruinnithe ar an 8, 9 Márta 2007, rinne an Chomhairle Eorpach gealltanas daingean go ndéanfaí astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa an Chomhphobail a laghdú 20 % ar a laghad faoin mbliain 2020 i gcomparáid le leibhéil 1990 agus gur 30 % a bheadh sa laghdú sin ar choinníoll go ndéanfadh tíortha forbartha eile gealltanas a ghlacadh orthu féin laghduithe inchomparáide a dhéanamh ar astaíochtaí agus go rannchuideodh na tíortha is mó dul chun cinn eacnamaíoch de réir a n-acmhainní faoi seach.~~

---

⇩ nua

(3) Leagtar amach cuspóir soiléir sa Straitéis Eorpach maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí[17]: faoi lár an chéid seo, ní mór astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair a bheith 60 % níos lú ar a laghad ná mar a bhí in 1990, agus a bheith ag dul i dtreo nialais. Ní mór astaíochtaí truailleán aeir ón earnáil iompair a dhéanann dochar dár sláinte a laghdú go mór gan mhoill. Ní mór astaíochtaí ó ghnáth-innill dócháin a laghdú tuilleadh tar éis 2020. Ní mór feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a úsáid agus sciar nach beag den mhargadh a ghnóthú faoi 2030.

(4) Léirítear sna Teachtaireachtaí ón gCoimisiún *Europe on the Move* [An Eoraip ag bogadh][18] agus *Delivering on the European Strategy for low-emission mobility A*

---

16 ~~IO L 33, 7.2.1994, lch. 11.~~

17 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún. Straitéis Eorpach maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (COM(2016)0501 final).

18 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún. *EUROPE ON THE MOVE: An agenda for a socially fair transition towards clean, competitive and connected mobility for all* [AN EORAIP AG BOGADH: Clár

*European Union that protects the planet, empowers its consumers, and defends its industry and workers* [An Straitéis Eorpach maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí a chur i gcrích: Aontas Eorpach a chosnaíonn an pláinéad, a chumhachtaíonn a thomhaltóirí agus a chosnaíonn a thionscal agus a oibrithe][19] *go gcuireann caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma an nuálaíocht agus an éifeachtúlacht chun cinn, agus go mbeidh siad ina gcuidiú chun iomaíochas thionscal na mótarfheithiclí a neartú agus go réiteoidh siad an bealach le haghaidh feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.*

(5) Leis an Rialachán seo, réitítear an bealach le haghaidh laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ i gcás earnáil an iompair de bhóthar agus cuidíonn sé an sprioc cheangailteach a bhaint amach maidir le laghdú 40 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa intíre ar fud an gheilleagair faoi 2030, i gcomparáid le 1990, faoi mar a formhuiníodh i gConclúidí na Comhairle Eorpaí an 23-24 Deireadh Fómhair 2014, agus arna fhormheas mar rannchuidiú beartaithe an Aontais arna chinneadh go náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras ag cruinniú den Chomhairle Comhshaoil an 6 Márta 2015.

(6) Formhuiníodh i gConclúidí na Comhairle Eorpaí, Deireadh Fómhair 2014, laghdú 30 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 2005 do na hearnálacha nach cuid de chóras trádála astaíochtaí an Aontais iad. Is í an earnáil iompair de bhóthar is cúis le cuid mhór d'astaíochtaí na n-earnálacha sin, agus tá na hastaíochtaí a bhaineann léi cuid mhór os cionn leibhéil 1990 go fóill. Más rud é go leantar den mhéadú ar na hastaíochtaí de bharr iompar de bhóthar, cealóidh sé na laghduithe atá á ndéanamh in earnálacha eile chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

(7) Leagadh béim i gConclúidí na Comhairle Eorpaí, Deireadh Fómhair 2014, ar an tábhacht a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na rioscaí a bhaineann le bheith spleách ar bhreosla iontaise in earnáil an iompair a laghdú trí bhíthin cur chuige cuimsitheach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de chun an laghdú ar astaíochtaí agus an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn in earnáil an iompair, le haghaidh iompar leictreach agus foinsí in-athnuaite fuinnimh in earnáil an iompair freisin tar éis 2020.

(8) Ar cheann de na cúig ghnéithe atá sa straitéis don aontas fuinnimh a glacadh an 25 Feabhra 2015, ar gnéithe iad a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile agus a neartaíonn a chéile, tá éifeachtúlacht fuinnimh chun cuidiú leis an éileamh a mhaolú chun fuinneamh atá slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a chur ar fáil do thomhaltóirí san Aontas. Luaitear sa straitéis don aontas fuinnimh, cé gur gá bearta a dhéanamh sna hearnálacha eacnamaíocha ar fad chun éifeachtúlacht an ídithe fuinnimh sna hearnálacha sin a mhéadú, go bhfuil cumas ollmhór san earnáil iompair ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de agus go bhféadfaí an cumas sin a bhaint amach ach leanúint de bheith ag díriú ar chaighdeáin astaíochta $CO_2$ le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma ag féachaint do spriocanna 2030.

(9) Ba é an tátal a baineadh as meastóireacht a rinneadh in 2015 ar Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 go raibh na Rialacháin sin ábhartha agus comhleanúnach den chuid is mó, caomhnaíodh méid suntasach astaíochtaí dá mbarr agus bhí siad níos costéifeachtaí ná mar a rabhthas ag súil leis.

---

oibre le haghaidh aistriú atá cothrom go sóisialta chuig soghluaisteacht do chách atá glan, iomaíoch agus nasctha] (COM(2017)0283 final).

19 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún [...]

Ina theannta sin, gineadh méid suntasach breisluacha don Aontas de bharr na Rialachán sin nach bhféadfaí a dhéanamh trí bhíthin bearta náisiúnta.

(10) Is iomchuí, dá bhrí sin, cuspóirí na Rialachán sin a shaothrú trí spriocanna nua laghdaithe $CO_2$ ar fud fhlít an Aontais Eorpaigh a leagan síos le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma don tréimhse go dtí 2030. Agus na leibhéil laghdúcháin á sainiú, cuireadh san áireamh a éifeachtaí agus a bheadh siad i gcuidiú ar bhealach costéifeachtach chun astaíochtaí na n-earnálacha arna gcumhdach leis an Rialachán maidir le comhroinnt dícheall a laghdú faoi 2030, agus na costais agus na coigiltis a bheadh ann don tsochaí, do mhonaróirí agus d'úsáideoirí feithiclí, agus na himpleachtaí indíreacha a bheadh acu ar an bhfostaíocht, an t-iomaíochas agus an nuálaíocht agus na comhthairbhí arna nginiúint i dtéarmaí truailliú aeir a laghdú agus cinnteacht sholáthar an fhuinnimh.

(11) Tháinig nós imeachta tástála nua i bhfeidhm in 2017 chun astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí saothair éadroim a thomhais, mar atá an nós imeachta tástála comhchuibhithe domhanda d’fheithiclí éadroma (WLTP), a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/1151[20] ón gCoimisiún. Soláthróidh an nós imeachta tástála nua sin luachanna astaíochtaí $CO_2$ agus luachanna ídithe breosla ar léiriú níos fearr iad ar na fíordhálaí domhanda. Is iomchuí, dá bhrí sin, na spriocanna astaíochtaí $CO_2$ nua a bheith bunaithe ar na hastaíochtaí $CO_2$ arna gcinneadh ar bhonn an nós imeachta tástála sin. Mar sin féin, i bhfianaise go mbeidh astaíochtaí $CO_2$ WLTP-bhunaithe ar fáil chun críocha sprioc a chomhlíonadh ó 2021 ar aghaidh, is iomchuí na caighdeáin feidhmíochta nua d'astaíochtaí a shainiú mar leibhéil laghdúcháin arna socrú i dtaca le meán na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha is infheidhme don bhliain 2021.

---

🡻 443/2009 aithris 2 (oiriúnaithe)

~~Le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide, a formheasadh thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 94/69/CE ón gComhairle[21], ceanglaítear go ndéanfaidh na páirtithe go léir cláir náisiúnta agus, nuair is iomchuí, cláir réigiúnacha a fhoirmliú agus a chur chun feidhme, ar cláir iad ina mbeidh bearta lena maolófar an t-athrú aeráide. I dtaca leis sin, mhol an Coimisiún in Eanáir 2007 gur cheart, i gcomhthéacs idirbheartaíochtaí idirnáisiúnta, go saothródh an tAontas Eorpach an cuspóir maidir le laghdú 30 % ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa ag tíortha forbartha a bhaint amach faoin mbliain 2020 (i gcomparáid le leibhéil 1990) agus gur cheart don Aontas féin gealltanas daingean neamhspleách a thabhairt maidir le laghdú 20 % ar a laghad ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa a bhaint amach faoin mbliain 2020 (i gcomparáid le leibhéil 1990) gan spleáchas do laghduithe arna mbaint amach ag tíortha forbartha eile. Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an gcuspóir seo.~~

---

20 ⇨ Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún (IO L 175, 7/7/2017, lch. 1).⇦

21 ~~IO L 33, 7.2.1994, lch. 11.~~

↓ 443/2009 aithris 3

~~Ar cheann de na himpleachtaí a bheidh ag na gealltanais sin, beidh ar na Ballstáit go léir laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí ó ghluaisteáin phaisinéirí. Ba cheart beartais agus bearta a chur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát agus an Chomhphobail i ngach earnáil de gheilleagar an Chomhphobail, agus ní hamháin san earnáil tionscail agus san earnáil fuinnimh, chun na laghduithe substaintiúla is gá a chruthú. Tá iompar de bhóthar ar an dara hearnáil is mó san Aontas i dtaca le hastú gáis ceaptha teasa agus tá méadú ag teacht fós ar líon na n-astaíochtaí sin. Más rud é go leantar den mhéadú ar an tionchar atá ag an iompar de bhóthar ar athrú aeráide, déanfaidh sé dochar suntasach do na laghduithe a dhéantar in earnálacha eile chun athrú aeráide a chomhrac.~~

↓ 510/2011 aithris 3

~~Ba cheart beartais agus bearta a chur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais i ngach uile earnáil de gheilleagar an Aontais, agus ní hamháin sna hearnálacha tionscail agus fuinnimh, chun na laghduithe is gá ar astaíochtaí a bhaint amach. Le Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarracht Ballstát a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chun gealltanais an Chomhphobail a chomhlíonadh maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa suas go dtí 2020 ([22]), déantar foráil maidir le meánlaghdú 10 % i gcomparáid le leibhéil 2005 sna hearnálacha nach bhfuil clúdaithe faoi Scéim Trádála Astaíochtaí an AE, arna bunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal([23]), lena n-áirítear iompar de bhóthar. Tá iompar de bhóthar ar an dara hearnáil is mó san Aontas i dtaca le hastú gás ceaptha teasa agus tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon a astaíochtaí, lena n-áirítear astaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma. Má leantar den mhéadú ar astaíochtaí ó iompar de bhóthar, bainfear an bonn go suntasach d'iarrachtaí arna ndéanamh ag earnálacha eile chun athrú aeráide a chomhrac.~~

↓ 443/2009 aithris 4

~~Le spriocanna Comhphobail do ghluaisteáin nua phaisinéirí, cruthaítear níos mó cinnteachta do mhonaróirí maidir le pleanáil, mar aon le níos mó solúbthachta a chruthú chun na ceanglais a chomhlíonadh maidir le laghdú $CO_2$, ná mar a chruthófaí le spriocanna náisiúnta ar leith maidir le laghdú. Le linn caighdeáin feidhmíochta astaíochta a shocrú, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar na himpleachtaí a bheidh ann do na margaí agus d'iomaíochas monaróirí, ar na costais dhíreacha agus ar na costais neamhdhíreacha a fhorchuirfear ar ghnóthaí agus ar na sochair a bheidh ann ó thaobh spreagadh na nuálaíochta de agus ó thaobh laghdú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a úsáidtear.~~

[22] ~~IO L 140, 5.6.2009, lch. 136.~~
[23] ~~IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.~~

🡻 443/2009 aithris 5 (oiriúnaithe)

(12) ~~Leis an Rialachán seo, cuirtear le próiseas seanbhunaithe trína ndéantar tomhas agus faireachán ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí arna gclárú sa Chomhphobal i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1753/2000/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 2000 lena mbunaítear scéim chun faireachán a dhéanamh ar na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ ó ghluaisteáin nua phaisinéirí[24].~~ Tá sé tábhachtach gurb é a tharlóidh, de thoradh ar cheanglais a leagan amach maidir le laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ , ~~ná~~ go leanfar de chinnteacht na hintuarthachta agus na pleanála a sholáthar ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ do mhonaróirí feithiclí maidir lena bhflít gluaisteán nua ⌦ agus a bhflít feithiclí tráchtála éadroma nua ⌫~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫.

🡻 510/2011 aithris 5

~~Chun iomaíochas thionscal na ngluaisteán san Eoraip a fheabhsú, ba cheart go mbainfí úsáid as scéimeanna dreasachta, amhail éicea-nuálaíochtaí a fhritháireamh agus sárchreidmheasanna a dhámhachtain.~~

⇩ nua

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, leibhéil laghdúcháin a shocrú do 2025 agus 2030 le haghaidh flíteanna gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua ar fud an Aontais, ag cur san áireamh an t-am is gá chun an flít feithiclí a athnuachan agus an gá don earnáil iompair de bhóthar cuidiú chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach. Comhartha luath agus soiléir is ea an cur chuige céim ar chéim sin freisin do thionscal na mótarfheithiclí gan moill a chur ar theicneolaíocht atá tíosach ar fhuinneamh agus feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a thabhairt a fhad leis an margadh.

(14) Cé go bhfuil an tAontas ar cheann de na príomhtháirgeoirí mótarfheithiclí ar domhan, agus go léiríonn sé ceannaireacht theicneolaíoch san earnáil sin, tá an iomaíocht ag dul i méid agus tá an earnáil mótarfheithiclí ag athrú go tapa a bhuí le nuálaíochtaí nua i ngléasraí cumhachta leictrithe agus le soghluaisteacht chomhoibríoch, nasctha agus uathoibrithe. Chun go leanfaidh an tAontas de bheith iomaíoch ar an leibhéal domhanda, agus rochtain a bheith aige ar na margaí, tá creat rialála de dhíth air, lena n-áirítear dreasacht ar leithligh i réimse na bhfeithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, rud a chruthóidh mórmhargadh baile agus a thacóidh le forbairt agus nuálaíocht teicneolaíochta.

(15) Ba cheart sásra tiomnaithe dreasachta a thabhairt isteach chun aistriú rianúil chuig soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí a éascú. Ba cheart an sásra creidiúnúcháin sin a cheapadh sa chaoi is go gcuirfidh sé chun cinn úsáid feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha ar mhargadh an Aontais.

(16) Ach tagarmharc a leagan síos le haghaidh an sciar d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a bheadh i bhflít an Aontais Eorpaigh chomh maith le sásra dea-

24 ~~IO L 202, 10.8.2000, lch. 1.~~

cheaptha chun sprioc $CO_2$ sonrach monaróra a choigeartú ar bhonn an sciar d'fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a bheadh i bhflít an mhonaróra féin, ba cheart gur chomhartha láidir intuigthe a bheadh sa mhéid sin ar son fhorbairt agus úsáid na bhfeithiclí sin, ach go bhféadfaí tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ngnáth-inneall dócháin inmheánaigh mar sin féin.

(17) Agus na creidiúintí le haghaidh feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha á gcinneadh, is iomchuí a chur san áireamh an difear idir astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí sin. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an sásra coigeartúcháin sin go mbeadh sprioc shonrach $CO_2$ níos airde ag monaróir a sháródh leibhéal an tagarmhairc. Chun cur chuige cothrom a áirithiú, ba cheart na teorainneacha a shocrú ar an leibhéal coigeartúcháin is indéanta faoin sásra sin. Ar an gcaoi sin, déanfar foráil maidir le dreasachtaí, a chuirfidh chun cinn cur i bhfeidhm tráthúil bonneagair athluchtúcháin agus athbhreoslúcháin agus a mbeidh neart sochar ag dul leo do thomhaltóirí, don iomaíochas agus don chomhshaol.

---

↓ 443/2009 aithris 6 (oiriúnaithe)

~~Sa bhliain 1995, ghlac an Coimisiún Straitéis Chomhphobail maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin a laghdú. Bhí an straitéis bunaithe ar thrí cholún: gealltanais dheonacha ó thionscal na ngluaisteán go ngearrfaí siar ar astaíochtaí, feabhas a chur ar an bhfaisnéis a thugtar do thomhaltóirí agus gluaisteáin bhreosla-thíosacha a chur chun cinn trí bhearta fioscacha a chur i bhfeidhm.~~

---

↓ 443/2009 aithris 7 (oiriúnaithe)

~~Sa bhliain 1998, ghlac Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na hEorpa (ACEA) gealltanas orthu féin go ndéanfaidís na meánastaíochtaí ó ghluaisteáin nua a dhíoltar a laghdú go 140 g $CO_2$/km faoin mbliain 2008 agus, sa bhliain 1999, ghlac Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na Seapáine (JAMA) agus Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na Cóiré (KAMA) gealltanas orthu féin go ndéanfaidís na meánastaíochtaí ó ghluaisteáin nua a dhíoltar a laghdú go 140 g $CO_2$/km faoin mbliain 2009. Tugadh aitheantas do na gealltanais sin le Moladh 1999/125/CE ón gCoimisiún an 5 Feabhra 1999 maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin phaisinéirí a laghdú[25] (ACEA), le Moladh 2000/303/CE ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2000 maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin phaisinéirí a laghdú (KAMA)[26] agus le Moladh 2000/304/CE ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2000 maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin phaisinéirí a laghdú (JAMA)[27].~~

---

↓ 443/2009 aithris 8 (oiriúnaithe)

~~An 7 Feabhra 2007, ghlac an Coimisiún dhá Theachtaireacht chomhthreomhara: Teachtaireacht lena leagtar amach torthaí an athbhreithnithe ar Straitéis an Chomhphobail maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin phaisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma a laghdú agus Teachtaireacht maidir le Creat Rialála do Thionscal Gluaisteán Iomaíoch don 21ú~~

25 ~~IO L 40, 13.2.1999, lch. 49.~~
26 ~~IO L 100, 20.4.2000, lch. 55.~~
27 ~~IO L 100, 20.4.2000, lch. 57.~~

~~hAois (CARS 21). Sna Teachtaireachtaí sin, leagadh béim ar an dul chun cinn atá déanta chun an sprioc 140 g $CO_2$/km a bhaint amach faoi 2008/2009, ach meabhraíodh nach bhféadfaí sprioc 120 g $CO_2$/km an Chomhphobail a bhaint amach faoin mbliain 2012 in éagmais beart breise.~~

---

↓ 510/2011 aithris 8 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart go mbeadh na forálacha lena ndéantar an cuspóir maidir le hastaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcreat reachtach lena ndéantar na cuspóirí maidir le hastaíochtaí ón bhflít gluaisteán paisinéirí nua a chur chun feidhme, ar creat é atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua phaisinéirí mar chuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú ([28]).~~

---

↓ 443/2009 aithris 9 (oiriúnaithe)

~~Moladh sna Teachtaireachtaí go gcuirfí cur chuige comhtháite i bhfeidhm d'fhonn sprioc 120 g $CO_2$/km an Chomhphobail a bhaint amach faoin mbliain 2012 agus fógraíodh iontu go molfadh an Coimisiún creat reachtach chun cuspóir an Chomhphobail a bhaint amach trí dhíriú ar laghduithe sainordaitheacha ar astaíochtaí $CO_2$ chun cuspóir 130 g $CO_2$/km a bhaint amach ar an meán i bhflít na ngluaisteán nua trí fheabhsuithe a dhéanamh ar theicneolaíocht mhótarfheithicle. I gcomhréir leis an gcur chuige faoi na gcalltanais dheonacha arna nglacadh ag monaróirí, cuimsítear na heilimintí sin a dtugtar aird orthu agus astaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin phaisinéirí á dtomhas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí[29]. Déanfar laghdú breise 10 g $CO_2$/km, nó a choibhéis má tá gá teicniúil leis, trí fheabhsuithe eile teicneolaíochta agus trí mhéadú a dhéanamh ar úsáid bithbhreoslaí inbhuanaithe.~~

---

↓ 443/2009 aithris 10 (oiriúnaithe)

(18) Leis an gcreat reachtach chun an mheánsprioc do fhlít na ngluaisteán nua ⌦ agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua ⌫ a chur chun feidhme, ba cheart go n-áiritheofaí spriocanna laghdúcháin atá neodrach ó thaobh iomaíochta de, cothrom ar bhonn sóisialta agus inbhuanaithe, agus ar spriocanna iad lena gcuirfear i gcuntas an éagsúlacht atá ann i measc mhonaróirí gluaisteán na hEorpa agus lena seachnófar aon saobhadh iomaíochta nach bhfuil call leis eatarthu. ~~Ba cheart go mbeadh an creat reachtach comhoiriúnach don chuspóir foriomlán maidir le spriocanna Kiótó an Chomhphobail a bhaint amach agus ba cheart go gcomhlánófaí é le hionstraimí eile a bheadh níos baintí le húsáid, amhail cánacha difreáilte do ghluaisteáin agus d'fhuinneamh.~~

---

28 ~~IO L 140, 5.6.2009, lch. 1.~~
29 ~~IO L 171, 29.6.2007, lch. 1.~~

↓ 443/2009 aithris 11

~~Ba cheart maoiniú iomchuí a áirithiú i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh chun forbairt teicneolaíochtaí atá ceaptha chun laghdú mór a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí bóthair a chur chun cinn.~~

↓ 443/2009 aithris 12 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(19) Chun go ndéanfar éagsúlacht mhargadh ~~na ngluaisteán~~ ⌦ na ngluaisteán paisinéirí agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma ⌫ agus an cumas atá ann freastal ar riachtanais éagsúla na dtomhaltóirí a choimeád ar bun, ba cheart na spriocanna $CO_2$ ~~do ghluaisteáin phaisinéirí~~ a shainiú de réir fhóntas na ~~ngluaisteán~~ ⌦ bhfeithiclí ⌫ ar bhonn líneach. ⇨Meastar go bhfuil sé comhleanúnach leis an gcóras atá i bhfeidhm cheana mais a choimeád mar an paraiméadar fóntais. Ba cheart an paraiméadar a athrú ó mhais na feithicle i riocht feidhmithe go dtí mais tástála na feithicle mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2017/1151 an 1 Meitheamh 2017 le héifeacht ó 2025, chun mais na bhfeithiclí atá in úsáid ar an mbóthar a léiriú níos fearr.⇦ ~~Thairis sin, tá sonraí maidir le mais ar fáil go héasca. Ba cheart sonraí maidir le paraiméadair ailtéarnacha fóntais, amhail an lorg (leithead an riain arna iolrú faoin rothfhad), a bhailiú d'fhonn meastóireachtaí níos fadtéarmaí ar an gcur chuige fóntas-bhunaithe a éascú. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh faoin mbliain 2014 ar infhaighteacht na sonraí agus, más iomchuí, togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le paraiméadar an fhóntais a oiriúnú.~~

⇩ nua

(20) Níor cheart go dtarlódh sé go ndéanfaí na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais Eorpaigh a choigeartú de bharr athruithe ar mheánmhais an fhlít. Ba cheart athruithe ar an meánmhais a léiriú, dá bhrí sin, gan mhoill sna ríomha sonracha a bhaineann le spriocanna astaíochtaí agus ba cheart, dá bhrí sin, na coigeartuithe ar luach na meánmhaise a úsáidtear chuige sin a dhéanamh gach ré bhliain le héifeacht ó 2025.

(21) Chun iarracht an laghdaithe ar astaíochtaí a dháileadh ar bhealach atá neodrach agus cothrom den chuid is mó, agus a léiríonn éagsúlacht an mhargaidh le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma, agus i bhfianaise an athraithe in 2021 go dtí spriocanna sonracha astaíochtaí WLTP-bhunaithe, is iomchuí fána an chuair teorainnluacha a chinneadh ar bhonn astaíochtaí sonracha na bhfeithiclí nuachláraithe ar fad sa bhliain sin, agus an t-athrú ar spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh, d'fhonn iarracht chothrom a áirithiú i measc na monaróirí uile i dtaca le laghduithe. Maidir le feithiclí tráchtála éadroma, ba cheart an cur chuige céanna atá i bhfeidhm maidir le monaróirí gluaisteán a chur i bhfeidhm ar mhonaróirí veaineanna atá níos éadroime agus gluaisteándhíoraithe, ach ba cheart fána seasta níos airde a shocrú le haghaidh monaróirí feithiclí níos troime, don spriocthréimhse uile.

🡻 443/2009 aithris 13 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(22) Is é is aidhm don Rialachán seo dreasachtaí a chruthú do thionscal na ~~ngluaisteán~~ mótarfheithiclí chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua. Leis an Rialachán seo, cuirtear éicea-nuálaíocht chun cinn go gníomhach agus ⇨ soláthraítear sásra trínar cheart aitheantas a thabhairt d'fhorbairtí ⇦ ~~cuirtear forbairtí~~ teicneolaíocha a bheidh ann amach anseo~~san áireamh~~. ~~Ba cheart, go háirithe, go ndéanfaí forbairt teicneolaíochtaí nuálacha um ghluaiseacht a chur chun cinn mar gur lú go mór na hastaíochtaí a thagann astu ná as gluaisteáin thraidisiúnta phaisinéirí. Ar an dóigh seo, déantar iomaíochas fadtéarma an tionscail Eorpaigh a chur chun cinn agus cruthaítear níos mó post ardchaighdeáin. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh i dtaobh an bhféadfaí bearta éicea-nuálaíochta a áireamh san athbhreithniú ar nósanna imeachta tástála de bhun Airteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007, agus aird á tabhairt ar an tionchar teicniúil agus ar an tionchar eacnamaíoch a bheadh ag gabháil le háireamh na mbeart sin.~~ ⇨ Is léir ón taithí a fuarthas gur chuidigh na héiceanuálaíochtaí go mór le cost-éifeachtacht Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 agus chun fíorastaíochtaí $CO_2$ a laghdú. Ba cheart an mhódúlacht a choimeád, dá bhrí sin, agus an raon feidhme a leathnú amach chun feabhsuithe ar chórais aerchóiriúcháin a spreagadh ó thaobh na héifeachtúlachta de. ⇦

---

🡻 510/2011 aithris 12

~~Le Treoir 1999/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 1999 a bhaineann le hinfhaighteacht faisnéise do thomhaltóirí maidir le barainneacht bhreosla agus astaíochtaí $CO_2$ i dtaca le gluaisteáin phaisinéirí nua a mhargú ([30]), ceanglaítear cheana féin go ndéanfar na sonraí oifigiúla faoi astaíochtaí $CO_2$, mar aon le léiriú oifigiúil ar an méid breosla a úsáideann an fheithicil, a sholáthar d'úsáideoirí deiridh sa litríocht bholscaireachta a bhaineann le gluaisteáin. I Moladh 2003/217/CE ón gCoimisiún an 26 Márta 2003 maidir le forálacha Threoir 1999/94/CE, a bhaineann le litríocht bholscaireachta, a chur i bhfeidhm maidir le meáin eile ([31]), thug sé léirmhíniú á rá go bhfolaíonn an ceanglas sin fógraíocht. Dá bhrí sin, ba cheart raon feidhme Threoir 1999/94/CE a leathnú, faoin mbliain 2014 ar a dhéanaí, chuig feithiclí tráchtála éadroma, ionas gur cheart go gceanglófaí go ndéanfaí sonraí oifigiúla faoi astaíochtaí $CO_2$ agus léiriú oifigiúil ar an méid breosla a úsáideann an fheithicil, i gcás ina ndéantar faisnéis a bhaineann le fuinneamh nó le praghas a nochtadh, a sholáthar d'úsáideoirí deiridh i bhfógráin le haghaidh aon fheithiclí tráchtála éadroma.~~

---

⇩ nua

(23) Ba cheart cothromaíocht a áirithiú, mar sin féin, idir na dreasachtaí a thugtar d'éiceanuálaíochtaí agus do na teicneolaíochtaí sin dá léirítear éifeacht an laghdaithe ar astaíochtaí sa nós imeachta tástála oifigiúil. Dá bhrí sin, is iomchuí uasteorainn a choimeád ar na coigiltis ó thaobh éiceanuálaíochta de a fhéadfaidh monaróir a chur san áireamh chun críocha sprioc a chomhlíonadh. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag

[30] ~~IO L 12, 18.1.2000, lch. 16.~~
[31] ~~IO L 82, 29.3.2003, lch. 33.~~

an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na huasteorann, go háirithe chun a chur san áireamh éifeachtaí an athraithe ar an nós imeachta tástála oifigiúil. Is iomchuí freisin a shoiléiriú conas is ceart na coigiltis a ríomh chun críocha sprioc a chomhlíonadh.

---

↓ 443/2009 aithris 14

~~Mar aitheantas do na costais an-ard ar thaighde agus ar fhorbairt, agus ar tháirgeadh an aonaid, i ndáil le leaganacha tosaigh de theicneolaíochtaí feithiclí carbóin an-íseal atá le tabhairt isteach sa mhargadh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féachtar leis an Rialachán seo leis an bpróiseas trína dtabharfar feithiclí carbóin shár-ísil isteach sa mhargadh Comhphobail, ag na céimeanna tosaigh dá ré thráchtála, a luathú agus a éascú ar bhonn eatramhach.~~

---

↓ 443/2009 aithris 15 (oiriúnaithe)

~~I dtéarmaí "ón tobar go dtí an roth", féadfar laghduithe suntasacha $CO_2$ a fháil ach breoslaí ailtéarnacha áirithe a úsáid. Ionchorpraítear leis an Rialachán seo, dá bhrí sin, forálacha sonracha arb é is aidhm dóibh úsáid mhéadaithe feithiclí áirithe a thiomáintear le breosla ailtéarnach a chur chun cinn sa mhargadh Comhphobail.~~

---

↓ 510/2011 aithris 15

~~Faoin 1 Eanáir 2012 ar a dhéanaí, agus d'fhonn feabhas a chur ar bhailiú sonraí ar an méid breosla a úsáidtear, agus ar tomhas an méid breosla a úsáidtear, ba cheart don Choimisiún breithniú i dtaobh an leasófar an reachtaíocht ábhartha chun go mbeidh oibleagáid inti á rá nach mór do mhonaróirí a lorgann cineál-cheadú d'fheithiclí chatagóir N1, arna sainmhíniú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat maidir le formheas mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin ([32]), gach feithicil a threalmhú le méadar a thaispeánann an méid breosla a úsáidtear.~~

---

↓ 443/2009 aithris 16

~~Chun go mbeidh comhsheasmhacht ann leis an gcur chuige a glacadh faoi stráitéis an Choimisiúin i leith $CO_2$ agus gluaisteán, go háirithe maidir leis na gealltanais dheonacha arna nglacadh ag comhlachais na monaróirí, ba cheart an sprioc a chur i bhfeidhm maidir le gluaisteáin nua phaisinéirí a chláraítear sa Chomhphobal den chéad uair ar feithiclí iad nár cláraíodh roimhe sin lasmuigh den Chomhphobal ach amháin ar feadh tréimhse teoranta, ar mhaithe le mí-úsáid a sheachaint.~~

---

[32] ~~IO L 263, 9.10.2007, lch. 1.~~

🡻 510/2011 aithris 16

Chun comhsheasmhacht le Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 a áirithiú agus chun droch-úsáid a sheachaint, ba cheart an sprioc a chur i bhfeidhm ar fheithiclí tráchtála éadroma nua a chláraítear san Aontas den chéad uair agus nach raibh cláraithe roimhe sin lasmuigh den Aontas ach ar feadh tréimhse teoranta.

---

🡻 510/2011 aithris 17 (oiriúnaithe)

(24) Le Treoir 2007/46/CE, bunaítear creat comhchuibhithe ina bhfuil na forálacha riaracháin agus na ceanglais ghinearálta theicniúla maidir leis na feithiclí nua go léir atá faoina raon feidhme a fhormheas ⌦ cheadú ⌫. Maidir leis an eintiteas atá freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo, ba cheart gurb é an t-eintiteas céanna é atá freagrach as gach gné den phróiseas cineál-cheadaithe i gcomhréir le Treoir 2007/46/CE agus as comhréireacht táirgeachta a áirithiú.

---

🡻 443/2009 aithris 18

(25) Chun críocha cineál-cheadaithe, tá feidhm ag ceanglais shonracha maidir le feithiclí sainchuspóra, mar a shainmhínítear iad in Iarscríbhinn II de Threoir 2007/46/CE agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Maidir le feithiclí a aicmítear mar fheithiclí chagatóir M1 roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar feithiclí iad atá tógtha go sonrach chun críocha tráchtála le go mbeifear in ann cathaoir rothaí a úsáid laistigh den fheithicil agus ar feithiclí iad a chomhlíonann an sainmhíniú ar fheithicil sainchuspóra in Iarscríbhinn II de Threoir 2007/46/CE, ba cheart iad a eisiamh freisin ó raon feidhme an Rialacháin seo i gcomhréir le beartas an Chomhphobail maidir le cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas.

---

🡻 510/2011 aithris 18 (oiriúnaithe)

Ba cheart solúbthacht a bheith ag na monaróirí cinneadh a dhéanamh faoi conas a bhainfidh siad a sprioceanna amach faoin Rialachán seo agus ba cheart ligean dóibh astaíochtaí a mheánú thar fhlít a bhfeithiclí nua seachas dualgas a bheith orthu na sprioceanna $CO_2$ a urramú i gcás gach feithicle ar leith. Ba cheart, dá bhrí sin, go gceanglófaí ar mhonaróirí a áirithiú nach dtéann an mheánastaíocht shonrach a bhaineann leis na feithiclí tráchtála éadroma nua uile a chláraítear san Aontas agus a bhfuil freagracht orthu ina leith thar mheán na sprioceanna astaíochta do na feithiclí sin. Ba cheart an ceanglas sin a chéimniú isteach idir 2014 agus 2017 chun tabhairt isteach an cheanglais a éascú. Tá sé sin comhsheasmhach leis na hagaí tionscanta a thugtar, agus le ré na tréimhse don chéimniú isteach atá socruithe, i Rialachán (CE) Uimh. 443/2009.

↓ 443/2009 aithris 19 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart solúbthacht a bheith ag na monaróirí cinneadh a dhéanamh faoi conas a bhainfidh siad a spriocanna amach faoin Rialachán seo agus ba cheart ligean dóibh astaíochtaí a mheánú thar fhlít a ngluaisteán nua seachas dualgas a bheith orthu na spriocanna $CO_2$ a urramú i gcás gach gluaisteáin ar leith. Ba cheart, dá bhrí sin, go gceanglófaí ar mhonaróirí a áirithiú nach dtéann meán na n-astaíochtaí sonracha a bhaineann leis na gluaisteáin nua uile a chláraítear sa Chomhphobal agus a bhfuil freagracht orthu ina leith thar mheán na spriocanna astaíochta do na gluaisteáin sin. Ba cheart an ceanglas seo a chéimniú isteach idir na blianta 2012 agus 2015 d'fhonn an idirthréimhse a éascú.~~

---

↓ 510/2011 aithris 19 (oiriúnaithe)

~~Chun a áirithiú go léiríonn spriocanna sainiúlachtaí mionmhonaróirí agus monaróirí nideoige agus go bhfuil siad comhsheasmhach le cumas laghdúcháin an mhonaróra, ba cheart spriocanna ailtéarnacha laghdaithe astaíochtaí a shocrú do na monaróirí sin i gcomhréir le saintréithe na dteascán sin den mhargadh lena mbaineann agus aird á tabhairt ar chumas teicneolaíoch feithiclí monaróra áirithe chun a n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ a laghdú. Maidir leis an maolú sin, ba cheart go gcumhdófaí é san athbhreithniú ar na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha atá in Iarscríbhinn I, ar athbhreithniú é atá le críochnú faoi thosach na bliana 2013 ar a dhéanaí.~~

---

↓ 443/2009 aithris 20 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(26) Ní hiomchuí an modh céanna a úsáid chun na spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí a chinneadh do mhonaróirí ardtáirgeachta agus a úsáidtear leis na spriocanna sin a chinneadh do mhonaróirí ísealtáirgeachta a mheastar a bheith neamhspleách ar bhonn na gcritéar a leagtar amach sa Rialachán seo. Maidir leis na monaróirí ísealtáirgeachta sin, ba cheart go mbeadh ⇨ an deis acu iarratas a dhéanamh ar ⇦ spriocanna ailtéarnacha ~~acu~~ maidir le laghdú astaíochtaí, ar spriocanna iad a bhaineann le cumas teicneolaíoch feithiclí monaróra áirithe chun a n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ a laghdú agus atá i gcomhréir le saintréithe na dteascán sin den mhargadh lena mbaineann. ~~Maidir leis an maolú seo, ba cheart go mbeadh sé san áireamh san athbhreithniú, atá le críochnú roimh thosach na bliana 2013 ar a dhéanaí, ar na spriocanna maidir le hastaíochtaí sonracha atá in Iarscríbhinn I.~~

---

↓ 333/2014 aithris 7 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(27) Mar aitheantas ar an tionchar díréireach ar na monaróirí is lú a eascraíonn as comhlíonadh na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha a shainmhínítear ar bhonn fhóntas na feithicle, ar ualach mór riaracháin an nós imeachta maolaithe, agus ar an

tairbhe imeallach uaidh sin i dtéarmaí ⌦ laghdú ar ⌫ astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí a dhíolann na monaróirí sin, ba cheart go ndéanfaí monaróirí atá freagrach as níos lú ná ⌦ 1 ⌫ 000 gluaisteán nua paisinéirí ⌦ agus feithicil tráchtála éadroma nua ⌫ arna gclárú san Aontas in aghaidh na bliana a eisiamh ó raon feidhme na sprice i leith astaíochtaí sonracha agus ó phréimh na n-astaíochtaí iomarcacha. ⇨ I gcás ina ndéanfaidh monaróir atá cumhdaithe ag maolú iarratas ar mhaolú mar sin féin agus ina dtabharfar an maolú sin dó, is iomchuí a cheangal ar an monaróir sin sprioc an mhaolaithe sin a chomhlíonadh. ⇦ ~~D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú a luaithe is féidir do na monaróirí sin, tá sé riachtanach go bhfuil feidhm ag an maolú seo ón 1 Eanáir 2012.~~

---

| ➔ 333/2014 aithris 9 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

(28) ~~Ba cheart leanúint leis~~Áiritheoidh an nós imeachta chun maoluithe a dheonú ⇨ ón sprioc 95 g $CO_2$/km don fhlít ⇦ do mhonaróirí nideoige ~~tar éis 2020~~. ~~Lena áirithiú~~ go mbeidh an iarracht ar laghdú atá riachtanach ó mhonaróirí nideoige comhsheasmhach le hiarracht monaróirí ardtáirgeachta ⇨ maidir leis an sprioc sin. ⇦ ~~. , ba cheart sprioc 45% níos ísle ná meánastaíochtaí sonracha na monaróirí nideoige in 2007 a bheith i bhfeidhm ó 2020 i leith..~~ ⇨ Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas roimhe seo go bhfuil an cumas céanna ag na monaróirí nideoige agus atá ag monaróirí ardtáirgeachta spriocanna $CO_2$ a chomhlíonadh, agus maidir leis na spriocanna arna socrú ó 2025 amach, ní mheastar go bhfuil sé iomchuí idirdhealú a dhéanamh idir an dá chatagóir monaróirí sin.⇦

---

| ➔ 510/2011 aithris 20 |
|---|

~~Le Straitéis an Aontais maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin phaisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma a laghdú, bunaíodh cur chuige comhtháite, d'fhonn sprioc 120 g $CO_2$/km an Aontais a bhaint amach faoi 2012, agus léiríodh freisin fís fhadtéarmach maidir le tuilleadh laghduithe ar astaíochtaí. Le Rialachán (CE) Uimh. 443/2009, tugtar bunús don dearcadh fadtéarmach sin trí sprioc 95 g $CO_2$/km a shocrú mar mheánastaíochtaí don fhlít gluaisteán nua. Chun comhsheasmhacht leis an gcur chuige sin a áirithiú agus chun cinnteacht pleanála a sholáthar don tionscal, ba cheart sprioc fhadtéarmach a shocrú i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó fheithiclí tráchtála éadroma sa bhliain 2020.~~

---

| ➔ 443/2009 aithris 21 (oiriúnaithe) |
|---|

~~Maidir le monaróirí nideoige, ba cheart ligean dóibh tairbhe a bhaint as sprioc ailtéarnach atá 25 % níos ísle ná meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ a bhí acu sa bhliain 2007. Ba cheart sprioc choibhéiseach a chinneadh i gcás nach bhfuil faisnéis ann don bhliain 2007 faoi mheán na n-astaíochtaí sonracha a bhí ag monaróir. Maidir leis an maolú seo, ba cheart go mbeadh sé san áireamh san athbhreithniú, atá le críochnú roimh thosach na bliana 2013 ar a dhéanaí, ar na spriocanna maidir le hastaíochtaí sonracha atá in Iarscríbhinn I.~~

↓ 443/2009 aithris 22 (oiriúnaithe)

(29) Le linn ~~meán na n-astaíochtaí sonracha~~ ⌦ na meanastaíochtaí sonracha ⌫ $CO_2$ a chinneadh maidir leis na gluaisteáin nua uile ⌦ agus na feithiclí tráchtála éadroma nua uile ⌫ a chláraítear ~~sa Chomhphobal~~⌦ san Aontas ⌫ agus a bhfuil freagracht ar mhonaróirí ina leith, ba cheart go gcuirfí na gluaisteáin ⌦ agus na feithiclí tráchtála éadroma ⌫ uile san áireamh, ~~gan spleáchas dá mais nó dá~~ ⌦ gan bheann ar a mais ná ar a ⌫ saintréithe eile. Cé nach bhfuil gluaisteáin phaisinéirí ⌦ agus feithiclí tráchtála éadroma ⌫a dtéann a mais tagartha thar 2 610 kg agus nach dtagann faoin gcineál-cheadú i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 cumhdaithe le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007, ba cheart go dtomhaisfí na hastaíochtaí do na ~~gluaisteáin~~⌦ feithiclí ⌫ sin i gcomhréir leis an nós imeachta céanna tomhais a shonraítear ~~do ghluaisteáin phaisinéirí~~ ⌦d'fheithiclí saothair éadroim ⌫ i Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún[33] ⌦, Rialachán (AE) 2017/1151, agus i Rialachán cur chun feidhme (AE) 2017/1152[34] ón gCoimisiún agus Rialachán cur chun feidhme (AE) 2017/1153[35] ón gCoimisiún ⌫. Maidir le luachanna na n-astaíochtaí $CO_2$ a fhaightear de thoradh ar an nós imeachta seo, ba cheart iad a iontráil ar dheimhniú comhréireachta na feithicle chun go bhféadfar iad a áireamh sa scéim faireacháin.

---

↓ 510/2011 aithris 22 (oiriúnaithe)

(30) Ba cheart astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó fheithiclí ⌦ tráchtála éadroma ⌫ críochnaithe a leithdháileadh ~~chuig~~ar mhonaróir na bonnfheithicle.

---

↓ 510/2011 aithris 23

~~Chun a áirithiú go mbeidh luachanna na n-astaíochtaí $CO_2$ agus na barainneachta breosla a ghabhann le feithiclí críochnaithe ionadaíoch, ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún nós imeachta sainiúil ar aghaidh agus go ndéanfadh sé breithniú, i gcás inarb iomchuí, i dtaobh athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht um chineál-cheadú.~~

---

33 Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2008 lena gcuirtear chun feidhme ⌦agus lena leasaítear ⌫ Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 199, 28.7.2008, lch. 1).

34 Rialachán (AE) 2017/1152 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017 lena leagtar amach modheolaíocht chun na paraiméadair chomhghaolaithe a chinneadh is gá chun an t-athrú ar nós imeachta na tástála rialála a léiriú maidir le feithiclí tráchtála éadroma agus lena leasaítear Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 293/2012 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 644).

35 Rialachán (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017 lena leagtar amach modheolaíocht chun na paraiméadair chomhghaolaithe a chinneadh is gá chun an t-athrú ar nós imeachta na tástála rialála a léiriú maidir le feithiclí tráchtála éadroma agus lena leasaítear Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 1014/2010 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 679).

⇩ nua

(31) Ba cheart cás sonrach monaróirí feithiclí tráchtála éadroma a tháirgeann feithiclí neamhiomlána a dhéantar a chineálcheadú ar dhóigh ilchéimneach, a gcás siúd a mheas. Cé go bhfuil na monaróirí sin freagrach as na spriocanna astaíochtaí $CO_2$ a chomhlíonadh, ba cheart an fhéidearthacht a bheith acu astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí lánchríochnaithe a thuar go réasúnta cinnte. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcuirtear na riachtanais sin in iúl ar bhealach iomchuí i Rialachán (AE) 2017/1151.

---

🡻 443/2009 aithris 23 (oiriúnaithe)

(32) Chun foráil a dhéanamh maidir le solúbthacht ar mhaithe lena spriocanna faoin Rialachán seo a bhaint amach, féadfaidh na monaróirí teacht ar chomhaontú maidir le linn a ~~chur ar bun~~ ⌦dhéanamh ⌫ ar bhonn oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Níor cheart go mairfeadh comhaontú maidir le linn a ~~chur ar bun~~ ⌦ dhéanamh ⌫ níos faide ná cúig bliana ach féadfar é a athnuachan. I gcás ina ndéanann na monaróirí linn a ~~chur ar bun~~ ⌦ dhéanamh ⌫, ba cheart a mheas ina leith go bhfuil a gcuid spriocanna faoin Rialachán seo comhlíonta acu ar choinníoll nach dtéann meán astaíochtaí na linne ina n-iomláine thar na ~~sprioc-astaíochtaí~~ ⌦ spriocanna i leith astaíochtaí sonracha ⌫ don linn.

---

⇩ nua

(33) Bealach costéifeachtach a bhí ann chun na spriocanna astaíochtaí $CO_2$ a chomhlíonadh an fhéidearthacht a thabhairt do mhonaróirí linnte a chur ar bun agus, go háirithe, comhlíonadh a éascú do na monaróirí sin a tháirgeann réimse teoranta feithiclí. Chun an neodracht iomaíochta a fheabhsú, ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an gCoimisiún na coinníollacha a shoiléiriú ar a bhféadfaidh monaróirí neamhspleácha linn a dhéanamh chun gur féidir iad a bheith ar leibhéal atá coibhéiseach le gnóthais bhainteacha.

---

🡻 443/2009 aithris 24

(34) Is gá sásra láidir um chomhlíonadh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar na spriocanna faoin Rialachán seo.

---

⇩ nua

(35) Tá sé ríthábhachtach freisin chun na laghduithe ar $CO_2$ a cheanglaítear faoin Rialachán seo a bhaint amach, go bhfuil astaíochtaí na bhfeithiclí atá in úsáid i gcomhréir leis na luachanna $CO_2$ arna gcinneadh tráth an chineálcheadaithe. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an gCoimisiún, dá bhrí sin, aon neamhchomhlíonadh sistéamach a aimsíonn na húdaráis cineálcheadaithe maidir le hastaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí atá in úsáid a chur san áireamh agus é ag ríomh meánastaíochtaí sonracha monaróra.

(36) Chun go mbeidh sé inniúil ar na bearta sin a dhéanamh, ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an gCoimisiún nós imeachta a ullmhú agus a chur chun feidhme d'fhonn comhréireacht inseirbhíse astaíochtaí $CO_2$ feithiclí saothair éadroim a chuirtear ar an margadh a fhíorú. Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 a leasú chun na críche sin.

---

| ↓ 443/2009 aithris 25 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

(37) Tomhaistear astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó ghluaisteáin nua p~~h~~aisinéirí ⌦ agus ó fheithiclí tráchtála éadroma nua ⌫ ar bhonn comhchuibhithe ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫ de réir na modheolaíochta atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007. Chun ualach riaracháin an Rialacháin seo a íoslaghdú, ba cheart go dtomhaisfí comhlíonadh faoi threoir sonraí maidir le clárú gluaisteán nua ⌦ agus feithiclí tráchtála éadroma nua ⌫ ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫, ar sonraí iad a bhailíonn na Ballstáit agus a thuairiscítear don Choimisiún. Chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir leis na sonraí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh, ba cheart na rialacha a bhaineann le bailiú agus tuairisciú na sonraí sin a chomhchuibhiú a mhéid is féidir. ⇨ Ba cheart, dá bhrí sin, an fhreagracht atá ar na húdaráis inniúla sonraí cearta agus iomlána a sholáthar a shonrú go soiléir mar aon leis an ngá le comhar éifeachtach idir na húdaráis sin agus an Coimisiún maidir le dul i ngleic le saincheisteanna cáilíochta sonraí. ⇦

---

| ↓ 443/2009 aithris 26 (oiriúnaithe) |
|---|

~~Foráiltear le Treoir 2007/46/CE go n-eiseoidh na monaróirí deimhniú comhréireachta, ar deimhniú é nach mór a chur ag gabháil le gach gluaisteán nua paisinéirí, agus nach gceadóidh na Ballstáit gluaisteán nua paisinéirí a chlárú ná é a chur i seirbhís mura ngabhann deimhniú comhréireachta bailí leis an ngluaisteán sin. Maidir leis na sonraí arna mbailiú ag na Ballstáit, ba cheart go mbeidís comhsheasmhach leis an deimhniú comhréireachta arna eisiúint ag an monaróir don ghluaisteán paisinéirí, agus ba cheart go mbeidís bunaithe ar an tagairt seo amháin. Más rud é, ar chúiseanna a bhfuil údar maith leo, nach n-úsáideann na Ballstáit an deimhniú comhréireachta chun an próiseas clárúcháin agus cur i seirbhís do ghluaisteán nua paisinéirí a chur i gcrích, ba cheart dóibh na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun cruinneas leordhóthanach a áirithiú sa nós imeachta faireacháin. Ba cheart bunachar sonraí caighdeánach Comhphobail a bheith ann do na sonraí a bhaineann le deimhnithe comhréireachta. Ba cheart go n-úsáidfí é mar thagairt aonair le gur fusa do na Ballstáit a sonraí clárúcháin a chothabháil nuair a chláraítear feithiclí as an nua.~~

---

| ↓ 510/2011 aithris 27 (oiriúnaithe) |
|---|

(38) Ba cheart go ndéanfaí comhlíonadh na spriocanna faoin Rialachán seo ag na monaróirí a mheasúnú ar leibhéal an Aontais. Maidir le monaróirí a dtéann a gcuid meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ thar an leibhéal astaíochtaí a cheadaítear faoin

Rialachán seo, ba cheart go ndéanfaidís préimh astaíochtaí iomarcacha a íoc maidir le gach bliain féilire. ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh. Ba cheart an phréimh a mhodhnú mar fheidhm den mhéid a mhainníonn monaróirí a sprioc a chomhlíonadh. Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart go mbeadh an sásra préimhe comhchosúil leis an sásra préimhe atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 443/2009. Ba cheart go measfaí, maidir leis na méideanna a thiocfaidh ón bpréimh astaíochtaí iomarcacha, gur ioncam iad le haghaidh bhuiséad ginearálta an AontaisEorpaigh.

---

➔ 510/2011 aithris 28

(39) Ag féachaint do chuspóir an Rialacháin seo agus do na nósanna imeachta arna mbunú sa Rialachán seo, níor cheart, mar gheall ar aon bheart náisiúnta arna choimeád ar bun nó arna thabhairt isteach ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go bhforchuirfí pionóis bhreise nó pionóis níos déine ar mhonaróirí a mhainníonn a spriocanna faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

---

➔ 510/2011 aithris 29

(40) Ba cheart go mbeadh an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm iomlán rialacha iomaíochta an Aontais.

---

➔ 443/2009 aithris 30 (oiriúnaithe)

Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar bhealaí nua leis an sprioc fhadtéarma a bhaint amach, go háirithe claonadh an chuair, paraiméadar an fhóntais agus scéim na préimhe astaíochtaí iomarcacha.

---

➔ 510/2011 aithris 31

Imríonn luas feithiclí bóthair tionchar mór ar an méid breosla a úsáideann siad agus ar a n-astaíochtaí $CO_2$. De bhreis air sin, in éagmais teorannú luais le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma, d'fhéadfadh sé go bhfuil iomaíocht áirithe i gceist maidir le luas uasta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le gléasraí cumhachta atá rómhór agus le neamhbharainneachtaí gaolmhara faoi dhálaí oibrithe níos moille. Is iomchuí, dá bhrí sin, imscrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé indéanta leathnú a dhéanamh ar raon feidhme Threoir 92/6/CEE ón gComhairle an 10 Feabhra 1992 maidir le feistí teorannaithe luais le haghaidh aicmí áirithe mótarfheithiclí sa Chomhphobal a shuiteáil agus a úsáid ([36]), d'fhonn feithiclí éadroma tráchtála atá clúdaithe sa Rialachán seo a áireamh.

---

[36] IOJ L 57, 2.3.1992, lch. 27.

| ⬇ 443/2009 aithris 31 (oiriúnaithe) |
|---|

~~Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart go nglacfaí iad i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[37].~~

| ⇩ nua |
|---|

(41) I bhfírinne, braitheann éifeachtacht na spriocanna a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú go mór ar a ionadaíoch atá an nós imeachta tástála oifigiúil. I gcomhréir leis an Tuairim ón Sásra le haghaidh comhairle eolaíoch[38] agus leis an moladh ó Pharlaimint na hEorpa tar éis di tomhais astaíochtaí san earnáil mótarfheithiclí a fhiosrú[39], ba cheart sásra a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar a ionadaíoch atá astaíochtaí $CO_2$ feithiclí agus luachanna ídithe fuinnimh arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151 i dtaca le fíordhálaí domhanda. Ba cheart na cumhachtaí a bheith ag an gCoimisiún lena áirithiú go mbíonn na sonraí sin ar fáil don phobal agus, más gá, chun na nósanna imeachta a fhorbairt is gá chun na sonraí a theastaíonn chun na measúnuithe sin a dhéanamh a shainaithint agus a bhailiú.

(42) In 2024, tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh faoin [Rialachán maidir le comhroinnt díchill agus faoin Treoir maidir le córas trádála astaíochtaí]. Is iomchuí, dá bhrí sin, éifeachtacht an Rialacháin seo sa bhliain chéanna a mheas chun measúnú comhordaithe comhleanúnach a dhéanamh ar na bearta arna gcur chun feidhme faoi na hionstraimí sin ar fad.

(43) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

| ⬇ 333/2014 aithris 15 (oiriúnaithe) |
|---|

(44) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. ~~Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40].~~

---

37 ~~IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.~~

38 Grúpa ardleibhéil de Comhairleoirí Eolaíocha, Tuairim eolaíoch 1/2016 *Closing the gap between light-duty vehicle real-world $CO_2$ emissions and laboratory testing* [An bhearna a dhúnadh idir fíorastaíochtaí $CO_2$ feithicle saothair éadroim agus tástáil saotharlainne]

39 Moladh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2017 don Chomhairle agus don Choimisiún tar éis di tomhais astaíochtaí san earnáil mótarfheithiclí a fhiosrú (2016/2908(RSP))

40 ~~Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).~~

⇩ nua

(45) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le hAirteagail 6(8), 7(7) agus (8), 8(3), 11(2), 12(3) agus 14(3) a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41].

🡻 443/2009 aithris 32 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe a leasú i bhfianaise na taithí atá faighte agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, modhanna a bhunú chun na préimheanna astaíochtaí iomarcacha a bhailiú, forálacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis an maolú do mhonaróirí áirithe, agus Iarscríbhinn I a oiriúnú chun éabhlóid mhais na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear sa Chomhphobal a chur san áireamh agus chun léiriú a dhéanamh ar aon athrú sa nós imeachta tástála rialála i gcomhair astaíochtaí sonracha $CO_2$ a thomhas. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.~~

🡻 333/2014 aithris 16 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(46) ⇨ Chun eilimintí neamhriachtanacha fhorálacha an Rialacháin seo a leasú nó a fhorlíonadh, ⇦ ~~B~~ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 ~~TFEU~~ den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún ~~d'fhonn~~ ⌦ i dtaca le hIarscríbhinn ⌫ ~~Iarscríbhinn I~~II ⌦ agus Iarscríbhinn III ⌫~~a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 443/2009~~ a leasú maidir le ceanglais s~~h~~onraí agus paraiméadair s~~h~~onraí,~~;~~ forlíonadh a dhéanamh ar na rialacha maidir le léiriú na gcritéar cáilitheachta chun maoluithe a fháil ó na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha, maidir le hinneachar na n-iarratas ar mhaolú agus le hinneachar na gclár chun astaíochtaí sonracha $CO_2$ a laghdú, agus measúnú na gclár sin, chun an figiúr $M_0$ ⇨ agus $TM_0$ ⇦, dá dtagraítear in ~~Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 443/2009,~~ Airteagal 13, a choigeartú ⇨, an uasteorainn 7 g $CO_2$/km dá dtagraítear in Airteagal 11, agus coigeartú na bhfoirmlí in Iarscríbhinn I dá dtagraítear in Airteagal 14(3) ⇦~~chuig meánmhais na ngluaisteán nua paisinéirí do na trí bliana féilire roimhe sin agus chun na foirmlí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 a oiriúnú~~. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe ⌦ , agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht

[41] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[42] ⌫. ~~Le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas,~~ ⌦ Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ⌫ ~~ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a chur chuig~~ ⌦ ba cheart go bhfaigheadh ⌫ Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ~~chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí~~ ⌦ na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart go mbeadh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe ⌫.

---

| ↓ 443/2009 aithris 33 (oiriúnaithe) |
|---|

~~Ba cheart Cinneadh Uimh. 1753/2000/CE a aisghairm ar mhaithe le simpliú agus le soiléireacht dhlíthiúil.~~

---

| ↓ 510/2011 aithris 34 (oiriúnaithe) |
|---|

(47) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon ceanglais feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ ⌦ ó ghluaisteán nua paisinéirí agus ⌫ ó fheithiclí tráchtála éadroma nua a bhunú, a bhaint amach, agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge agus a iarmhairtí, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ~~bhaint amach~~ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

| ↓ 443/2009 (oiriúnaithe) |
|---|

*Airteagal 1*

**Ábhar agus cuspóirí**

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear ceanglais fheidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua phaisinéirí ⌦ agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua ⌫ chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. ~~agus chun cuspóir foriomlán an Chomhphobail Eorpaigh a bhaint amach, is é sin 120 g $CO_2$/km mar mheánastaíochtaí CO2 don fhlít gluaisteán nua.~~ ~~Leis an Rialachán seo, socraítear gurb é 130 g $CO_2$/km na meánastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua phaisinéirí, ar ráta é a bhainfear amach trí fheabhsuithe ar theicneolaíocht mhótarfheithicle arna dtomhas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus lena bhearta cur chun feidhme agus i gcomhréir le teicneolaíochtaí nuálacha.~~

---

42 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

↓ 510/2011 (oiriúnaithe)

~~*Airteagal 1*~~

~~**Ábhar agus cuspóirí**~~

~~1. Leis an Rialachán seo, bunaítear ceanglais fheidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí tráchtála éadroma nua. Leis an Rialachán seo, socraítear gurb é 175 g $CO_2$/km an mheánastaíocht $CO_2$d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, ar ráta é a bhainfear amach trí fheabhsuithe ar theicneolaíocht feithicle arna dtomhas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus lena bhearta cur chun feidhme, agus i gcomhréir le teicneolaíochtaí nuálacha.~~

↓ 333/2014 Airteagal 1.1 (oiriúnaithe)

~~Ón mbliain 2020 ar aghaidh, déantar sprioc de 95 g $CO_2$/km do mheánastaíochtaí an fhlít gluaisteán nua a shocrú leis an Rialachán seo mar a thomhaistear iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus le hIarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 agus lena bhearta cur chun feidhme agus i gcomhréir le teicneolaíochtaí nuálacha.';~~

↓ 253/2014 Airteagal 1.1 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. Ón ⇨ 1 Eanáir ⇦ 2020 ar aghaidh, socraítear sprioc ⇨ le haghaidh fhlít uile an Aontais ⇦ ⌦de 95 g $CO_2$/km do mheánastaíochtaí gluaisteán nua paisinéirí agus ⌫ ⇨ sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais ⇦ de 147 g $CO_2$/km ~~sa Rialachán seo~~ do mheánastaíochtaí na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua a chláraítear san Aontas arna dtomhas ⇨ go dtí an 31 Nollaig 2020 ⇦ i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. ~~715/2007~~ ⌦ 692/2008 ⌫ ⇨ agus i gcomhréir le Rialachán cur chun feidhme (AE) 2017/1152 agus Rialachán cur chun feidhme (AE) 2017/1153, agus, ón 1 Eanáir 2021, arna dtomhas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151. ⇦ ~~agus a bhearta cur chun feidhme, agus i gcomhréir lena theicneolaíochtaí nuálacha~~

↓ 443/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

3. Mar chuid de chur chuige comhtháite an ~~Chomhphobail~~⌦ Aontais ⌫ ⌦dá dtagraítear i dTeachtaireacht 2007 ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus Parlaimint na

hEorpa[43] ⌫, déanfar an Rialachán seo a chomhlánú ⇨ , go dtí an 31 Nollaig 2024, ⇦ le bearta breise a chomhfhreagróidh do laghdú 10 g $CO_2$/km.

---

⇩ nua

4. Amhail ón 1 Eanáir 2025, beidh feidhm ag na spriocanna seo a leanas le haghaidh fhlít uile an Aontais:

(a) i gcás mheánastaíochtaí an fhlít gluaisteán nua paisinéirí, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 15 % ar mheán na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha in 2021, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.1 de Chuid A d'Iarscríbhinn I;

(b) i gcás mheánastaíochtaí an fhlít feithiclí tráchtála éadroma nua, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 15 % ar mheán na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha in 2021, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.1 de Chuid B d'Iarscríbhinn I;

5. Amhail ón 1 Eanáir 2030, beidh feidhm ag na spriocanna seo a leanas:

(a) i gcás mheánastaíochtaí an fhlít gluaisteán nua paisinéirí, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 30 % ar mheán na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha in 2021, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I;

(b) i gcás mheánastaíochtaí an fhlít feithiclí tráchtála éadroma nua, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 30 % ar mheán na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha in 2021, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.2 de Chuid B d'Iarscríbhinn I.

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir ~~le mótarfheithiclí~~ ⌦ leis na mótarfheithiclí seo a leanas ⌫ :

(a) ~~chatagóir~~catagóir $M_1$ mar a shainmhínítear ~~iad~~é in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ("gluaisteáin phaisinéirí") ar mótarfheithiclí iad a chláraítear ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫ den chéad uair agus nár cláraíodh roimhe sin lasmuigh den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ ("gluaisteáin nua phaisinéirí")~~.~~;

~~2. Ní dhéanfar clárú roimhe sin, arna dhéanamh lasmuigh den Chomhphobal tráth nach faide ná trí mhí roimh chlárú sa Chomhphobal, a chur san áireamh.~~

~~3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí sainchuspóra mar a shainmhínítear iad i bpointe 5 de Chuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE.~~

[43] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa an 7 Feabhra 2007. Torthaí an athbhreithnithe ar Straitéis an Chomhphobail astaíochtaí CO2 ó ghluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma a laghdú (COM(2007) 19 final).

🡻 333/2014 Airteagal 1.2 (oiriúnaithe)

~~4. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2012, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4, Airteagal 8(4)(b) agus (c), Airteagal 9, Airteagal 10(1)(a) agus (c) i leith monaróra atá freagrach, in éineacht lena ghnóthais bhainteacha uile, as níos lú ná 1 000 gluaisteán nua paisinéirí a cláraíodh san Aontas sa bhliain féilire roimhe sin.~~

---

🡻 510/2011 (oiriúnaithe)

~~*Airteagal 2*~~

~~**Raon feidhme**~~

~~1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le mótarfheithiclí~~ (b) ~~chatagóir~~catagóir $N_1$, arna sainmhíniú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE, ar mótarfheithiclí iad a bhfuil mais tagartha nach mó ná 2 610 kg acu agus maidir le feithiclí chatagóir $N_1$ a bhfuil cineál-cheadú leathnaithe chucu i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ("feithiclí tráchtála éadroma") agus a chláraítear san Aontas den chéad uair agus nár cláraíodh roimhe sin lasmuigh den Aontas ("feithiclí tráchtála éadroma nua").

2. Ní dhéanfar clárú roimhe sin, arna dhéanamh lasmuigh den Aontas tráth nach faide ná 3 mhí roimh chlárú san Aontas, a chur san áireamh.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí sainchuspóra mar a shainmhínítear iad i bpointe 5 de Chuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE.

---

🡻 253/2014 Airteagal 1.2 (oiriúnaithe)
⇨ nua

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4, Airteagal ~~8~~7(4)(b) agus (c), Airteagal ~~9~~8 ná Airteagal 9~~10~~(1)(a) agus (c) i leith monaróra atá, in éineacht leis na gnóthais uile atá nasctha leis, freagrach as ⌦ níos lú ná 1 000 gluaisteán paisinéirí nua nó ⌫ níos lú ná 1 000 feithicil tráchtála éadrom nua a cláraíodh san Aontas sa bhliain féilire roimhe sin ⇨ , ach amháin má dhéanann an monaróir sin iarratas ar mhaolú agus má dheonaítear maolú dó i gcomhréir le hAirteagal 10 ⇦.

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)

~~*Airteagal 3*~~

~~Sainmhínithe~~

~~1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:~~

~~(a) ciallaíonn "meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$", i ndáil le monaróir, meán na n-astaíochtaí sonracha CO2 ó na gluaisteáin nua phaisinéirí uile arb é an monaróir sin a monaróir;~~

~~(b) ciallaíonn "deimhniú comhréireachta" an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 18 de Threoir 2007/46/CE;~~

~~(c) ciallaíonn "monaróir" an duine nó an comhlacht atá freagrach don údarás formheasa as gach gné de nós imeachta cineál-cheadaithe an CE i gcomhréir le Treoir 2007/46/CE agus as comhréireacht na táirgeachta a áirithiú;~~

~~(d) ciallaíonn "mais" mais an ghluaisteáin lena n-áirítear an chabhail agus é i riocht feidhmithe mar atá sonraithe ar an deimhniú comhréireachta agus mar atá sainmhínithe i roinn 2.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2007/46/CE;~~

~~(e) ciallaíonn "lorg" leithead an riain arna iolrú faoin rothfhad mar a shonraítear sa deimhniú comhréireachta é agus mar a shainmhínítear i roinn 2.1 agus i roinn 2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2007/46/CE é;~~

~~(g) ciallaíonn "sprioc i leith astaíochtaí sonracha", i ndáil le monaróir, meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ atá ceadaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I maidir le gach gluaisteán nua paisinéirí arb é an monaróir sin a mhonaróir nó, i gcás ina ndeonaítear maolú don mhonaróir faoi Airteagal 11, an sprioc i leith astaíochtaí sonracha arna cinneadh i gcomhréir leis an maolú sin.~~

~~2. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn "grúpa monaróirí bainteacha" monaróir agus a ghnóthais bhainteacha. Ciallaíonn "gnóthais bhainteacha", i ndáil le monaróir:~~

~~(a) gnóthais ina sealbhaíonn an monaróir, go díreach nó go neamhdhíreach:~~

---

| ↓ 333/2014 Airteagal 1.3 (oiriúnaithe) |
|---|

– ~~an chumhacht chun níos mó ná an leathchuid de na cearta vótála a fheidhmiú; nó';~~

---

| ↓ 443/2009 (oiriúnaithe) |
|---|

– ~~an chumhacht chun níos mó ná an leathchuid de chomhaltaí an bhoird maoirseachta, an bhoird bainistíochta nó na gcomhlachtaí atá ina n-ionadaithe dlíthiúla don ghnóthas a cheapadh; nó~~

– ~~an ceart chun gnóthaí an ghnóthais a bhainistiú;~~

~~(b) gnóthais a shealbhaíonn, go díreach nó go neamhdhíreach, cearta nó cumhachtaí ar an monaróir arb iad na cearta nó na cumhachtaí iad atá liostaithe i bpointe (a);~~

~~(c) gnóthais ina sealbhaíonn gnóthas dá dtagraítear i bpointe (b), go díreach nó go neamhdhíreach, na cearta nó na cumhachtaí atá liostaithe i bpointe (a);~~

~~(d) gnóthais ina sealbhaíonn an monaróir, i dteannta ceann amháin nó níos mó de na gnóthais dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) nó i bpointe (c), nó ina sealbhaíonn dhá ghnóthas nó níos mó de na gnóthais sin dá dtagraítear i bpointe (a), i~~

~~bpointe (b) nó i bpointe (c), go comhpháirteach na cearta nó na cumhachtaí atá liostaithe i bpointe (a);~~

~~(e) gnóthais ina bhfuil na cearta nó na cumhachtaí atá liostaithe i bpointe (a) ar seilbh go comhpháirteach ag an monaróir nó ag ceann amháin nó níos mó dá ghnóthais bhainteacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) agus ag tríú páirtí amháin nó níos mó.~~

---

| 🡻 510/2011 (oiriúnaithe) ⇨ nua |
|---|

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$", i ndáil le monaróir, meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó ⌦ na gluaisteáin nua paisinéirí uile nó ⌫ na feithiclí tráchtála éadroma ⌦ nua ⌫ uile arb é an monaróir sin a monaróir;

(b) ciallaíonn "deimhniú comhréireachta" an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 18 de Threoir 2007/46/CE;

(c) ciallaíonn "feithicil chríochnaithe" feithicil ⌦ tráchtála éadrom ⌫ a bhfuil cineál-cheadú tugtha ina leith tar éis ~~próisis~~ próiseas cineál-cheadaithe ilchéime a chríochnú i gcomhréir le Treoir 2007/46/CE;

(d) ciallaíonn "feithicil iomlán" aon fheithicil ⌦ tráchtála éadrom ⌫ nach gá a chríochnú chun ceanglais theicniúla ábhartha Threoir 2007/46/CE a chomhlíonadh;

(e) ciallaíonn "bonnfheithicil" aon fheithicil ⌦ tráchtála éadrom ⌫ a úsáidtear ag an gcéim thosaigh de phróiseas cineál-cheadaithe ilchéime;

(f) ciallaíonn "monaróir" an duine nó an comhlacht atá freagrach don údarás ~~formheasa~~ ⌦ ceadúnúcháin ⌫ as gach gné de nós imeachta cineál-cheadaithe ~~an~~ CE i gcomhréir le Treoir 2007/46/CE agus as comhréireacht na táirgeachta a áirithiú;

(g) ciallaíonn "mais ⇨ na feithicle i riocht feidhmithe ⇦" mais na feithicle ⌦ tráchtála éadroime nó an ghluaisteáin paisinéirí ⌫ lena n-áirítear an chabhail, agus í i riocht feidhmithe mar atá sonraithe ar an deimhniú comhréireachta agus mar atá sainmhínithe i Roinn 2.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2007/46/CE;

~~(h) ciallaíonn "astaíochtaí sonracha $CO_2$" na hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithicil tráchtála éadrom arna dtomhas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus arna sonrú mar oll-astaíochtaí $CO_2$ (comhcheangailte) ar dheimhniú comhréireachta na feithicle iomláine nó na feithicle críochnaithe;~~

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(f)~~(h) ciallaíonn "astaíochtaí sonracha $CO_2$" na hastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteán paisinéirí ⌦ nó ó fheithicil tráchtála éadrom ⌫, arna dtomhas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ⌦ agus lena Rialacháin cur chun feidhme ⌫ agus arna sonrú mar oll-astaíochtaí $CO_2$ (comhcheangailte) ar dheimhniú comhréireachta na feithicle. I gcás gluaisteán paisinéirí ⇨ nó feithiclí tráchtála éadroma ⇦ nach ndéantar cineál-cheadú ina leith i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007, ciallaíonn "astaíochtaí sonracha $CO_2$" na hastaíochtaí $CO_2$ arna dtomhas i gcomhréir leis an nós imeachta céanna tomhais a shonraítear ~~do ghluaisteáin phaisinéirí~~ i Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ⇨ go dtí an 31 Nollaig 2020, agus i Rialachán (AE) 2017/1151 ón 1 Eanáir 2021, ⇦, nó i gcomhréir le nósanna imeachta arna nglacadh ag an gCoimisiún chun na hastaíochtaí $CO_2$ a bhunú do na ~~gluaisteáin phaisinéirí~~⌦ feithiclí ⌫ sin;

---

🡻 510/2011 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(j)~~(i) ciallaíonn "lorg" meánleithead an riain arna iolrú faoin rothfhad de réir mar a shonraítear sa deimhniú comhréireachta agus de réir mar a shainmhínítear i Roinn 2.1 agus i Roinn 2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2007/46/CE;

~~(i)~~(j) ciallaíonn "sprioc i leith astaíochtaí sonracha", i ndáil leis an monaróir, ~~meán na n-astaíochtaí sonracha táscacha $CO_2$~~ ⇨ an sprioc bhliantúil ⇦ arna c~~h~~inneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I ~~maidir le gach feithicil tráchtála éadrom nua arb é an monaróir sin a monaróir~~ nó, i gcás ina ndeonaítear maolú don mhonaróir i gcomhréir le hAirteagal ~~11~~10, an sprioc i leith astaíochtaí sonracha arna cinneadh de réir an mhaolaithe sin;

---

⇩ nua

(k) ciallaíonn "sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais" meanastaíochtaí $CO_2$ na ngluaisteán nua paisinéirí uile nó na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua uile atá le baint amach le linn tréimhse áirithe;

(l) ciallaíonn "mais tástála" mais tástála gluaisteáin paisinéirí nó feithicle tráchtála éadroime mar atá sa deimhniú comhréireachta agus mar a shainmhínítear i bpointe 3.2.25 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1151;

(m) ciallaíonn "feithicil astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha" gluaisteán paisinéirí nó feithicil tráchtála éadrom a mbíonn astaíochtaí sceite aici sa réimse nialas go 50 g $CO_2$/km, arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151.

⬇ 510/2011

~~(k)~~ (n) ciallaíonn "pálasta" an difríocht idir an mhais ualaithe atá ceadaithe go teicniúil de bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE agus mais na feithicle.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn "grúpa monaróirí bainteacha" monaróir agus a ghnóthais bhainteacha. Ciallaíonn "gnóthais bhainteacha", i ndáil le monaróir:

(a) gnóthais ina sealbhaíonn an monaróir, go díreach nó go neamhdhíreach:

(i) an chumhacht chun níos mó ná an leathchuid de na cearta vótála a fheidhmiú; nó

(ii) an chumhacht chun níos mó ná an leathchuid de chomhaltaí an bhoird maoirseachta, an bhoird bainistíochta nó na gcomhlachtaí atá ina n-ionadaithe dlíthiúla don ghnóthas a cheapadh; nó

(iii) an ceart chun gnóthaí an ghnóthais a bhainistiú;

(b) gnóthais a shealbhaíonn, go díreach nó go neamhdhíreach, cearta nó cumhachtaí ar an monaróir arb iad na cearta nó na cumhachtaí iad atá liostaithe i bpointe (a);

(c) gnóthais ina sealbhaíonn gnóthas dá dtagraítear i bpointe (b), go díreach nó go neamhdhíreach, na cearta nó na cumhachtaí atá liostaithe i bpointe (a);

(d) gnóthais ina sealbhaíonn an monaróir, i dteannta ceann amháin nó níos mó de na gnóthais dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) nó i bpointe (c), nó ina sealbhaíonn dhá ghnóthas nó níos mó de na gnóthais sin dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) nó i bpointe (c), go comhpháirteach na cearta nó na cumhachtaí atá liostaithe i bpointe (a);

(e) gnóthais ina bhfuil na cearta nó na cumhachtaí atá liostaithe i bpointe (a) ar seilbh go comhpháirteach ag an monaróir nó ag ceann amháin nó níos mó dá ghnóthais bhainteacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) agus ag tríú páirtí amháin nó níos mó.

*Airteagal 4*

**Spriocanna i leith astaíochtaí sonracha**

⇩ nua

1. Áiritheoidh an monaróir nach sáróidh a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ na spriocanna seo a leanas i leith astaíochtaí sonracha:

(a) i gcás na bliana féilire 2020, an sprioc i leith astaíochtaí sonracha arna cinneadh i gcomhréir le pointe 1 agus pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I i gcás gluaisteáin paisinéirí, nó le pointe 1 agus pointe 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn I i gcás feithiclí tráchtála éadroma, nó i gcás ina dtabharfar maolú do mhonaróir faoi Airteagal 10, i gcomhréir leis an maolú sin;

| ↓ 510/2011 (oiriúnaithe) |
|---|
| ⇨ nua |

(b) Ii gcás na bliana féilire dar tús an 1 Eanáir 2014 agus gach bliana féilire ina diaidh sin⇨ ó 2021 go dtí 2024 ⇦, áiritheoidh gach monaróir feithiclí tráchtála éadroma nach rachaidh a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ thar a an sprioc i leith astaíochtaí sonracha arna cinneadh i gcomhréir le pointe 3 agus pointe 4 de Chuid A nó Cuid B d'hIarscríbhinn I⌦ , de réir mar is iomchuí, ⌫ nó, i gcás ina ndeonaítear maolú don mhonaróir faoi Airteagal 1110, i gcomhréir leis an maolú sin agus le pointe 5 de Chuid A nó Cuid B d'Iarscríbhinn I;

---

| ⇩ nua |
|---|

(c) i gcás gach bliana féilire ó 2025 amach, na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 6.3 de Chuid A nó Cuid B d'Iarscríbhinn I.

---

| ↓ 510/2011 (oiriúnaithe) |
|---|

⌦ 2. I gcás feithiclí tráchtála éadroma, más rud é ⌫I gcás nach bhfuil astaíochtaí sonracha na feithicle críochnaithe ar fáil, úsáidfidh monaróir na bonnfheithicle astaíochtaí sonracha na bonnfheithicle chun na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ a chinneadh.

~~Chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach monaróra a chinneadh, déanfar na céatadáin seo a leanas d'fheithiclí tráchtála éadroma nua gach monaróra a chláraítear sa bhliain ábhartha a chur san áireamh:~~

~~70 % in 2014,~~

~~75 % in 2015,~~

~~80 % in 2016,~~

~~100 % ón mbliain 2017 ar aghaidh.~~

---

| ↓ 443/2009 (oiriúnaithe) |
|---|

~~*Airteagal 4*~~

~~**Spriocanna i leith astaíochtaí sonracha**~~

~~I gcás na bliana féilire dar tús an 1 Eanáir 2012 agus gach bliana féilire ina dhiaidh sin, áiritheoidh gach monaróir gluaisteán paisinéirí nach rachaidh meán a astaíochtaí sonracha $CO_2$ thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha arna cinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I nó, i gcás ina ndeonaítear maolú do mhonaróir faoi Airteagal 11, i gcomhréir leis an maolú sin.~~

| ▼ 333/2014 Airteagal 1.4 (oiriúnaithe) |
|---|

3. Chun críocha ~~meán na n-astaíochtaí~~⌦ na meánastaíochtaí ⌫ sonracha $CO_2$ atá ag gach monaróir a chinneadh, déanfar na céatadáin seo a leanas de ghluaisteáin nua p~~h~~aisinéirí gach monaróra a chláraítear sa bhliain ábhartha a chur san áireamh:

~~65 % in 2012,~~

~~75 % in 2013,~~

~~80 % in 2014,~~

~~100 % ó 2015 go 2019,~~

– 95 % in 2020,

– 100 % ~~faoi dheireadh 2020~~⌦ ó 2021 ⌫ ar aghaidh.

---

| ▼ 443/2009 (oiriúnaithe) |
|---|

~~*Airteagal 5*~~

**~~Sárchreidmheasanna~~**

~~Le linn meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ a ríomh, is mar a leanas a chomhairfear gach gluaisteán nua paisinéirí ar lú ná 50 g $CO_2$/km a astaíochtaí sonracha $CO_2$:~~

~~3,5 gluaisteán sa bhliain 2012,~~

~~3,5 gluaisteán sa bhliain 2013,~~

~~2,5 gluaisteán sa bhliain 2014,~~

~~1,5 gluaisteán sa bhliain 2015,~~

~~1 gluaisteán ón mbliain 2016 ar aghaidh;~~

---

| ▼ 510/2011 (oiriúnaithe) |
|---|

~~*Airteagal 5*~~

~~Sárchreidmheasanna~~

~~Le linn na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ a ríomh, is mar a leanas a chomhairfear gach feithicil tráchtála éadrom nua ar lú ná 50 g $CO_2$/km a hastaíochtaí sonracha $CO_2$:~~

~~3,5 feithicil tráchtála éadrom sa bhliain 2014,~~

~~3,5 feithicil tráchtála éadrom sa bhliain 2015,~~

~~2,5 feithicil tráchtála éadrom sa bhliain 2016,~~

~~1,5 feithicil tráchtála éadrom sa bhliain 2017,~~

~~1 fheithicil tráchtála éadrom ón mbliain 2018 ar aghaidh.~~

~~Fad a mhairfidh an scéim shárchreidmheasanna, ní rachaidh líon uasta na bhfeithiclí tráchtála éadroma, ar lú ná 50 g $CO_2$/km a gcuid astaíochtaí sonracha $CO_2$ agus a bheidh le cur san áireamh le linn na hiolraitheoirí atá leagtha amach sa chéad mhír, thar 25 000 feithicil tráchtála éadrom in aghaidh an mhonaróra.~~

---

| ⬇ 333/2014 Airteagal 1.5 (oiriúnaithe) ⇨ nua |
|---|

*Airteagal 5~~a~~*

**Sár-chreidmheasanna le haghaidh na sprice 95 g $CO_2$/km**

Agus ~~meán na n-astaíochtaí~~ ⌦ na meánastaíochtaí ⌫ sonracha $CO_2$ á ríomh, is mar a leanas a chomhairfear gach gluaisteán nua paisinéirí a bhfuil astaíochtaí sonracha $CO_2$ aige atá níos lú ná 50 g $CO_2$/kg:

– 2 ghluaisteán paisinéirí in 2020,

– 1,67 ghluaisteán paisinéirí in 2021,

– 1,33 gluaisteán paisinéirí in 2022,

– 1 ghluaisteán paisinéirí ~~sa bhliain 2023~~ ó 2023 amach,

don bhliain ina mbeidh sé cláraithe le linn na tréimhse ó 2020 go 2022, faoi réir uasteorainn 7,5 g $CO_2$/km in aghaidh na tréimhse sin do gach monaróir ⇨ agus faoi réir Airteagal 5 de Rialachán cur chun feidhme (AE) 2017/1153 ⇦.

---

| ⬇ 443/2009 (oiriúnaithe) |
|---|

~~*Airteagal 6*~~

~~**Sprioc i leith astaíochtaí sonracha d'fheithiclí a thiomáintear le breosla ailtéarnach**~~

~~Chun a chinneadh an bhfuil a sprioc i leith astaíochtaí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 4 á comhlíonadh ag monaróir, déanfar astaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle atá ceaptha chun bheith in ann feidhmiú ar mheascán de pheitreal agus d'eatánól 85 % ("E85") a chomhlíonann an reachtaíocht ábhartha Chomhphobail nó caighdeáin theicniúla Eorpacha a laghdú de 5 %, go dtí an 31 Nollaig 2015, mar aitheantas don chumas níos mó ó thaobh na teicneolaíochta agus ó thaobh laghdaithe astaíochtaí de le linn feithicil a bheith ag feidhmiú ar bhithbhreoslaí. Ní bheidh feidhm ag an laghdú sin ach amháin i gcás ina ndéanann 30 % ar a laghad de na stáisiúin líonta sa Bhallstát inar cláraíodh an fheithicil an cineál breosla ailtéarnaigh sin a sholáthar, agus na critéir inbhuanaitheachta do bhithbhreoslaí a leagtar amach i reachtaíocht ábhartha an Chomhphobail á gcomhlíonadh.~~

🡻 510/2011 (oiriúnaithe)

*~~Airteagal 6~~*

**~~Sprioc i leith astaíochtaí sonracha i gcomhair feithiclí tráchtála éadroma breosla ailtéarnaigh~~**

~~Chun a chinneadh an bhfuil monaróir ag comhlíonadh a sprioc i leith astaíochtaí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 4, déanfar astaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle tráchtála éadroime atá ceaptha le bheith in ann rith ar mheascán peitril ina bhfuil 85 % bith-eatánól ("E85"), agus a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais nó na caighdeáin theicniúla Eorpacha, a laghdú 5 % faoin 31 Nollaig 2015 mar aitheantas don acmhainn theicniúil níos mó agus don acmhainn laghdaithe astaíochta le linn í a bheith ag rith ar bhithbhreoslaí. Ní bheidh feidhm ag an laghdú seo ach amháin i gcás ina soláthraíonn 30 % ar a laghad de na stáisiúin peitril sa Bhallstát ina bhfuil an fheithicil tráchtála éadrom cláraithe an cineál seo breosla ailtéarnaigh a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta do bhithbhreoslaí atá leagtha amach i reachtaíocht ábhartha an Aontais.~~

*Airteagal ~~7~~ 6*

**Linn a dhéanamh**

1. Féadfaidh monaróirí ~~feithiclí tráchtála éadroma nua~~, seachas monaróirí a mbeidh maolú deonaithe dóibh faoi Airteagal ~~11~~10, linn a dhéanamh chun a n-oibleagáidí faoi Airteagal 4 a chomhlíonadh.

2. Féadfaidh comhaontú chun linn a dhéanamh baint a bheith aige le 1 bhliain féilire nó níos mó ar choinníoll nach faide ná 5 bliana féilire ré fhoriomlán gach comhaontaithe ar leith agus ní mór é a dhéanamh an 31 Nollaig nó roimhe sa chéad bhliain féilire a bhfuil linn astaíochtaí le déanamh ina leith. Maidir le monaróirí a dhéanann linn, soláthróidh siad an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún:

(a) na monaróirí a áireofar sa linn;

(b) an monaróir a bheidh ainmnithe mar bhainisteoir na linne agus a bheidh mar phointe teagmhála don linn agus a bheidh freagrach as aon phréimh astaíochtaí iomarcacha a fhorchuirtear ar an linn i gcomhréir le hAirteagal ~~9~~8 a íoc;

(c) fianaise go mbeidh bainisteoir na linne in ann na hoibleagáidí faoi phointe (b) a chomhlíonadh~~.~~ ; ;

⇩ nua

(d) catagóir na bhfeithiclí a chláraítear mar $M_1$ nó $N_1$, a mbeidh feidhm ag an linn maidir leo.

🡻 510/2011 (oiriúnaithe)

3. I gcás ina mainneoidh bainisteoir beartaithe na linne an ceanglas a chomhlíonadh i ndáil le haon phréimh astaíochtaí iomarcacha a fhorchuirtear ar an linn i gcomhréir le hAirteagal ~~9~~ 8 a íoc, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin do na monaróirí.

4. Déanfaidh na monaróirí a áirítear i linn fógra comhpháirteach a thabhairt don Choimisiún maidir le haon athrú bainisteora linne nó maidir le haon athrú ar a stádas airgeadais, a mhéid a dhéanfaidh sé sin difear dá cumas an ceanglas a chomhlíonadh i ndáil le haon phréimh astaíochtaí iomarcacha a fhorchuirtear ar an linn i gcomhréir le hAirteagal ~~9~~ 8 a íoc, agus maidir le haon athruithe ar chomhaltas na linne nó maidir le díscaoileadh na linne.

5. Féadfaidh monaróirí socruithe linne a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil a gcomhaontuithe i gcomhréir le hAirteagal 101 agus le hAirteagal 102 CFAE agus go gceadófar leis na comhaontuithe sin rannpháirtíocht oscailte, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ar théarmaí atá réasúnach ar bhonn tráchtála d'aon mhonaróir a iarrann a bheith ina chomhalta den linn. Gan dochar d'infheidhmeacht ghinearálta rialacha iomaíochta an Aontais maidir le linnte den sórt sin, áiritheoidh comhaltaí uile de chuid linne, go háirithe, nach bhféadfaidh comhroinnt sonraí ná malartú faisnéise tarlú i gcomhthéacs a socraithe linne, ach amháin i leith na faisnéise seo a leanas:

(a) na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$;

(b) an sprioc i leith astaíochtaí sonracha;

(c) líon iomlán na bhfeithiclí atá cláraithe.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 5 i gcás inar cuid den ghrúpa céanna monaróirí bainteacha iad na monaróirí go léir a áirítear sa linn.

7. Ach amháin i gcás ina dtugtar fógra faoi mhír 3, measfar, maidir leis na monaróirí atá i linn a ndéantar faisnéis ina leith a sholáthar don Choimisiún, gur monaróir amháin iad chun críocha chomhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Airteagal 4. Déanfar an fhaisnéis fhaireacháin agus tuairiscithe i leith monaróirí aonair, agus i leith aon linnte chomh maith, a thaifeadadh agus a thuairisciú, agus cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil, sa chlár lárnach dá dtagraítear in Airteagal ~~8~~ 7(4).

---

⇩ nua

8. Féadfaidh an Coimisiún na coinníollacha mionsonraithe a shonrú a mbeidh feidhm acu maidir le socrú i dtaca le linn a dhéanamh arna bhunú de bhun mhír 5 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a bheidh le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

---

🡇 443/2009 (oiriúnaithe)

~~*Airteagal 7*~~

~~**Linn a dhéanamh**~~

~~1. Féadfaidh monaróirí, seachas monaróirí a mbeidh maolú deonaithe dóibh faoi Airteagal 11, linn a dhéanamh chun críocha chomhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Airteagal 4.~~

~~2. Féadfaidh comhaontú chun linn a dhéanamh baint a bheith aige le bliain féilire amháin nó níos mó ar choinníoll nach faide ná cúig bliana féilire ré fhoriomlán gach comhaontaithe ar~~

~~leith agus ní mór é a dhéanamh an 31 Nollaig nó roimhe sa chéad bhliain féilire a bhfuil linn astaíochtaí le déanamh ina leith. Maidir le monaróirí a dhéanann linn, soláthróidh siad an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún:~~

~~(a) na monaróirí a áireofar sa linn;~~

~~(b) an monaróir a bheidh ainmnithe mar bhainisteoir na linne agus a bheidh mar phointe teagmhála don linn agus a bheidh freagrach as aon phréimh astaíochtaí iomarcacha, a fhorchuirtear ar an linn i gcomhréir le hAirteagal 9, a íoc; agus~~

~~(c) fianaise go mbeidh bainisteoir na linne in ann na hoibleagáidí faoi phointe (b) a chomhlíonadh.~~

~~3. I gcás ina mainneoidh bainisteoir beartaithe na linne an ceanglas a chomhlíonadh i ndáil le haon phréimh astaíochtaí iomarcacha a fhorchuirtear ar an linn i gcomhréir le hAirteagal 9 a íoc, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin do na monaróirí.~~

~~4. Déanfaidh na monaróirí a áirítear i linn fógra comhpháirteach a thabhairt don Choimisiún maidir le haon athrú bainisteora linne nó maidir le haon athrú ar a stádas airgeadais, a mhéid a dhéanfaidh sé sin difear dá cumas an ceanglas a chomhlíonadh i ndáil le haon phréimh astaíochtaí iomarcacha, a fhorchuirtear ar an linn i gcomhréir le hAirteagal 9, a íoc, agus maidir le haon athruithe ar chomhaltas na linne nó maidir le díscaoileadh na linne.~~

~~5. Féadfaidh monaróirí socruithe linne a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil a gcomhaontuithe i gcomhréir le hAirteagal 81 agus Airteagal 82 den Chonradh agus go gceadófar leis na comhaontuithe sin rannpháirtíocht oscailte, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ar théarmaí atá réasúnach ar bhonn tráchtála d'aon mhonaróir a iarrann a bheith ina chomhalta den linn. Gan dochar d'infheidhmeacht ghinearálta rialacha iomaíochta an Chomhphobail maidir le linnte den sórt sin, áiritheoidh comhaltaí uile de chuid linne, go háirithe, nach bhféadfaidh comhroinnt sonraí ná malartú faisnéise a bheith ann i gcomhthéacs a socraithe linne, ach amháin i leith na faisnéise seo a leanas:~~

~~(a) na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$;~~

~~(b) an sprioc i leith astaíochtaí sonracha;~~

~~(c) líon iomlán na bhfeithiclí atá cláraithe.~~

~~6. Ní bheidh feidhm ag mír 5 i gcás inar cuid den ghrúpa céanna monaróirí bainteacha iad na monaróirí go léir a áirítear sa linn.~~

~~7. Ach amháin i gcás ina dtugtar fógra faoi mhír 3, measfar, maidir leis na monaróirí atá i linn a ndéantar faisnéis ina leith a sholáthar don Choimisiún, gur monaróir amháin iad chun críocha chomhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Airteagal 4. Déanfar an fhaisnéis fhaireacháin agus tuairiscithe i leith monaróirí aonair, agus i leith aon linnte chomh maith, a thaifeadadh agus a thuairisciú, agus beidh an fhaisnéis sin ar fáil, sa chlár lárnach dá dtagraítear in Airteagal 8(4).~~

*Airteagal ~~8~~ 7*

***Faireachán agus tuairisciú ar mheán na n-astaíochtaí***

1. I gcás ~~na bliana féilire dar tús an 1 Eanáir 2010 agus i gcás~~ gach bliana féilire ~~ina dhiaidh sin~~, déanfaidh gach Ballstát faisnéis faoi gach aon ghluaisteán nua paisinéirí ⌦ agus gach aon fheithicil tráchtála éadrom nua ⌫ a chláraítear ar a chríoch i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn II ⌦ agus Iarscríbhinn III ⌫a thaifeadadh. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do na monaróirí agus dá n-allmhaireoirí ainmnithe nó dá n-ionadaithe ainmnithe i ngach Ballstát. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall lena

áirithiú go n-oibreoidh na comhlachtaí tuairiscithe ar mhodh⌦ bhealach ⌫ trédhearcach. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfar astaíochtaí sonracha $CO_2$ ó ghluaisteáin phaisinéirí nach ndearnadh cineál-cheadú ina leith i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 a thomhas agus go ndéanfar na hastaíochtaí sin a thaifeadadh sa deimhniú comhréireachta.

2. Faoin 28 Feabhra gach bliain, ag tosú sa bhliain 2011, cinnfidh gach Ballstát an fhaisnéis atá liostaithe i gCodanna A d'Iarscríbhinn II agus ⌦ Iarscríbhinn III ⌫ maidir leis an mbliain féilire roimhe sin agus tarchuirfidh sé chuig an gCoimisiún í. Déanfar na sonraí a tharchur i gcomhréir leis an bhformáid atá sonraithe i gCuid CB d'Iarscríbhinn II ⌦ agus Cuid C d'Iarscríbhinn III ⌫.

3. Arna iarraidh sin don Choimisiún, déanfaidh Ballstát an tsraith⌦ tacar ⌫ iomlán sonraí arna mbailiú de bhun mhír 1 a tharchur freisin.

4. Coimeádfaidh an Coimisiún clár lárnach de na sonraí a thuairiscíonn na Ballstáit faoin Airteagal seo agus déanfaidh sé, faoin 30 Meitheamh gach bliain, ag tosú sa bhliain 2011, an méid seo a leanas a ríomh go sealadach i gcomhair gach monaróra:

(a) meán na n-astaíochtaí⌦ na meánastaíochtaí ⌫ sonracha $CO_2$ sa bhliain féilire roimhe sin;

(b) an sprioc i leith astaíochtaí sonracha sa bhliain féilire roimhe sin; agus

(c) an difríocht idir meán a astaíochtaí sonracha $CO_2$ sa bhliain féilire roimhe sin agus a sprioc i leith astaíochtaí sonracha don bhliain sin.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra do gach aon mhonaróir faoina ríomh sealadach don mhonaróir sin. Áireofar san fhógra sonraí inle haghaidh gach Ballstáit maidir le líon na ngluaisteán nua paisinéirí agus ⌦ líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua ⌫ a cláraíodh agus maidir lena n-astaíochtaí sonracha $CO_2$.

Beidh an clár ar fáil go poiblí.

5. Laistigh de 3 mhí ón dáta a dtugtar fógra dóibh faoin ríomh sealadach faoi mhír 4, féadfaidh monaróirí fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon earráidí sna sonraí agus sonróidh siad an Ballstát a measann siad ina leith gur ar tharla an earráid ann.

Déanfaidh an Coimisiún aon fhógraí a gheofar ó mhonaróirí a bhreithniú agus déanfaidh sé, faoin 31 Deireadh Fómhair, na ríomhanna sealadacha faoi mhír 4 a dhaingniú nó a leasú.

6. Más rud é, ar bhonn na ríomhanna faoi mhír 5 go ndealraíonn sé don Choimisiún, i dtaca leis an mbliain féilire 2010 nó 2011, go ndeachaigh meán astaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra sa bhliain sin thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha don bhliain sin, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin don mhonaróir.

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)

7 6. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil chun na sonraí faireacháin a bhailiú agus a chur in iúl i gcomhréir leis an Rialachán seo agus déanfaidh siad, tráth nach déanaí ná 8 Nollaig 2009 an Coimisiún a chur ar an eolas faoin údarás inniúil a ainmnítear. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas ina dhiaidh sin maidir leis an méid sin.

---

| ➜ 510/2011 (oiriúnaithe) |
|---|

~~8. I ngach Ballstát, is é an t-údarás inniúil chun na sonraí faireacháin a bhailiú agus a chur in iúl i gcomhréir leis an Rialachán seo an t-údarás a ainmneofar i gcomhréir le hAirteagal 8(7) de Rialachán (CE) Uimh. 443/2009.~~

---

| ⇩ nua |
|---|

Áiritheoidh na húdaráis inniúla go mbeidh na sonraí a tharchuirfear chuig an gCoimisiún cruinn agus iomlán agus ceapfaidh siad duine teagmhála a bheidh ar fáil chun freagairt go tapa ar iarrataí ón gCoimisiún dul i ngleic le hearráidí agus easnaimh sna tacair sonraí arna dtarchur.

---

| ➜ 443/2009 (oiriúnaithe) |
|---|

~~8. I gcás gach bliana féilire a mbeidh feidhm ag Airteagal 6 lena linn, soláthróidh na Ballstáit faisnéis don Choimisiún maidir le sciar na stáisiún líonta agus maidir leis na critéir inbhuaineachta i ndáil le E85 dá dtagraítear san Airteagal sin.~~

---

| ➜ 333/2014 Airteagal 1.6 (oiriúnaithe) |
|---|

~~9.~~ 7. Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis na nósanna imeachta um fhaireachán agus tuairisciú ar shonraí ~~faoin Airteagal seo~~ ⌦ faoi mhír 1 go mír 7 ⌫ agus maidir le hIarscríbhinn II a chur i bhfeidhm trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal ~~14(2)~~ 15(2).

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal ~~14a~~ 16 d'fhonn na ceanglais sonraí agus paraiméadair shonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn II ⌦ agus Iarscríbhinn III ⌫ a leasú.

---

| ⇩ nua |
|---|

8. Tabharfaidh na húdaráis cineálcheadaithe tuairisc don Choimisiún gan mhoill i dtaca le claontaí a aimsítear in astaíochtaí $CO_2$ feithiclí atá i seirbhís i gcomparáid leis na luachanna sin a luaitear sna deimhnithe comhréireachta de thoradh fíoruithe arna ndéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in [Airteagal 11a] de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007.

Cuirfidh an Coimisiún na claontaí sin san áireamh chun críche meánastaíochtaí sonracha monaróra a ríomh.

Féadfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis na nósanna imeachta chun na claontaí sin a thuairisciú agus chun iad a thabhairt san áireamh i ríomh na meánastaíochtaí sonracha. Déanfar na nósanna imeachta sin a ghlacadh trí

bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 15(2).

---

🡻 510/2011 (oiriúnaithe)

~~*Airteagal 8*~~

~~**Faireachán agus tuairisciú ar na meánastaíochtaí**~~

~~1. I gcás na bliana féilire dar tús an 1 Eanáir 2012 agus gach bliana féilire ina dhiaidh sin, déanfaidh gach Ballstát faisnéis faoi gach aon fheithicil tráchtála éadrom nua a chláraítear ar a chríoch i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn II a thaifeadadh. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do na monaróirí agus dá n-allmhaireoirí ainmnithe nó dá n-ionadaithe ainmnithe i ngach Ballstát. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall lena áirithiú go n-oibreoidh na comhlachtaí tuairiscithe ar mhodh trédhearcach.~~

~~2. Faoin 28 Feabhra gach bliain, ag tosú sa bhliain 2013, cinnfidh gach Ballstát an fhaisnéis atá liostaithe i gCuid B d'Iarscríbhinn II maidir leis an mbliain féilire roimhe sin agus tarchuirfidh sé chuig an gCoimisiún í. Déanfar na sonraí a tharchur i gcomhréir leis an bhformáid atá sonraithe i gCuid C d'Iarscríbhinn II.~~

~~3. Arna iarraidh sin don Choimisiún, déanfaidh Ballstát an tsraith iomlán sonraí arna mbailiú de bhun mhír 1 a tharchur freisin.~~

~~4. Coimeádfaidh an Coimisiún clár lárnach de na sonraí a thuairiscíonn na Ballstáit faoin Airteagal seo agus beidh an clár sin ar fáil go poiblí. Faoin 30 Meitheamh 2013, agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a ríomh go sealadach i gcomhair gach monaróra:~~

~~(a) na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ sa bhliain féilire roimhe sin;~~

~~(b) an sprioc i leith astaíochtaí sonracha sa bhliain féilire roimhe sin;~~

~~(c) an difríocht idir a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ sa bhliain féilire roimhe sin agus a sprioc i leith astaíochtaí sonracha don bhliain sin.~~

~~Tabharfaidh an Coimisiún fógra do gach aon mhonaróir faoina ríomh sealadach i gcomhair an mhonaróra sin. Áireofar san fhógra sonraí in aghaidh gach Ballstáit maidir le líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua a cláraíodh agus maidir lena n-astaíochtaí sonracha $CO_2$.~~

~~5. Laistigh de 3 mhí ón dáta a dtugtar fógra dóibh faoin ríomh sealadach faoi mhír 4, féadfaidh monaróirí fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon earráidí sna sonraí agus sonróidh siad an Ballstát a measann siad ina leith gur tharla an earráid ann.~~

~~6. Déanfaidh an Coimisiún aon fhógraí a gheofar ó mhonaróirí a bhreithniú agus déanfaidh sé, faoin 31 Deireadh Fómhair, na ríomhanna sealadacha faoi mhír 4 a dhaingniú nó a leasú.~~

~~7. Más rud é, maidir leis na blianta féilire 2012 agus 2013 agus ar bhonn na ríomhanna arna ndéanamh de bhun mhír 5, go ndealraíonn sé don Choimisiún go dtéann meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra sa bhliain sin thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin don mhonaróir.~~

~~8. I ngach Ballstát, is é an t-údarás inniúil chun na sonraí faireacháin a bhailiú agus a chur in iúl i gcomhréir leis an Rialachán seo an t-údarás a ainmneofar i gcomhréir le hAirteagal 8(7) de Rialachán (CE) Uimh. 443/2009.~~

~~9. Féadfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le faireachán agus tuairisciú ar na sonraí faoin Airteagal seo agus maidir le cur i bhfeidhm Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).~~

~~Chun an taithí a gheofar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm a chur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn II a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15, agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16 agus in Airteagal 17.~~

~~10~~9. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an Airteagal seo, sonraí a bhailiú agus a thuairisciú maidir le clárú feithiclí i gcatagóirí $M_2$ agus $N_2$, arna sainmhíniú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE, ar feithiclí iad a bhfuil mais tagartha nach mó ná 2 610 kg acu agus maidir le feithiclí a leathnaítear cineál~~-~~cheadú chucu i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007.

---

| |
|---|
| 🡻 510/2011 (oiriúnaithe) |
| ⇨ nua |

*Airteagal ~~9~~8*

**Préimh astaíochtaí iomarcacha**

1. ~~Maidir~~I gcás ~~leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014 agus maidir le~~ gach bliain féilire ~~ina dhiaidh sin~~, forchuirfidh an Coimisiún préimh astaíochtaí iomarcacha ar mhonaróir nó ar bhainisteoir linne, de réir mar is iomchuí, i gcás ina dtéann meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha.

2. Maidir leis an bpréimh astaíochtaí iomarcacha faoi mhír 1, ríomhfar í de réir na ~~bhfoirmlí~~ ⌦ foirmle ⌫seo a leanas:

~~(a) ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2018:~~

~~(i) i gcás astaíochtaí iomarcacha atá níos mó ná 3 g CO2/km:~~

~~((Astaíochtaí iomarcacha – 3 g $CO_2$/km) × EUR 95 + EUR 45) × líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua;~~

~~(ii) i gcás astaíochtaí iomarcacha atá níos mó ná 2 g $CO_2$/km ach nach mó ná 3 g $CO_2$/km:~~

~~((Astaíochtaí iomarcacha – 2 g $CO_2$/km) × EUR 25 + EUR 20) × líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua;~~

~~(iii) i gcás astaíochtaí iomarcacha atá níos mó ná 1 g $CO_2$/km ach nach mó ná 2 g $CO_2$/km:~~

~~((Astaíochtaí iomarcacha – 1 g $CO_2$/km) × EUR 15 + EUR 5) × líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua;~~

~~(iv) i gcás astaíochtaí iomarcacha nach mó ná 1 g $CO_2$/km:~~

~~(Astaíochtaí iomarcacha × EUR 5) × líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua;~~

~~(b) ón mbliain 2019 ar aghaidh:~~

(Astaíochtaí iomarcacha × EUR 95) × líon na bhfeithiclí ~~tráchtála éadroma nua~~ ⌦ nuachláraithe ⌫.

Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

– ciallaíonn "astaíochtaí iomarcacha" an líon deimhneach gram in aghaidh an chiliméadair ar dá réir a chuaigh meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra, agus laghduithe astaíochtaí $CO_2$ de thoradh theicneolaíochtaí nuálacha formheasta i gcomhréir le hAirteagal ~~12~~ 11 á gcur san áireamh, thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha sa bhliain féilire nó sa chuid di a bhfuil feidhm ag an oibleagáid faoi Airteagal 4 maidir léi, agus an líon sin á chothromú go dtí na trí ~~h~~ionad dheachúla is gaire, agus

– ciallaíonn "líon na bhfeithiclí ~~tráchtála éadroma nua~~ ⌦ nuachláraithe ⌫" líon na ⌦ ngluaisteán nua paisinéirí nó líon na ⌫ bhfeithiclí tráchtála éadroma nua ⇨ arna ríomh ar leithligh ⇦ arb é an monaróir sin a monaróir agus a cláraíodh sa tréimhse sin de réir na gcritéar maidir le céimniú isteach a leagtar amach in Airteagal 4(3).

~~3. Déanfaidh an Coimisiún socruithe mionsonraithe a ghlacadh maidir le bailiú préimheanna astaíochtaí iomarcacha faoi mhír 1 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).~~

~~4. Measfar, maidir leis na méideanna a thiocfaidh ón bpréimh astaíochtaí iomarcacha, gur ioncam iad le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.~~

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)

~~*Airteagal 9*~~

~~**Préimh astaíochtaí iomarcacha**~~

~~1. Maidir le gach bliain féilire ón mbliain 2012 ar aghaidh, ina dtéann meán astaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha sa bhliain sin, forchuirfidh an Coimisiún préimh astaíochtaí iomarcacha ar an monaróir nó, i gcás linne, ar bhainisteoir na linne.~~

~~2. Maidir leis an bpréimh astaíochtaí iomarcacha faoi mhír 1, ríomhfar í de réir na bhfoirmlí seo a leanas:~~

~~(a) Ón mbliain 2012 go dtí an bhliain 2018:~~

~~(i) I gcás ina dtéann meán astaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha de mhéid is mó ná 3 g $CO_2$/km:~~

~~((Astaíochtaí iomarcacha – 3 g $CO_2$/km) × EUR 95/g $CO_2$/km + 1 g $CO_2$/km × EUR 25/g $CO_2$/km + 1 g $CO_2$/km × EUR 15/g $CO_2$/km + 1 g $CO_2$/km × EUR 5/g $CO_2$/km) × líon na ngluaisteán nua paisinéirí.~~

~~(ii) I gcás ina dtéann meán astaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha de mhéid is mó ná 2 g $CO_2$/km ach nach mó ná 3 g $CO_2$/km:~~

~~((Astaíochtaí iomarcacha – 2 g $CO_2$/km) × EUR 25/g $CO_2$/km + 1 g $CO_2$/km × EUR 15/g $CO_2$/km + 1 g $CO_2$/km × EUR 5/g $CO_2$/km) × líon na ngluaisteán nua paisinéirí.~~

~~(iii) I gcás ina dtéann meán astaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha de mhéid is mó ná 1 g $CO_2$/km ach nach mó ná 2 g CO2/km:~~

~~((Astaíochtaí iomarcacha – 1 g CO2/km) × EUR 15/g CO2/km + 1 g CO2/km × EUR 5/g CO2/km) × líon na ngluaisteán nua paisinéirí.~~

~~(iv) I gcás ina dtéann meán astaíochtaí sonracha $CO_2$ an mhonaróra thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha de mhéid nach mó ná 1 g $CO_2$/km:~~

~~(Astaíochtaí iomarcacha × EUR 5/g $CO_2$/km) × líon na ngluaisteán nua paisinéirí.~~

~~(b) Ón mbliain 2019 ar aghaidh:~~

~~(Astaíochtaí iomarcacha × EUR 95 €/g $CO_2$/km) × líon na ngluaisteán nua paisinéirí.~~

~~Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "astaíochtaí iomarcacha", arna gcinneadh mar a leagtar amach in Airteagal 4, an líon deimhneach gram in aghaidh an chiliméadair ar dá réir a chuaigh meán astaíochtaí sonracha an mhonaróra — agus laghduithe astaíochtaí $CO_2$ de thoradh ar theicneolaíochtaí nuálacha formheasta á gcur san áireamh — thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha sa bhliain féilire agus an líon sin á chothromú go dtí na trí hionad dheachúla is gaire; agus ciallaíonn "líon na ngluaisteán nua paisinéirí" líon na ngluaisteán nua paisinéirí arb é an monaróir sin a monaróir agus a cláraíodh sa bhliain sin de réir na gcritéar maidir le céimniú isteach a leagtar amach in Airteagal 4.~~

---

| ↓ 333/2014 Airteagal 1.7 |
|---|

3. Cinnfidh an Coimisiún na modhanna maidir le préimheanna astaíochtaí iomarcacha a bhailiú faoi mhír 1 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ~~14~~15(2).

---

| ↓ 443/2009 (oiriúnaithe) |
|---|

4. Measfar, maidir leis na méideanna a thiocfaidh ón bpréimh astaíochtaí iomarcacha, gur ioncam iad do bhuiséad ginearálta an Aontais ~~Eorpaigh~~.

~~*Airteagal 10*~~

~~**Feidhmíocht na monaróirí a fhoilsiú**~~

~~1. Faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain, ag tosú sa bhliain 2011, foilseoidh an Coimisiún liosta ina dtabharfar na mionsonraí seo a leanas i leith gach monaróra ar leith:~~

~~(a) a sprioc i leith astaíochtaí sonracha i gcomhair na bliana féilire roimhe sin;~~

~~(b) a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ sa bhliain féilire roimhe sin;~~

~~(c) an difríocht idir meán a astaíochtaí sonracha $CO_2$ sa bhliain féilire roimhe sin agus a sprioc i leith astaíochtaí sonracha sa bhliain sin;~~

~~(d) meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ i gcomhair na ngluaisteán nua paisinéirí uile a bhí sa Chomhphobal sa bhliain féilire roimhe sin; agus~~

~~(e) meánmhais na ngluaisteán nua paisinéirí uile a bhí sa Chomhphobal sa bhliain féilire roimhe sin.~~

~~2. Ón 31 Deireadh Fómhair 2013 ar aghaidh, tabharfar le fios freisin sa liosta a fhoilseofar faoi mhír 1 cibé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an monaróir ceanglais Airteagal 4 i leith na bliana féilire roimhe sin.~~

---

| |
|---|
| ➔ 510/2011 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

*Airteagal* ~~10~~9

**Feidhmíocht na monaróirí a fhoilsiú**

1. Faoin 31 Deireadh Fómhair ~~2013, agus faoin 31 Deireadh Fómhair~~ gach bliain ~~ina dhiaidh sin~~, foilseoidh an Coimisiún ⌦ , trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ⌫ liosta ina dtabharfar na mionsonraí seo a leanas ~~i leith gach monaróra~~:

(a) ⌦ i gcás gach monaróra, ⌫ a sprioc i leith astaíochtaí sonracha i gcomhair na bliana féilire roimhe sin;

(b) ⌦ i gcás gach monaróra, ⌫ a mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ sa bhliain féilire roimhe sin;

(c) an difríocht idir meán ~~a~~ astaíochtaí sonracha $CO_2$ ⌦ an mhonaróra ⌫ sa bhliain féilire roimhe sin agus a sprioc i leith astaíochtaí sonracha sa bhliain sin;

(d) meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ i gcomhair na ⌦ ngluaisteán nua paisinéirí agus na ⌫ bhfeithiclí tráchtála éadroma nua uile a cláraíodh san Aontas sa bhliain féilire roimhe sin;

(e) meánmhais, ⇨ i riocht feidhmithe ⇦, na ⌦ ngluaisteán nua paisinéirí uile agus ⌫ na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua uile a cláraíodh san Aontas sa bhliain féilire roimhe sin ⇨ suas go dtí 31 Nollaig 2020 ⇦;

---

| |
|---|
| ⇩ nua |

(f) meánmhais tástála na ngluaisteán nua paisinéirí agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua uile a cláraíodh san Aontas sa bhliain féilire roimhe sin.

---

| |
|---|
| ➔ 510/2011 (oiriúnaithe) |

2. ~~Ón 31 Deireadh Fómhair 2015 ar aghaidh, t~~Tabharfar le fios freisin sa liosta a fhoilseofar faoi mhír 1 cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon an monaróir ceanglais Airteagal 4 i leith na bliana féilire roimhe sin.

---

| |
|---|
| ⇩ nua |

3. Luafar sa liosta dá dtagraítear i mír 1, atá le foilsiú faoin 31 Deireadh Fómhair 2022, an méid seo a leanas:

(a) spriocanna 2025 agus 2030 le haghaidh fhlít uile an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(4) agus (5) arna ríomh ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe 6.1.1 agus 6.1.2 de Chuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I;

(b) na luachanna do $a_{2021}$, $a_{2025}$ and $a_{2030}$ arna ríomh ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe 6.2 de Chuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I.

---

🡻 510/2011 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal ~~11~~10*

**Maoluithe do mhonaróirí áirithe**

1. Féadfaidh monaróir iarratas a dhéanamh ar mhaolú ar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a ríomhtar i gcomhréir le hIarscríbhinn I, ar monaróir é atá freagrach as líon níos lú ná ⌦ 10 000 gluaisteán nua paisinéirí nó ⌫ 22 000 feithicil tráchtála éadrom nua arna gclárú san Aontas in aghaidh na bliana féilire agus ar monaróir é:

(a) nach cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é; nó

(b) ar cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é atá freagrach as líon is lú ná ⌦ 10 000 gluaisteán nua paisinéirí nó ⌫ 22 000 feithicil tráchtála éadrom nua san iomlán arna gclárú san Aontas in aghaidh na bliana féilire; nó

(c) ar cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é ach a oibríonn a shaoráidí táirgeachta féin agus a ionad dearthóireachta féin.

2. Féadfar maolú a ndéanfar iarratas air faoi mhír 1 a dheonú ar feadh tréimhse uasta ⇨ in-athnuaite ⇦ 5 bliana féilire. Déanfar iarratas chuig an gCoimisiún agus áireofar an méid seo a leanas ann:

(a) ainm an mhonaróra agus ainm an duine teagmhála don mhonaróir;

(b) fianaise go bhfuil an monaróir cáilithe chun maolú a bheith aige faoi mhír 1;

(c) mionsonraí na ngluaisteán paisinéirí ⌦ nó na bhfeithiclí tráchtála éadroma ⌫ a mhonaraíonn sé, lena n-áirítear an mhais ~~mais~~ ⇨ tástála ⇦ agus astaíochtaí sonracha $CO_2$ na ngluaisteán paisinéirí ⌦nó na bhfeithiclí tráchtála éadroma ⌫ sin; agus

(d) sprioc i leith astaíochtaí sonracha atá i gcomhréir lena chumas laghdúcháin, lena n-áirítear an cumas eacnamaíoch agus teicneolaíoch chun a astaíochtaí sonracha $CO_2$ a laghdú agus saintréithe an mhargaidh i leith an chineáil gluaisteáin ⌦ paisinéirí nó feithicle tráchtála éadroime ⌫ a mhonaraítear á gcur san áireamh.

3. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an monaróir cáilithe chun maolú a fháil a ndéanfar iarratas air faoi mhír 1 agus inar deimhin leis go bhfuil an sprioc i leith astaíochtaí sonracha atá beartaithe ag an monaróir i gcomhréir lena chumas laghdúcháin, lena n-áirítear an cumas eacnamaíoch agus teicneolaíoch chun astaíochtaí sonracha $CO_2$ a laghdú agus saintréithe an mhargaidh i leith an chineáil ~~gluaisteáin~~ ⌦ feithicle tráchtála éadroime ⌫ a mhonaraítear á gcur san áireamh, deonóidh an Coimisiún maolú don mhonaróir. ⇨ Cuirfear an t-iarratas isteach faoin 31 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí sa chéad bhliain ina mbeidh feidhm ag an maolú. ⇦

~~4. Maidir le monaróir atá faoi réir maolaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfaidh sé fógra láithreach don Choimisiún maidir le haon athrú a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, dá cháilitheacht chun maolú a bheith aige.~~

~~5. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, cibé acu ar bhonn fógra faoi mhír 4 nó ar shlí eile, nach bhfuil monaróir cáilithe a thuilleadh chun an maolú a bheith aige, déanfaidh sé an maolú a chúlghairm le héifeacht ón 1 Eanáir sa chéad bhliain féilire eile agus tabharfaidh sé fógra don mhonaróir faoin méid sin.~~

~~6. I gcás nach ndéanann monaróir a sprioc i leith astaíochtaí sonracha a bhaint amach, forchuirfidh an Coimisiún an phréimh astaíochtaí iomarcacha ar an monaróir, de réir mar atá leagtha amach in Airteagal 9.~~

~~7. Glacfaidh an Coimisiún rialacha chun forlíonadh a dhéanamh ar mhír 1 go mír 6 den Airteagal seo, ar rialacha iad, inter alia, maidir le léiriú na gcritéar cáilitheachta i ndáil le maoluithe, maidir le hinneachar na n-iarratas agus maidir le hinneachar agus measúnú na gclár chun astaíochtaí sonracha $CO_2$ a laghdú, agus glacfar na rialacha sin trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15, agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16 agus in Airteagal 17.~~

~~8. Déanfar iarratais ar mhaolú, lena n-áirítear an fhaisnéis a thacaíonn leis, fógraí faoi mhír 4, cúlghairm faoi mhír 5 agus aon fhorchur préimhe astaíochtaí iomarcacha faoi mhír 6 agus gníomhartha arna nglacadh de bhun mhír 7, a chur ar fáil go poiblí, ach sin faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin[44].~~

---

| ⬇ 443/2009 (oiriúnaithe) |
|---|
| ⇨ nua |

~~*Airteagal 11*~~

~~**Maoluithe do mhonaróirí áirithe**~~

~~1. Féadfaidh monaróir iarratas a dhéanamh ar mhaolú ar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a ríomhtar i gcomhréir le hIarscríbhinn I, ar monaróir é atá freagrach as líon is lú ná 10 000 gluaisteán nua paisinéirí arna gclárú sa Chomhphobal in aghaidh na bliana féilire agus ar monaróir é:~~

~~(a) nach cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é; nó~~

~~(b) ar cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é atá freagrach as líon is lú ná 10 000 gluaisteán nua paisinéirí san iomlán arna gclárú sa Chomhphobal in aghaidh na bliana féilire; nó~~

~~(c) ar cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é ach a oibríonn a shaoráidí táirgeachta féin agus a ionad dearthóireachta féin.~~

~~2. Féadfar maolú a ndéanfar iarratas air faoi mhír 1 a dheonú ar feadh tréimhse uasta 5 bliana féilire. Déanfar iarratas chuig an gCoimisiún agus áireofar an méid seo a leanas ann:~~

~~(a) ainm an mhonaróra agus ainm an duine teagmhála don mhonaróir;~~

~~(b) fianaise go bhfuil an monaróir cáilithe chun maolú a bheith aige faoi mhír 1;~~

44 ~~IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.~~

~~(c) mionsonraí na ngluaisteán paisinéirí a mhonaraíonn sé, lena n-áirítear mais agus astaíochtaí sonracha $CO_2$ na ngluaisteán paisinéirí sin; agus~~

~~(d) sprioc i leith astaíochtaí sonracha atá i gcomhréir lena chumas laghdúcháin, lena n-áirítear an cumas eacnamaíoch agus teicneolaíoch chun a astaíochtaí sonracha $CO_2$ a laghdú agus saintréithe an mhargaidh i leith an chineáil gluaisteáin a mhonaraítear á gcur san áireamh.~~

~~3. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an monaróir cáilithe chun maolú a fháil a ndéanfar iarratas air faoi mhír 1 agus inar deimhin leis go bhfuil an sprioc i leith astaíochtaí sonracha atá beartaithe ag an monaróir i gcomhréir lena chumas laghdúcháin, lena n-áirítear an cumas eacnamaíoch agus teicneolaíoch chun astaíochtaí sonracha $CO_2$ a laghdú agus saintréithe an mhargaidh i leith an chineáil gluaisteáin a mhonaraítear á gcur san áireamh, deonóidh an Coimisiún maolú don mhonaróir.~~

4. Maidir le monaróir atá freagrach, i gcomhar lena ghnóthais bhainteacha uile, as líon idir 10 000 agus 300 000 gluaisteán nua paisinéirí a chláraítear ~~sa Chomhphobal~~ ⌦ san Aontas ⌫ in aghaidh na bliana féilire, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar mhaolú ar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a ríomhtar i gcomhréir le ⇨ pointe 1 go pointe 4 de Chuid A d'Iarscríbhinn ⇦ ~~hIarscríbhinn I~~.

Féadfaidh monaróir iarratas den sórt sin a dhéanamh ar a shon féin nó ar a shon féin i gcomhar le haon cheann dá ghnóthais bhainteacha. Is chuig an gCoimisiún a dhéanfar an t-iarratas agus áireofar an méid seo a leanas ann:

(a) an fhaisnéis go léir dá dtagraítear i mír 2(a) agus i mír 2(c) lena n-áirítear, más ábhartha, faisnéis maidir le haon ghnóthais bhainteacha;

---

🡻 333/2014 Airteagal 1.8(b) (oiriúnaithe)

~~(b) más iarratas é a bhaineann le pointe (a) agus pointe (b) de phointe 1 d'Iarscríbhinn I, sprioc arb é atá inti laghdú 25 % ar mheán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ sa bhliain 2007 nó, i gcás ina ndéantar iarratas amháin i leith líon áirithe gnóthas bainteach, laghdú 25 % ar mheán na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ atá ag na gnóthais sin sa bhliain 2007.~~

---

🡻 333/2014 Airteagal 1.8(c) (oiriúnaithe)

(~~c~~b) ~~más iarratas é a bhaineann le pointe (c) de phointe 1 d'Iarscríbhinn I,~~ sprioc arb é atá inti laghdú 45 % ar ~~mheán na n-astaíochtaí~~ ⌦mheánastaíochtaí⌫ sonracha $CO_2$ sa bhliain 2007 nó, i gcás ina ndéantar iarratas amháin i leith líon áirithe gnóthas bainteach, laghdú 45 % ar mheán na meánastaíochtaí sonracha CO2 atá ag na gnóthais sin sa bhliain 2007.

---

🡻 443/2009

I gcás nach ann d'fhaisnéis maidir le meán-astaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra don bhliain 2007, cinnfidh an Coimisiún sprioc choibhéiseach laghdúcháin a bheidh

bunaithe ar na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus a úsáidtear i ngluaisteáin p~~h~~aisinéirí a bhfuil mais inchomparáide acu, agus saintréithe an mhargaidh i leith an chineáil gluaisteáin a mhonaraítear á gcur san áireamh. Úsáidfidh an t-iarratasóir an sprioc sin chun críocha phointe (b).

Deonóidh an Coimisiún maolú don mhonaróir i gcás ina dtaispeántar gur comhlíonadh na critéir le haghaidh an mhaolaithe dá dtagraítear sa mhír seo.

5. Maidir le monaróir atá faoi réir maolaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfaidh sé fógra láithreach don Choimisiún maidir le haon athrú a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, dá cháilitheacht chun maolú a bheith aige.

6. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, cibé acu ar bhonn fógra faoi mhír 5 nó ar shlí eile, nach bhfuil monaróir cáilithe a thuilleadh chun an maolú a bheith aige, déanfaidh sé an maolú a chúlghairm le héifeacht ón 1 Eanáir sa chéad bhliain féilire eile agus tabharfaidh sé fógra don mhonaróir faoin méid sin.

7. I gcás nach bhfuil a sprioc i leith astaíochtaí sonracha bainte amach ag monaróir, forchuirfidh an Coimisiún an phréimh astaíochtaí iomarcacha ar an monaróir, de réir mar atá leagtha amach in Airteagal ~~9~~8.

---

🡻 333/2014 Airteagal 1.8(d)

8. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal ~~14a~~16 lena leagtar síos rialacha chun forlíonadh a dhéanamh ar mhír 1 go ~~dtí~~ mír 7 den Airteagal seo, maidir leis na critéir cháilitheachta a léiriú chun maoluithe a fháil, le hinneachar na n-iarratas, agus le hinneachar agus measúnú na gclár chun astaíochtaí sonracha $CO_2$ a laghdú.

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)

9. Déanfar iarratais ar mhaolú, lena n-áirítear an fhaisnéis a thacaíonn leis, fógraí faoi mhír 5, cúlghairm faoi mhír 6 agus aon fhorchur préimhe astaíochtaí iomarcacha faoi mhír 7 agus gníomhartha arna nglacadh de bhun mhír 8, a chur ar fáil go poiblí, ach sin faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin~~[45].

*Airteagal ~~12~~11*

**Éicea~~-~~nuálaíocht**

---

45 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

🡻 333/2014 Airteagal 1.9(a)
⇨ nua

1. Ar iarratas ó sholáthróir nó ó mhonaróir, breithneofar coigiltí $CO_2$ a bhaintear amach trí theicneolaíochtaí nuálacha nó trí roinnt teicneolaíochtaí nuálacha ("pacáistí de theicneolaíochtaí nuálacha") a úsáid.

Ní chuirfear teicneolaíochtaí den sórt sin san áireamh ach amháin má tá an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh orthu in ann torthaí infhíoraithe, in-athdhéanta agus inchomparáide a tháirgeadh.

Féadfaidh suas le 7 g $CO_2$/km a bheith i gceist le rannchuidiú iomlán na dteicneolaíochtaí sin chun laghdú a dhéanamh ar ~~sprioc monaróra i leith astaíochtaí sonracha monaróra~~ ⇨ mheánastaíochtaí sonracha monaróra ⇦.

---

⇩ nua

Féadfaidh an Coimisiún an uasteorainn a choigeartú le héifeacht ó 2025 amach. Féadfar na coigeartuithe sin a dhéanamh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16.

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)
➔1 333/2014 Airteagal 1.9(b)
⇨ nua

2. ➔1Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha mionsonraithe maidir le nós imeachta chun formheas a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nuálacha nó ar na pacáistí de theicneolaíochtaí nuálacha dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ~~14~~15(2) den Rialachán seo. 🡸 Beidh na forálacha mionsonraithe sin bunaithe ar na critéir seo a leanas le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha:

(a) ní mór don soláthróir nó don mhonaróir a bheith cuntasach as coigiltí $CO_2$ a bhaintear amach trí theicneolaíochtaí nuálacha a úsáid;

(b) ní mór rannchuidiú fíoraithe maidir le laghdú $CO_2$ a bheith ann de thoradh ar na teicneolaíochtaí nuálacha;

(c) ní mór nach gcumhdaítear na teicneolaíochtaí nuálacha leis an timthriall caighdeánach tástála chun $CO_2$ a thomhas;

(d) ~~nó~~ ⌦ ní mór na teicneolaíochtaí nuálacha a chumhdach ⌫ le forálacha sainordaitheacha de bharr bearta comhlántacha breise a bheith ann lena gcomhlíontar an laghdú 10 g $CO_2$/km dá dtagraítear in Airteagal 1, ná ní mór nach mbeidh siad sainordaitheach faoi fhorálacha eile de chuid dhlí an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫. ⇨ Le héifeacht ón 1 Eanáir 2025, ní bheidh feidhm ag an gcritéar sin maidir le feabhsuithe éifeachtúlachta i dtaca le córais aerchóiriúcháin. ⇦

| |
|---|
| 🡻 333/2014 Airteagal 1.9(c) |

3. Maidir le soláthróir nó monaróir a dhéanann iarratas go bhformheasfar beart mar theicneolaíocht nuálach, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áirítear tuarascáil fíorúcháin a dhréachtóidh comhlacht neamhspleách deimhnithe. I gcás go bhféadfadh idirghníomhaíocht a bheith ann idir an beart sin agus teicneolaíocht nuálach eile nó pacáiste de theicneolaíochtaí nuálacha eile a formheasadh roimhe seo, luafar an idirghníomhaíocht sin sa tuarascáil agus déanfar meastóireacht sa tuarascáil fíorúcháin ar a mhéid a mhodhnaíonn an idirghníomhaíocht sin an laghdú a bhaintear amach le gach beart ar leith.

| |
|---|
| 🡻 443/2009 |

4. Déanfaidh an Coimisiún an laghdú a bhaintear amach a fhianú ar bhonn na gcritéar atá leagtha amach i mír 2.

| |
|---|
| 🡻 510/2011 (oiriúnaithe) |

*~~Airteagal 12~~*

**~~Éicea-nuálaíocht~~**

| |
|---|
| 🡻 253/2014 Airteagal 1.4(a) (oiriúnaithe) |

~~1. Cuirfear faoi chaibidil coigiltis $CO_2$ a baineadh amach trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha nó as cumasc de theicneolaíochtaí nuálacha ("pacáistí teicneolaíochtaí nuálacha") i gcás go gcuireann soláthraí nó monaróir iarratas isteach air sin.~~

~~Féadfaidh suas le 7 g $CO_2$/km a bheith i gceist le rannchuidiú iomlán na dteicneolaíochtaí sin chun laghdú a dhéanamh ar sprioc monaróra i leith astaíochtaí sonracha monaróra.~~

| |
|---|
| 🡻 253/2014 Airteagal 1.4(b) (oiriúnaithe) |

~~2. Glacfaidh an Coimisiún forálacha sonracha trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme le haghaidh nós imeachta chun na teicneolaíochtaí nuálacha nó na pacáistí teicneolaíochtaí nuálacha dá dtagraítear i mír 1 a cheadú, faoin 31 Nollaig 2012. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2) den Rialachán seo. Beidh na forálacha mionsonraithe sin i gcomhréir leis na forálacha arna mbunú faoi Airteagal 12(2) de Rialachán (CE) Uimh. 443/2009, agus beidh siad bunaithe ar na critéir seo a leanas le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha:~~

↓ 510/2011 (oiriúnaithe)

~~(a) ní mór don soláthróir nó don mhonaróir a bheith cuntasach as coigiltí $CO_2$ a bhaintear amach trí theicneolaíochtaí nuálacha a úsáid;~~

~~(b) ní mór rannchuidiú fíoraithe maidir le laghdú $CO_2$ a bheith ann mar thoradh ar na teicneolaíochtaí nuálacha;~~

~~(c) ní mór nach gcumhdaítear na teicneolaíochtaí nuálacha leis an timthriall caighdeánach tástála chun $CO_2$ a thomhas nó le forálacha sainordaitheacha de bharr bearta comhlántacha breise a bheith ann lena gcomhlíontar an laghdú 10 g $CO_2$/km dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 443/2009, ná ní mór nach mbeidh siad sainordaitheach faoi fhorálacha eile de chuid dhlí an Aontais.~~

~~3. Maidir le soláthróir nó monaróir a dhéanann iarratas go bhformheasfar beart mar theicneolaíocht nuálach, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áirítear tuarascáil fíorúcháin arna dréachtú ag comhlacht neamhspleách deimhnithe. I gcás idirghníomhaíocht ionchasach a bheith ann idir an beart sin agus teicneolaíocht nuálach eile atá formheasta cheana féin, luafar an idirghníomhaíocht sin sa tuarascáil agus déanfar meastóireacht sa tuarascáil fíorúcháin ar a mhéid a mhodhnaíonn an idirghníomhaíocht sin an laghdú a bhaintear amach le gach beart ar leith.~~

~~4. Déanfaidh an Coimisiún an laghdú a bhaintear amach a fhianú ar bhonn na gcritéar atá leagtha amach i mír 2.~~

---

⇩ nua

*Airteagal 12*

***Fíorastaíochtaí $CO_2$ agus fíor-ídiú fuinnimh***

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú ar a ionadaíoch agus atá luachanna na n-astaíochtaí $CO_2$ agus an ídithe fuinnimh arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151 i dtaca le fíordhálaí domhanda. Áiritheoidh sé go mbeidh an pobal ar an eolas faoi aon fhorbairt a thagann ar an ionadaíochas sin le himeacht ama.

2. Chun na críche sin, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh sonraí neamhphearsanta stóinseacha maidir le fíorastaíochtaí $CO_2$ agus fíor-ídiú fuinnimh gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma ar fáil ó mhonaróirí nó ó údaráis náisiúnta, de réir mar a bheidh.

3. Féadfaidh an Coimisiún na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

⬇ 443/2009 (oiriúnaithe)

*Airteagal 13*

**~~Athbhreithniú agus tuarascáil~~ ⌦ $M_0$ agus $TM_0$ a choigeartú ⌫**

~~1. Sa bhliain 2010, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme chur chuige comhtháite an Chomhphobail i ndáil le hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú.~~

⇩ nua

1. Déanfar na figiúir $M_0$ agus $TM_0$ dá dtagraítear i gCuid A agus i gCuid B d'Iarscríbhinn I a choigeartú mar seo a leanas:

⬇ 443/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~2.~~ (a) ~~E~~faoin 31 Deireadh Fómhair ~~2014~~ ⌦ 2020 ⌫, ~~agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, glacfar bearta chun Iarscríbhinn I a leasú~~ le go gcoigeartófar an figiúr $M_0$ ~~dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin~~ ⌦ i bpointe 1 go pointe 5 de Chuid A d'Iarscríbhinn I ⌫ do mheánmhais na ngluaisteán nua paisinéirí ⇨ i riocht feidhmithe ⇦ sna trí bliana féilire roimhe sin, ⇨ 2017, 2018 agus 2019. Beidh feidhm ag an luach nua $M_0$ sin amhail ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Eanáir 2024; ⇦

⇩ nua

(b) faoin 31 Deireadh Fómhair 2022, déanfar an figiúr $M_0$ i bpointí 1 go 5 de Chuid B d'Iarscríbhinn I a choigeartú go dtí meánmhais na bhfeithiclí éadroma tráchtála nua i riocht feidhmithe sna trí bliana féilire roimhe sin, mar atá 2019, 2020 agus 2021. Beidh feidhm ag an $M_0$ nua sin in 2024;

(c) faoin 31 Deireadh Fómhair 2022 cinnfear an $TM_0$ táscach le haghaidh 2025 mar mheánmhais tástála ábhartha gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua in 2021;

(d) faoin 31 Deireadh Fómhair 2024, agus gach dara bliain ina dhiaidh sin, déanfar na figiúirí $TM_0$ i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I a choigeartú go dtí meánmhais tástála ábhartha gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua sa dhá bhliain féilire roimhe sin ó 2022 agus 2023 amach. Beidh feidhm ag an $TM_0$ ábhartha nua amhail ón 1 Eanáir den bhliain féilire tar éis dháta an choigeartaithe.

⬇ 443/2009

~~Beidh éifeacht leis na bearta sin den chéad uair an 1 Eanáir 2016 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.~~

⬇ 333/2014 Airteagal 1.10(a) (oiriúnaithe)

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, na bearta ~~sin~~ ⌦ dá dtagraítear i mír 1 ⌫ i gcomhréir le hAirteagal 16~~14a~~.

⬇ 510/2011

*Airteagal ~~13~~ 14*

**Athbhreithniú agus tuarascáil**

⇩ nua

1. In 2024, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i dtaobh a éifeachtaí agus atá an Rialachán seo, nuair is iomchuí, agus beidh ag gabháil léi togra maidir leis an Rialachán a leasú. Sa tuarascáil sin, déanfar a ionadaíoch agus atá luachanna na n-astaíochtaí $CO_2$ agus an ídithe fuinnimh arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151, úsáid feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha ar mhargadh an Aontais agus cur i bhfeidhm bonneagair athluchtúcháin agus athbhreoslúcháin arna thuairisciú faoi Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], déanfar an t-ionadaíochas sin a mheas, *inter alia*, i dtaca le fíordhálaí domhanda.

⬇ 253/2014 Airteagal 1.5(a) (oiriúnaithe)

~~1. Faoin 31 Nollaig 2015, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na spriocanna sonracha astaíochta agus na rialacha mionsonraithe atá leagtha amach ann chomh maith le gnéithe eile den Rialachán seo d'fhonn spriocanna astaíochtaí $CO_2$ a bhunú le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma nua don tréimhse tar éis 2020. Ar mhaithe le sin, beidh an measúnú ar an ráta laghdaithe is gá i gcomhréir le spriocanna aeráide fadtéarmacha an Aontais agus leis na himpleachtaí maidir le teicneolaíocht chostéifeachtach do laghdú $CO_2$ a fhorbairt do fheithiclí tráchtála éadroma. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus beidh toradh an athbhreithnithe sin inti. Áireofar san tuarascáil sin aon tograí iomchuí le haghaidh leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo, lena n-áirítear an deis a d'fhéadfadh a bheith ann sprioc réalaíoch agus indéanta a leagan síos,~~

[46] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).

bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach tionchair lena ndéanfar iomaíochas leanúnach thionscal na bhfeithiclí tráchtála éadroma a mheas agus na tionscail a bhraitheann air. Agus tograí den sórt sin á bhforbairt, áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil siad chomh neodrach agus is féidir ó thaobh iomaíochta de, cothrom ó thaobh cúrsaí sóisialta de agus inbhuanaithe.

---

| ➔ 510/2011 (oiriúnaithe) |
|---|

2. Déanfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin mbliain 2014 chun feithiclí chatagóirí $N_2$ agus $M_2$, arna sainmhíniú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE, ar feithiclí iad a bhfuil mais tagartha nach mó ná 2610 kg acu agus feithiclí ar leathnaíodh cineál-cheadú chucu leo i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 a áireamh sa Rialachán seo, d'fhonn an sprioc fhadtéarma a bhaint amach ón mbliain 2020 ar aghaidh.

3. Déanfaidh an Coimisiún, faoin mbliain 2014, tar éis measúnú tionchair a dhéanamh, tuarascáil a fhoilsiú maidir le hinfhaighteacht na sonraí i leith an loirg agus an phálasta, agus maidir lena n-úsáid mar pharaiméadair fhóntais chun spriocanna i leith astaíochtaí sonracha a chinneadh agus, más iomchuí, cuirfidh sé togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun Iarscríbhinn I a leasú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

5. Faoin 31 Deireadh Fómhair 2016, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn I a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, i gcomhréir le hAirteagal 15, agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16 agus in Airteagal 17, chun an figiúr $M_0$, dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a choigeartú do mheánmhais feithiclí tráchtála éadroma nua sna 3 bliana féilire roimhe sin.

Beidh éifeacht leis na coigeartuithe sin den chéad uair an 1 Eanáir 2018 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin.

4. Faoin 31 Nollaig 2011, cuirfidh an Coimisiún nós imeachta ar bun chun luachanna ionadaíocha astaíochtaí $CO_2$, barainneachta breosla agus mhais na bhfeithiclí críochnaithe a fháil, agus á áirithiú ag an am céanna go bhfuil rochtain thráthúil ag monaróir na bonnfheithicle ar mhais agus ar astaíochtaí sonracha $CO_2$ na feithicle críochnaithe.

6. Déanfaidh an Coimisiún feithiclí tráchtála éadroma a áireamh san athbhreithniú ar na nósanna imeachta chun astaíochtaí $CO_2$ a thomhas i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 443/2009.

Déanfaidh an Coimisiún feithiclí tráchtála éadroma a áireamh san athbhreithniú ar Threoir 2007/46/CE i gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Rialachán (CE) Uimh. 443/2009.

---

| ➔ 443/2009 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

32. Ón mbliain 2012 ar aghaidh, déanfaidh ⇨ Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na measúnuithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 12 agus féadfaidh sé, más iomchuí, ⇦ an Coimisiún measúnú tionchair d'fhonnathbhreithniú a dhéanamh, faoin mbliain 2014, mar a fhoráiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007, ar na nósanna imeachta chun astaíochtaí $CO_2$ a thomhas mar a leagtar amach iad faoin Rialachán sin ⌦ i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ⌫. Déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, tograí iomchuí chun na nósanna imeachta sin a oiriúnú le go dtabharfar léiriú leordhóthanach ar ⇨ fhíordhálaí domhanda ⇦ fhíor-iompraíocht na ngluaisteán ⌦ agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma ⌫

maidir le hastaíochtaí $CO_2$. ~~agus le go gcuimseofar na teicneolaíochtaí nuálacha formheasta, mar a shainmhínítear in Airteagal 12 iad ar teicneolaíochtaí iad a bhféadfaí léiriú a thabhairt orthu sa timthriall tástála~~. ~~Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar athbhreithniú go tráthrialta ina dhiaidh sin ar na nósanna imeachta sin.~~

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)

~~4. Faoin mbliain 2010, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Threoir 2007/46/CE chun go bhfreagróidh gach cineál/athraitheach/leagan do shraith uathúil teicneolaíochtaí nuálacha.~~

---

🡻 333/2014 Airteagal 1.10(c) (oiriúnaithe)

~~5. Faoin 31 Nollaig 2015, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha agus ar na rialacha mionsonraithe a leagtar amach anseo, agus ar ghnéithe eile an Rialacháin seo freisin, lena n-áirítear an bhfuil gá a thuilleadh le paraiméadar an fhóntais agus cibé acu mais nó lorg atá níos inbhuanaithe mar pharaiméadar fóntais, d'fhonn na spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ a bhunú do ghluaisteáin nua phaisinéirí don tréimhse tar éis 2020. Ar mhaithe le sin, beidh an measúnú ar an ráta laghdaithe is gá i gcomhréir le spriocanna aeráide fadtéarmacha an Aontais agus leis na himpleachtaí maidir le teicneolaíocht chostéifeachtach do laghdú $CO_2$ a fhorbairt do ghluaisteáin. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus beidh toradh an athbhreithnithe sin inti. Áireofar san tuarascáil sin aon tograí iomchuí le haghaidh leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo, lena n-áirítear an deis a d'fhéadfadh a bheith ann sprioc réalaíoch agus indéanta a leagan síos, bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach tionchair lena ndéanfar iomaíochas leanúnach an tionscail gluaisteán agus na dtionscal atá spleách air a mheas. Agus tograí den sórt sin á bhforbairt, áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil siad chomh neodrach agus is féidir ó thaobh iomaíochta de, cothrom ó thaobh cúrsaí sóisialta de agus inbhuanaithe.~~

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)

~~6. Tar éis measúnú tionchair a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún, faoin mbliain 2014, tuarascáil a fhoilsiú maidir le hinfhaighteacht na sonraí i leith an loirg, agus maidir lena úsáid mar pharaiméadar fóntais chun spriocanna i leith astaíochtaí sonracha a chinneadh agus, más iomchuí, cuirfidh sé togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun Iarscríbhinn I a leasú.~~

---

🡻 333/2014 Airteagal 1.10(d) (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~7~~ 3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maidir leis na paraiméadair chomhghaoil is gá, chun an t-athrú ar nós imeachta na tástála rialála a léiriú ~~d'fhonn léiriú a thabhairt ar aon athrú ar an nós imeachta tástála rialála~~ maidir le

hastaíochtaí sonracha $CO_2$ dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus i Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ⇨ agus, más infheidhme, i Rialachán (AE) 2017/1151 ⇦ a thomhas. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ~~14~~15(2) den Rialachán seo.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal ~~14a~~16 d'fhonn na foirmlí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur in oiriúint, agus leas á bhaint as an modheolaíocht a ghlacfar de bhun na chéad fhomhíre, agus é á áirithiú go mbeidh ceanglais maidir le laghdú a dhéanamh atá chomh dian céanna de dhíth ar mhonaróirí agus ar fheithiclí le fóntas difriúil faoi na sean-nósanna imeachta tástála agus na nósanna imeachta tástála nua.

---

| ↓1 253/2014 Airteagal 1.5(b) |
|---|

~~Cinnfidh an Coimisiún, de bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na paraiméadair chomhghaoil a mbeidh gá leo chun go léireofar aon athrú sa nós imeachta rialála le haghaidh na n-astaíochtaí sonracha dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus i Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún[47] a thomhas. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2) den Rialachán seo.~~

~~Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligean a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15, agus, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16 agus in Airteagal 17, chun na foirmlí atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a chur in oiriúint, ag baint leasa as an modheolaíocht a glacadh de bhun na chéad míre, agus áiritheoidh sé i gcomhthráth go gceanglófar ceanglais laghdaithe, faoi na nósanna imeachta tástála idir sean is nua, ar ceanglais iad a bheidh ar chomhdhéine le haghaidh monaróirí agus le haghaidh feithiclí a mbaintear úsáid éagsúil astu.~~

---

| ↓ 333/2014 Airteagal 1.11 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

*Airteagal 15~~14~~*

**An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste ~~um Athrú Aeráide~~ ⌦ Aontais Fuinnimh ⌫ a bhunaítear le [hAirteagal ~~9~~37] de ~~Chinneadh Uimh. 280/2004/CÉ~~ ⌦ [Rialachán Uimh. (EU) […]] ⌫ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle~~[48]~~ ⇨ [49] ⇦ cúnamh don Choimisiún. Beidh an

---

[47] ~~Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 692/2008 an 18 Iúil 2008 lena gcuirtear i bhfeidhm agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 199, 28.7.2008, lch. 1).~~

[48] ~~Cinneadh Uimh. 280/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le sásra chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de Chuid An Chomhphobail agus maidir le Prótacal Kyoto a chur chun feidhme (IO L 49, 19.2.2004, lch. 1).~~

[49] Rialachán (AE) Uimh. [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh (IO L …,…).

coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50].

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

🡻 510/2011 (oiriúnaithe)

*~~Airteagal 14~~*

**~~An nós imeachta Coiste~~**

~~1. Déanfaidh an Coiste um Athrú Aeráide, arna bhunú le hAirteagal 9 de Chinneadh Uimh. 280/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le sásra chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de Chuid An Chomhphobail agus maidir le Prótacal Kiótó a chur chun feidhme[51], cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Tá an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.~~

~~2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.~~

---

🡻 253/2014 Airteagal 1.6 (oiriúnaithe)

~~2a. I gcás nach dtugann an coiste dá dtagraítear i mír 1 aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.~~

---

🡻 333/2014 Airteagal 1.12 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal ~~14a~~ 16*

**An tarmligean a fheidhmiú**

~~1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.~~

~~2~~1. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 7(7)~~8(9)~~, in Airteagal ~~11~~10(8), sa ⇨ cheathrú fomhír d'Airteagal 11(1) ⇦ ~~tríú fomhír~~ d'Airteagal 13(2) agus sa dara fomhír

---

50 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

51 ~~IO L 49, 19.2.2004, lch. 1.~~

d'Airteagal ~~13(7)~~ 14(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann ~~tréimhse cúig bliana amhail ón 8 Aibreán 2014~~ ⇨ tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ⇦ . ~~Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.~~

~~3~~2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 7(7), in Airteagal ~~11~~10(8), sa ⇨ cheathrú fomhír d'Airteagal 11(1), ⇦ ~~tríú fomhír d'~~in Airteagal 13(2) agus sa dara fomhír d'Airteagal ~~13(7)~~14(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana ~~féin~~.

~~4~~ 3. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ~~ina leith an tráth céanna~~faoi.

~~5~~ 4. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an dara fomhír d'Airteagal 7(7) ~~8(9)~~, Airteagal ~~11~~10(8), an ⇨ ceathrú fomhír d'Airteagal 11(1) , ⇦~~tríú fomhír d'~~Airteagal 13(2) agus an dara fomhír d'Airteagal ~~13(7)~~ 14(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná~~ó~~ ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh ~~dheireadh~~⌦ dhul in éag ⌫ na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

🡻 510/2011 (oiriúnaithe)

~~1. Maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 8(9), in Airteagal 11(7), in Airteagal 13(5) agus sa cheathrú fomhír d'Airteagal 13(6) a ghlacadh, tabharfar don Choimisiún í go ceann tréimhse 5 bliana ón 3 Meitheamh 2011. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an gcumhacht tharmligthe a tharraingt suas tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana sin. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go huathoibríoch i gcomhair tréimhsí comhfhaid, mura rud é go ndéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm i gcomhréir le hAirteagal 16.~~

~~2. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.~~

~~3. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16 agus in Airteagal 17 a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.~~

~~*Airteagal 16*~~

~~**An tarmligean a chúlghairm**~~

~~1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 8(9), in Airteagal 11(7), in Airteagal 13(5) agus sa cheathrú fomhír d'Airteagal 13(6) a chúlghairm aon tráth.~~

~~2. Féachfaidh an institiúid a bheidh tar éis tús a chur le nós imeachta inmheánach chun a chinneadh an gcúlghairfear tarmligean cumhachta le fógra ina leith sin a thabhairt don institiúid eile agus don Choimisiún laistigh de thréimhse réasúnach sula ndéantar an cinneadh críochnaitheach, agus luafaidh sí an chumhacht tharmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir a cúlghairme agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an gcúlghairm.~~

~~3. Maidir leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfidh sé deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis láithreach nó ar dháta is déanaí a bheidh sonraithe ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.~~

~~*Airteagal 17*~~

~~**Agóidí i gcoinne gníomhartha tarmligthe**~~

~~1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe laistigh de thréimhse 2 mhí ón dáta a thugtar an fógra.~~

~~Ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle, déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí.~~

~~2. Más rud é, nuair a rachaidh an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 in éag, nach mbeidh agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle i gcoinne an ghnímh tharmligthe, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta a bheidh luaite ann.~~

~~Féadfar an gníomh tarmligthe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm sula rachaidh an tréimhse sin in éag, más rud é go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas nach bhfuil sé ar intinn acu agóidí a dhéanamh.~~

~~3. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid i gcoinne gnímh tharmligthe laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 1, ní thiocfaidh an gníomh sin i bhfeidhm. Luafaidh an institiúid a dhéanann agóid na cúiseanna leis an agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe.~~

---

⇩ nua

*Airteagal 17*

**Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007**

Cuirfear an tAirteagal 11a seo a leanas isteach i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007:

*"Airteagal 11 a*

**Comhréireacht inseirbhíse astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla**

1. Faoi réir ghlacadh agus theacht i bhfeidhm na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 2, fíoróidh na húdaráis cineálcheadaithe, ar bhonn samplaí iomchuí agus ionadaíoch, go bhfuil feithiclí a tháinig isteach i seirbhís agus dár dtug siad cineálcheadú, go bhfuil na feithiclí sin i gcomhréir le luachanna astaíochta $CO_2$ agus ídithe breosla atá ar taifead sna deimhnithe comhréireachta.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 15 chun na nósanna imeachta maidir le comhréireacht inseirbhíse feithiclí saothair éadroma a fhíorú maidir leis na luachanna deimhnithe $CO_2$ agus ídithe breosla."

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)

*Airteagal ~~15~~ 18*

**Aisghairm**

~~Aisghairfear Cinneadh Uimh. 1753/2000/CE le héifeacht ón 1 Eanáir 2010.~~

~~Leanfaidh Airteagal 4, Airteagal 9 agus Airteagal 10 den Chinneadh sin d'fheidhm a bheith acu, áfach, go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar na sonraí faireacháin don bhliain féilire 2009 a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.~~

---

⇩ nua

Déanfar Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn V.

---

🡻 443/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal ~~16~~ 19*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ~~tríú~~ ⌦ fichiú ⌫ lá tar éis ⌦ lá ⌫ a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⇨Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2020. ⇦

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ A BHFUIL IMPLEACHT BHUISÉADACH ACU ATÁ TEORANTA GO hEISIACH DON IONCAM**

**1. AINM AN TOGRA:**

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú (athmhúnlú).

**2. LÍNTE BUISÉID:**

Caibidil agus Airteagal: Caibidil 71 den bhuiséad – Fíneálacha agus pionóis, Mír buiséid 7 1 9 1 – Fíneálacha agus íocaíochtaí eile pionóis nach bhfuil sannta

An méid arna bhuiséadú don bhliain atá i gceist: p.m. (féach Roinn 5)

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS**

☐ Níl aon impleachtaí airgeadais ag an togra

☑ Níl aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach tá tionchar airgeadais aige ar ioncam – mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

(EUR milliún go dtí pointe deachúil amháin)

| | |
|---|---|
| Líne buiséid | Ioncam[52] |
| Caibidil 71 den bhuiséad – Fíneálacha agus pionóis, Mír buiséid 7 1 9 1 – Fíneálacha agus íocaíochtaí eile pionóis nach bhfuil sannta | p.m. (féach Roinn 5) |

**4. BEARTA FRITH-CHALAOISE**

Sa bhreis ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais chun calaois agus neamhréireachtaí a chosc, déanfar rialú cáilíochta agus fíorú ar na sonraí arna gcur isteach mar chuid den nós imeachta bliantúil faireacháin agus tuairiscithe.

**5. BARÚLACHA EILE**

I gcomhréir le hAirteagal 8 den togra, forchuirfidh an Coimisiún préimh astaíochtaí iomarcacha ar an monaróir nó, i gcás linne, ar bhainisteoir na linne, i gcás ina dtéann meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra thar a sprioc i leith astaíochtaí sonracha. Tá an nós

[52] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra, dleachtanna custaim), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte díobh.

imeachta sin i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 443/2009[53] agus le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 510/2011[54] atá i bhfeidhm faoi láthair agus atá le cumasc agus a bhfuil reachtaíocht nua le cur ina n-ionad. Le Cinneadh 2012/100/AE[55] ón gCoimisiún agus Cinneadh 2012/99/AE[56] ón gCoimisiún, bunaítear na modhanna maidir leis na préimheanna astaíochtaí iomarcacha a bhailiú.

De bharr nach mbeidh ioncam ann ach i gcás ina sáróidh monaróir a sprioc i leith astaíochtaí sonracha, ní féidir a thuar an mbeidh ioncam ann agus, más ann dó, méid an ioncaim sin a chinneadh.

53 http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02009R0443-20150127
54 http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02011R0510-20140514
55 http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1508754149851&uri=CELEX:32012D0100
56 http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1508754231760&uri=CELEX:32012D0099